

Tuarascáil Bhliantúil 2021



**Todhchaí
d'fhuinneamh glan
a chruthú d'Éirinn**



Is í an fhís atá againn ná
fuinneamh na hÉireann a
bheith inbhuanaithe, slán,
inacmhainne agus glan



CLÁR NA NÁBHAR

Ráiteas an Chathaoirligh	2
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh	4
Foireann Fheidhmiúcháin Nua ÚFIÉ	6
Éachtaí in 2021	8

Ár dTionchar

Iarfheistiú Náisiúnta	12
Gnó, an Earnáil Phoiblí agus Iompar	16
Léargas Taighde agus Beartais	23
Feidhmeanna tarmligthe	26
Buaicphointí 2021	28

Rialachas

Tuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh	32
Freagracht Chorporáideach Shóisialta ag ÚFIÉ	34
Rialachas Corporáideach	36
Tuarascáil Riosca ÚFIÉ	40

Airgeadas

Ráiteas um Rialachas agus Tuarascáil Bhaill an Bhoird	44
Bord ÚFIÉ	46
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	52
Tuarascáil Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	54
Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	56
Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach	57
Ráiteas ar an Staid Airgeadais	58
Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid	59
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	60





Ráiteas an Chathaoirligh

Is fíric dosheachanta é go bhfuil aeráid ár ndomhan ag éirí níos teo agus níos teo ó bhliain go bliain, agus go bhfuil fianaise ar na hiarmhairtí uafásacha a bhaineann le hathrú aeráide - ar dhaoine, ar phobail agus ar éiceachórais - ag dul i méid. Ní raibh an bhliain 2021 difriúil.

Leanann carnadh na n-astaíochtaí carbóin inár n-atmaisféar ag méadú go neamh-inbhuanaithe, chomh mór sin go bhfuil sé ina bagairt eiseach don domhan mar is eol dúinn é. I gcomhthéacs an chúlra sin, réachtáladh COP26 i nGlaschú i mí Dheireadh Fómhair 2021, inar tháinig ceannairí polaitiúla agus gnó, eolaithe, gníomhaithe agus saoránaigh domhanda le chéile, agus an comhchuspóir acu '1.5°C a choinneáil Beo'. Ag COP26 thángthas ar chomhaontú ginearálta ar 'The Glasgow Climate Pact', ina bhfuil beagnach 200 tír tiomanta do ghníomhaíocht aeráide a bhrostú ar fud na réimsí Maolaithe, Oiriúnaithe, Airgeadais agus Comhoibrithe. Is é conclúid ó COP26 ná go bhfuil an sprioc de 1.5°C fós indéanta, má dhéanann gach tír an méid a gheall siad a sheachadadh.

I spiorad an chomhoibrithe dhomhanda seo tá Éire ag imirt a róil, agus is mór an t-ábhar misnigh dom an phráinn mhéadaíthe um beartas náisiúnta fuinnimh inbhuanaithe nach raibh riamh ní ba phráinní. In 2021 foilsíodh an Plean Gnímh don Aeráid, agus síníodh an tAcht um Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbartha Ísealcharbóin (Leasú) ina dhíl, rud a thug leis na buiséid charbóin earnálacha dhochraideacha nach mór cloí leo. Déanann na buiséid seo an Plean Gnímh don Aeráid a dhí-chomhbhailiú ionas gur féidir dul chun cinn bliantúil agus earnálach i dtreo spriocanna 2030 a thomhas agus a bhainistiú. Tá fianaise bhreise ar thromchúis an ghealltanais seo le feiceáil leis na buiséid a bhfuil méadú mór tagtha orthu agus atá á leithdháileadh ar Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus a chuid clár.

Tá tacaíocht iomlán faighte ag an ÚFIÉ ónár máthair-Roinn agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun líon na foirne a mhéadú go beagnach 250 faoi 2023.

Ba í an chéad chéim mhór san fhás agus san atheagrú sin ceithre stiúrthóireacht a bhunú agus ceathrar stiúrthóirí nua a cheapadh in 2021. Mar gheall air seo, mar aon le ceapachán buan-POF nua agus na chéad chéimeanna d'earcú foirne ar fud na ngrád agus na ndisciplíní go léir, feictear an ÚFIÉ teacht chun bheith ina eagraíocht go tapa a bhfuil an doimhneacht agus an fairsinge scileanna agus taithí aici chun na hionchais atá ag ár ngeallsealbhóirí a chur chun cinn agus a sheachadadh. Ag an am céanna, díreimid i gcónaí ar sheachadadh éifeachtach agus éifeachtúil agus ar luach a uasmhéadú don sparán poiblí.

Má bhí gné amháin dár n-aistriú fuinnimh inbhuanaithe a bhí níos soiléire in 2021 ná aon ghné eile, ní mór é sin a iarfheistiú. Agus go deimhin, is é sin an cás go dtí seo in 2022. Is é iarfheistiú baile an sprioc is suntasaí go poiblí sa Phlean Gnímh don Aeráid – is é sin 500,000 BER uasghrádú fuinnimh tí B2. In 2021, chuir an ÚFIÉ acmhainní suntasacha i bhfeidhm chun an tairiscint seirbhíse a fhorbairt mar Ionad Ilfhreastail, a seoladh ar deireadh i mí Feabhra na bliana seo. Is iad na príomhbhuntaistí a bhaineann leis an tseirbhís seo d'úinéirí tí ná an stró laghdaithe, deontais níos flaitiúla, agus riachtanais maoinithe níos ísle. Mar sin féin, is é an príomh- chumasóir do rathúlacht fadtéarmach an comhaontú don ÚFIÉ chun gealltanais deontais ilbhliantúla a chur ar fáil do na soláthraithe seirbhíse. Cuirfidh sé seo ar fáil cinnteacht agus leanúnachas i dtimpeallacht a bhí luaineach roimhe seo. Le seoladh an Phlean Náisiúnta Iarfheistithe – arna thacú ag prionsabail na cothroime, na uilíochta, an chustaiméara-lárnaithe, barmhaitheasa agus faoi stiúir tionscail – léirítear an chruthaitheacht agus an tóir ar réitigh nuálaíochta a léiríonn paisean an ÚFIÉ i leith na spriocanna uaillmhanacha a bhaint amach i ngach gné den Phlean Gnímh don Aeráid.

Ar ndóigh, tá, agus beidh, dúshlán fós ar an mbealach. Tá taithí againn cheana féin le linn tréimhsí in 2020 agus 2021 gur cuireadh stop leis an obair iarfheistithe beagnach iomlán mar gheall ar an bpaindéim. Mar thoradh air seo tá éileamh breise ar ár scéim Tithe Níos Teo, atáimid ag obair go dian chun é a mhaolú. B'fhéidir go raibh tionchar dearfach amháin ag éirí as an gcéad bhliain den phaindéim, má d'fhéadfaí a mheas mar sin: a thionchar ar úsáid fuinnimh. Agus an geilleagar faoi ghlas go substaintiúil le roinnt míonna anuas, tháinig laghdú suntasach ar úsáid fuinnimh iompair agus ar na hastaíochtaí carbóin a bhain leis. Thug sé seo taithí phearsanta dúinn ar cad a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun laghdú amháin de 7% ar astaíochtaí bliantúla a bhaint amach. Thaispeáin sé dúinn freisin, le práinne agus toilteanas leordhóthanach, go bhfuil comhiarracht ar fhuinneamh indéanta agus éifeachtach araon.

Mar sin féin, ní mhair na gnóthachain ró-fhada. Léiríonn Comhardú Fuinnimh Eatramhach do 2021 a d'fhoilsigh an ÚFIÉ le déanaí go bhfuil an téarnamh iar-Covid-19 – cé go gcuirtear fáilte roimhe ann féin – tar éis filleadh beagnach iomlán ar na laghduithe fuinnimh céanna sin.

Spreag sé freisin méaduithe suntasacha i bpragsanna fuinnimh de réir mar a mhéadaigh an t-éileamh. B'fhéidir go léiríonn sé seo níos mó ná rud ar bith nach bhfuilimid, mar shochaí, cinnte fós faoi phráinn mhór na géarchéime aeráide. Léirigh an Comhardú Fuinnimh Eatramhach do 2021 freisin idirghníomhú casta chóras fuinnimh na hÉireann. Tháinig méadú suntasach ar dhéine charbóin de ghiniúint leictreachais mar thoradh ar infhaighteacht níos ísle gaoithe agus hidreafluineamh, mar aon le briseadh gan choinne ar acmhainn giniúna gáis.

Farao freisin, i mí Feabhra 2022 chonacthas ionradh na Rúise ar an Úcráin. Tá an tubaiste gheopholaitiúil seo tar éis bheith mar chúis leis an oiread sin báis, scriosta agus díláithrithe daoine, agus spreag sé freisin fíor-imní faoi shlándáil an tsoláthair fuinnimh go hidirnáisiúnta. I gcomhthéacs an Phlean Náisiúnta Iarfheistithe, is cúis le tionchar an téarnaimh iar-Covid agus tá an cogadh san Úcráin mar chúis le himní maidir le soláthar agus praghas ábhar, agus boilsciú pragsanna go ginearálta. Ag glacadh le dearcadh níos fadtéarmaí, agus íogair dóibh siúd atá ag fulaingt is mó san Úcráin, is cóir a rá go bhfuil an ghéarchéim seo tar éis teacht chun bheith ina chatalaíoch d'aistriú fuinnimh inbhuanaithe na hEorpa. Mar gheall ar mhian chun stop a chur le hallmhairiú breoslaí ón Rúis, chomh maith le eagla go bhféadfadh stop teacht ar shreafaí am ar bith, rud a chiallaíonn go bhfuil an AE ag athdúbailt a iarrachtaí chun a spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú. Ar dtús b'fhéidir go gciallódh sé seo soláthairtí malartacha a lorg ó dhlínsí eile, ach san fhadtéarma ciallaíonn sé bogadh ar shiúl ó bhreoslaí iontaise sa todhchaí, i bhfabhar foinsí in-athnuaite mar ghaoth, gréine, hidreafluineamh agus tonnta.

Ag féachaint don todhchaí, aithnítear i Staidéar Náisiúnta Teasa an ÚFIÉ a d'fhoilsigh an ÚFIÉ le déanaí an deis atá ann d'aistriú fuinnimh ghlan na hÉireann má éiríonn linn ár gcóras leictreachais a dhícharbónú go substaintiúil, go príomha trí chodanna substaintiúla dár bpunann teasa a leictriú. Má táimid le cearnóg a chur leis an gciorc seo, agus ár n-earnáil iompair á dhícharbónú againn freisin, ní mór dúinn imscaradh ollmhór agus fairsinge a bhaint amach de ghiniúint leictreachais in-athnuaite i bhfoirm gaoithe ar an gcladach agus amach ón gcósta, agus ar scála fónais gréine. Teastaíonn beartais thacúla, próisis phleanála agus toilithe éifeachtúla agus

b'fhéidir glacadh leathan sochaíoch ar bhonn náisiúnta, rud is tábhachtaí dá bharr. Ní leor a thuilleadh a bheith ag iarraidh trasdul fuinnimh glan; caithfidh go léir tacú leis.

Ciallaíonn scála méadaitheach eagraíocht an ÚFIÉ agus a buiséad go bhfuil Rialachas láidir trédhearcach níos tábhachtaí ná riamh. Maidir leis seo choinnigh an ÚFIÉ a dheimhniú Swift3000 agus leanfaidh sé ag dul sa tóir ar na caighdeáin rialachais is airde ina cuid oibre go léir. Tuigimid freisin an gá atá le scála mór agus tapa a dhéanamh dár gcuid clár, rud a fhágann go mbeidh rochtain éasca ag gach úsáideoir fuinnimh orthu. Agus an chothromaíocht cheart á bhaint amach, beimid ar an airdeall i gcónaí nach gcuirfí seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí i gcontúirt ag maorlathas nach gcuireann aon luach rialachais leis.

Tá an t-ádh dearg orainn ag an ÚFIÉ go bhfuil caidreamh oibre chomh dlúth agus chomhoibríteach againn leis an Aire Eamonn Ryan agus a chuid oifigeach sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus sa Roinn Iompair. Táimid buíoch as a dtacaíocht leanúnach gan stad inár n-iarrachtaí go léir. Tá ár gcurchuige comhoibríoch mar bhonn agus mar thaca ag ceapadh beartais láidir agus lena chur chun feidhme éifeachtach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar Bhord an ÚFIÉ a ghlac le scála an ÚFIÉ atá ag méadú de shíor agus na dúshláin rialachais a ghabhann leis, agus a leanann ar aghaidh ag léiriú tiomantas iontach don fhís agus do na luachanna atá á lorg ag an Údarás.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil arís le foireann an ÚFIÉ as a dtiomantas agus a ndíogras leanúnach le bliain anuas, agus as a rannpháirtíocht dhearfach agus réamhghníomhach leis na hathruithe atá ar bun, athruithe a chumasóidh an Údarás chun a shainordú a sheachadadh go hiomlán. Chonaiceamar roinnt imeachtaí stairiúla atá ag athrú go domhanda le dhá bhliain anuas. Táim dóchasach go bhfuilimid chomh maith ag casadh stairiúil maidir le fuinneamh inbhuanaithe in Éirinn. Ach, táim cinnte d'ullmhacht, toilteanas agus díograis fhoireann agus lucht bainistíochta an ÚFIÉ chun réabhlóid fuinnimh inbhuanaithe na hÉireann a threorú amach anseo.



Dermot Byrne

Cathaoirleach
Bord an ÚFIÉ

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Tar éis dom oibriú in Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ó 2013, ba mhór an onóir agus an-áthas dom a bheith ceaptha do Bhord an ÚFIÉ mar Phríomhfheidhmeannach go luath in 2021. Tá fíorchuspóir ag baint le misean an ÚFIÉ, tá a bhaill foirne thar a bheith páiseanta faoina gcuid oibre, agus tá deis uathúil aige tionchar a bheith aige ar ár dtodhchaí fuinnimh. Nuair a tháinig an deis chun an obair seo a threorú in 2021, bhraith mé nach mbeadh aon phost níos fearr ann ar domhan.

Féadtar a rá gur thosaigh 2021 arís ag an áit ar tháinig deireadh le 2020 deireadh leis. Bhí an domhan i gcroílár na paindéime leanúnaí agus bhí an ÚFIÉ, cosúil le formhór na n-eagraíochtaí in Éirinn, ag obair ón mbaile. Mar sin leanadh leis na comhdhúshláin a bhaineann le seachadadh cláir éifeachtach agus éifeachtúil agus ag an am céanna sláinte agus folláine na foirne go léir a chosaint. Más rud é gurb í foghlaim de bhealaí nua oibre a bhí i gceist le 2020, bhí beachtú na bealaí oibre i gceist le 2021 chun iad a dhéanamh níos fearr fós, agus chun fanacht dóchasach don todhchaí.

Fiú le linn na paindéime, tá sé ríshoiléir go bhfuil móiminteam ann agus go bhfuil fonn ann d'athrú i measc lucht gnó, na hearnála poiblí, pobail, sealbhóirí tí, agus úinéirí feithiclí. Tagann sé seo ag tréimhse ríthábhachtach toisc gurb dúshlán gan fasach atá romhainn. Ní bhainfidimid ár spriocanna amach ná ní dhéanfimid ár gcion náisiúnta don aidhm dhomhanda maidir leis an téamh a theorannú go 1.5°C, mura bhainfidimid laghdúithe astaíochta marthanacha bliain ar bhliain amach. Is é ár n-uailmhian thar na deich mbliana atá romhainn ná dul i bhfad níos airde ná na rátaí athraithe a baineadh amach roimhe seo. Ní mór d'Éirinn aistriú go mór ó úsáid breosla iontaise le haghaidh leictreachais, teasa agus iompair.

In ainneoin na ndúshlán a bhain leis an bpaindéim, bhí sainordú soiléir ag an ÚFIÉ chun spriocanna cláir bhliantúla a sheachadadh go cuimsitheach. I go leor cásanna, bhí an seachadadh gan uaim agus ní dheachaigh an phaindéim i bhfeidhm air. Tríd is tríd, sheachaid an ÚFIÉ infheistíocht Rialtais de €196 milliún in aistriú fuinnimh inbhuanaithe na hÉireann, an méid is mó riamh i mbliain thar barr in ainneoin na ndúshlán suntasach a bhí ann. Dá bharr, tá níos mó ná 11,300 teach níos compordaí agus níos éifeachtaí, tá 13,400 EV níos mó in úsáid, tá níos mó ná 600 pobal ag pleanáil a n-aistriú fuinnimh ghlan féin, tá éifeachtacht fuinnimh na hearnála poiblí níos mó ná 30%, agus tá na mílte gnólachtaí níos iomaíche.

Dúshlán suntasach amháin in 2021 ab ea glasáil na hearnála tógála ar feadh roinnt míonna a chuir iallach orainn stop a chur lenár gcláir uasghrádaithe fuinnimh tí. Nuair a cuireadh deireadh le srianta, chuir an t-éileamh méadaithe ar fud na hearnála tógála, mar aon le cailteanas soiléir acmhainne san earnáil le linn na paindéime, bac ar théarnamh tapa. Ní raibh luas na n-oibreacha inár gcláir chuig téarnamh tapa, ach agus mé á scríobh seo, b'fhéidir go bhfuilimid ag druidim le gnáthacmhainneacht. Ar an drochuair, bhí sé seo mar chúis le méadú freisin ar liostaí feithimh ar sheirbhísí do líonta tí atá i mbaol ó thaobh fuinnimh de. Tá roinnt beart déanta againn agus leanfaimid ag spreagadh réiteach chun amanna feithimh a laghdú oiread agus is féidir.

Téann gníomhaíochtaí an ÚFIÉ i bhfad níos faide ná tacú le huasghráduithe fuinnimh agus le tionscadail chaipitil. I measc na bpríomhspríocanna inghnóthaithe eile in 2021 bhí:

- Bunaíodh creatlach Iarfheistithe Neamh-Tí chun tacú le Scéim um Pathfinders na hEarnála Poiblí agus um Aisfheistiú Tráchtála.
- Athsheoladh EXEED Deimhnithe mar scéim bunaithe ar astaíochtaí agus rinneadh píblíne láidir de thionscadail a fhorbairt. Tacaíodh le 73 gnóthas cuideachta nua trí dheontas Céim 1 an ÚFIÉ, thairg 20 cuideachta deontais chaipitil Chéim-2.
- Seoladh an Scéim Tacaíochta d'Iniúchtaí Fuinnimh, scéim atá cairdiúil don ghnó a thacaíonn le hiniúchtaí ardchaighdeán FBM.
- Seachadadh naoi gcinn d'imeachtaí comhroinnte eolais agus oiliúna spriocdhírthe do chomhaltáí líonra lena n-áirítear ábhair mar ISO50001, iniúchadh fuinnimh, innéacsanna feidhmíochta fuinnimh agus dícharbónú Tionscail.
- Dúnadh foirmiúil agus tuairiscíú ar leithdháiltí creidmheasa fuinnimh do Pháirtithe Oibleagáidí, rud a sheachaid 5,236 GWh coigilte fuinnimh príomhúil, atá comhionann le fritháireamh in astaíochtaí de 1.2MT CO₂e, thar thréimhse na Scéime EEOS (2014-2020).

“

Más rud é gurb í foghlaim de bhealaí nua oibre a bhí i gceist le 2020, bhí beachtú na bealaí oibre i gceist le 2021 chun iad a dhéanamh níos fearr fós, agus chun fanacht dóchasach don todhchaí.

”



- Seachadadh an clár cuimsitheach um chomhlíonadh faireachas margaidh maidir le lipéadú fuinnimh agus éiceadhearadh, a chuimsigh 190 iniúchadh miondíoltóra, 150 bailíochtú comhlíonta teicniúil táirgí, 16 rannpháirtíocht ceannoifige cuideachta agus seacht gcruinniú tionscail/geallsealbhóra.
- Samhaltú agus anailís forbartha don chéad Staidéar Náisiúnta Teasa riamh in Éirinn. (Foilsíodh an staidéar i mí Feabhra na bliana seo). Áiríodh leis sin, anailís a sholáthar tríd an gCreat Náisiúnta um Shamhaltú Fuinnimh chun Measúnú Cuimsitheach Náisiúnta na hÉireann a chomhlíonadh ar an bhféidearthacht do théamh agus fuarú éifeachtach in Éirinn faoi Threoir an AE um Éifeachtúlacht Fuinnimh.
- Bronnadh 50 tionscadal náisiúnta nua Taighde, Forbartha agus Taispeána um Fhuinneamh, maoiniú de €19.5 milliún.
- Foilsíodh nuashonruithe ar phríomhfhoilseacháin staidrimh lena n-áirítear Fuinneamh in Éirinn, tuarascálacha ar phraghsanna fuinnimh, Fuinneamh In-athnuaite agus Astaíochtaí CO₂ a bhaineann le Fuinneamh in Éirinn. Uasghrádaíodh Tairseach Sonraí Fuinnimh an ÚFIÉ chun painéal nua ar astaíochtaí CO₂ a bhaineann le fuinneamh a chur san áireamh.

Bunaithe in 2002, tá fás agus forbairt mhór tagtha ar an ÚFIÉ ina chéad fiche bliain, ag seachadadh go rathúil raon leathan cuspóirí beartais. Is dócha go mbeidh an tréimhse go dtí 2030 ar an gceann is tábhachtaí in aistriú fuinnimh ghlan na hÉireann. Le chéile ní mór dúinn an mhaidhm a chasadh agus muid féin a scoitheadh de bhreoslaí iontaise trí mheascán d'éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr agus níos mó úsáide a bhaint as fuinneamh in-athnuaite agus ní mór dúinn méadú a chur ar ár luas go práinneach. Tá an phráinn seo le feiceáil sa tslí ina bhfuil fuinneamh inbhuanaithe agus gníomhú ar son na haeráide ina réimse uilerialtais. Tar éis dom an sainordú a fháil chun ár n-acmhainní foirne a mhéadú, dhírigh mé in 2021 ar struchtúr eagraíochtúil a bhunú chun na héilimh mhéadaitheacha ar an eagraíocht a chomhlíonadh go héifeachtach, ní hamháin ónár máthair-roinn féin ach ón rialtas uile. I rith na bliana cheapamar ceathrar stiúrthóirí nua le bheith i gceannas ar phríomhcholuín an tseachadta eagraíochtúil (iarfheistiú náisiúnta; léargais taighde agus beartais; na hearnálacha gnó, poiblí agus iompair; agus seirbhísí corparáideacha). D'fhostaíomar freisin baill foirne ar fud an ghnó chun tacú leis an uailmhian atá ag dul i méid don ÚFIÉ. Agus dlús á chur againn le seachadadh agus comhoibriú chun astaíochtaí carbóin a bhaineann le fuinneamh a laghdú sna blianta amach romhainn, aithnímid na dúshláin a bhaineann le boilsciú, soláthar saothair agus saincheisteanna slabhra soláthair.

Táimid ag breithniú na saincheisteanna seo go cúramach agus dul i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara chun na dúshláin seo a mhaolú ar an mbealach is fearr.

Tá ÚFIÉ in ann anois dul i dteagmháil le beagnach gach earnáil de shaol na hÉireann anois chun tacú leis na hathruithe riachtanacha ar an gcaoi a bhfaighimid agus a n-úsáidimid fuinneamh. Oibrímid le gach páirtí leasmhar chun scéimeanna a bharrfheabhsú agus chun tairiscintí a fheabhsú chun laghduithe astuithe ónár gcóras fuinnimh a bhrú chun cinn. Éilíonn na héilimh ar fhuinneamh agus ar thimpeallacht na hÉireann go n-oibreimid go tapa agus go mbainimid torthaí níos fearr amach fós. Is é sin atá ar intinn againn a dhéanamh. Ní hamháin toisc gurb é ár misean é, ach toisc go gcinnteoidh sé go dtiocfaidh an raon leathan buntáistí do shaoránaigh agus do ghnóthaí na hÉireann. Ina measc seo tá: foirgnimh atá níos saoire le rith, níos teo agus níos sláintiúla; caighdeán aeir feabhsaithe; iomaíochas gnó méadaithe; slándáil fheabhsaithe an tsoláthair fuinnimh; agus go leor eile. Má bhainimid ár misean amach, beidh Éire shláintiúil agus pláinéad sláintiúil mar oidhreacht againn do na glúine atá le teacht.

William Walsh

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Foireann Fheidhmiúcháin Nua an ÚFIÉ



Dr Ciaran Byrne

STIÚRTHÓIR AR AISFHEISTIÚ NÁISIÚNTA

Thosaigh an Dr Ciaran Byrne ag obair le ÚFIÉ in 2021 mar Stiúrthóir ar Aisfheistiú Náisiúnta. Roimh an ról seo bhí sé ar an gcéad Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar lascach Intíre Éireann agus d'fhóin sé sa cháil sin ar feadh deich mbliana.

Mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin bhí baint aige le bunú lascach Intíre Éireann (IFI) in 2010, tar éis cónascadh d'ocht nGníomhaireacht Stáit ar leith. Ina dhiaidh sin dhírigh Ciaran ar an eagraíocht a chlaohlú ina Gníomhaireacht Stáit nua-aimseartha, bhríomhar a bheadh ábhartha do gach páirtí leasmhar agus a bheadh in ann a sainordú lárnach a chomhlíonadh. Sula raibh sé ina Phríomhfheidhmeannach ar IFI, bhí Ciaran ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an bPríomh-Bhord lascaigh, agus bhí roinnt post aige freisin sa tionscal agus san earnáil charthanachta.

Is cuntasóir bainistíochta cairte é Ciaran agus chaith sé a chuid ama ag obair i dtionscal áit a bhfuair sé tuiscint ar an earnáil SME. Tá céim agus Ph.D. san eolaíocht aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath áit ar scríobh sé roinnt foilseachán eolaíochta piarmheasúnaithe, agus chríochnaigh sé Céim Mháistreachta sa Ghnó le déanaí. Glacadh Ciaran mar Stiúrthóir Cairte, le hInstitiúid na Stiúrthóirí in 2017.



Margie McCarthy

STIÚRTHÓIR TAIGHDE AGUS LÉARGAS BEARTAIS

Thosaigh Margie McCarthy leis an ÚFIÉ in 2021 mar Stiúrthóir Taighde agus Léargas Beartais. Is iad na príomhchúraimí atá ar Margie ná feidhmeanna anailíse agus taighde laistigh den ÚFIÉ lena n-áirítear sonraí agus léargais fuinnimh a fhorbairt agus a sheachadadh chun tacú le cinntí beartais, agus infheistiocht i dtaighde nuálaíoch fuinnimh a chuireann le haistriú fuinnimh na hÉireann. Mar bhall d'Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin an ÚFIÉ, cuireann Margie leis an bhforbairt agus cur chun feidhme den straitéis eagraíochtuil agus an straitéis sin a oibriú chun na torthaí is fearr a bhaint amach.

Is Innealtóir Cairte agus Comhalta d'Innealtóirí Éireann í Margie. Thosaigh sí le ÚFIÉ ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ), áit ar oibrigh sí mar Cheann Oideachais agus Rannpháirtíochta Poiblí agus mar Stiúrthóir Eatramhach Eolaíochta don tSochaí. D'fhóin Margie ar roinnt grúpaí náisiúnta um bheartas oideachais agus scileanna agus faoi láthair tá sí ina Cathaoirleach ar an nGrúpa Comhairleach um Chomhardú Inscne in Oideachas STEM don Roinn Oideachais.



Declan Meally

STIÚRTHÓIR GNÓ, EARNÁLA POIBLÍ AGUS IOMPAIR

Ceapadh Declan Meally sa phost mar Stiúirthóir Gnó, Earnála Poiblí agus Iompair in 2021. Thosaigh Declan leis an ÚFIÉ i 2005 agus bhí baint aige le seachadadh rathúil go leor de chláir na heagraíochta.

D'fhóin Declan mar Cheann Roinne thar roinnt réimsí ag an ÚFIÉ lena n-áirítear Tionscal, Fuinneamh Mara/Aigéin, Eangach Chliste, Iompar, Pobail agus níos déanaí Iarfheistiú Náisiúnta.

Is innealtóir meicniúil cairte é agus d'oibrigh sé le breis is fiche bliain i mbainistíocht san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon. Sula ndeachaigh sé isteach san ÚFIÉ, d'oibrigh Declan i mbainistíocht in Xerox Europe Limited agus in Aer Rianta agus le hÓglaigh na hÉireann, chomh maith.



Marion O'Brien

STIÚRTHÓIR NA SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Tháinig Marion O'Brien isteach san ÚFIÉ in 2021 mar Stiúirthóir na Seirbhísí Corparáideacha. Sular thosaigh sí ag obair leis an ÚFIÉ, d'oibrigh Marion i mbainistíocht aerfoirt áit a raibh ról éagsúla aici in Airgeadas, Straitéis, Riarachán Cuideachta, Riosca agus Rialachas, a chuimsíonn gnéithe náisiúnta agus idirnáisiúnta araon den ghnó. Ba é an ról is déanaí a bhí aici, sula ndeachaigh sí isteach san ÚFIÉ, ná Príomhoifigeach Rialachais & Straitéise agus Rúnaí Cuideachta an Ghrúpa le daa plc, agus í ag fónamh freisin mar Stiúirthóir ar roinnt fo-eintiteas de chuid daa plc.

Is Comhalta de Chuntasóirí Deimhnithe Cairte na hÉireann í Marion, tá BA aici ó Ollscoil Luimnigh, agus MBS aici ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Dioplómaí i Rialachas Corparáideach agus Straitéis ó Scoil Chéimithe Gnó Michael Smurfit Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá Marion ina Stiúirthóir neamhfheidhmiúcháin faoi láthair ar Bhord an Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta ("PIAB") agus ar Bhord Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann ("OSí") agus roimhe sin bhí sí ina ball seachtach neamhspleách de choiste iniúchta Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ("OCBAC").

Roinnt éachtaí ón ÚFIÉ in 2021

Corparáideach

€196m



an méid a infheistíodh chun tacú le haistriú fuinnimh ghlan na hÉireann



1.2 m+

seisiún gréasáin ar www.seai.ie

195,000



idirbhearta gutha, ríomhphoist agus comhrá gréasáin ar fud na gclár go léir tríd ár n-ionad teagmhála

Saoránaigh agus Pobail

€100m



méid na tacaíochta deontais le haghaidh 11,368 uasghrádú fuinnimh tí, lena n-áirítear 2,272 teach atá droch ó thaobh fuinnimh de

600+



balleagraíocht i líonra fuinnimh pobail an SEAI

185

ceardlann scoile mar chuid dár gclár oideachais



95,000+

BER a foilsíodh trí chórais SEAI

Gnó, an Earnáil Phoiblí agus Iompar

Taighde, Beartais agus Léargas

34%

feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh chomhlachtaí na hearnála poiblí, ardú ó 29% an bhliain roimhe sin



400+

FBM atá cláraithe leis an Scéim Tacaíochta d'Iniúchtaí Fuinnimh

1,000+

toscaire a d'fhreastail ar cheardlanna agus ar imeachtaí faisnéise gnó



€63m

tacaíocht chun 13,432 feithicil leictreacha a cheannach

€5m

luach na tacaíochta a tugadh i dtreo 8,379 luchtaire baile EV a shuiteáil



50

lón na dtionscadail nua Taighde, Forbartha agus Taispeána Fuinnimh ar bronnadh maoiniú de €19.5 milliún orthu



Leanadh ar aghaidh ag forbairt Líonra Taighde Fuinnimh Gaoithe na hÉireann chun taighde fuinnimh gaoithe na hÉireann a chur chun cinn do pháirtithe leasmhara náisiúnta

Rinne ionadaíocht thar ceann na hÉireann ag COP26 de chuid an UNFCCC i nGlaschú mar Thoscaire Náisiúnta







Ár dTionchar

Tá fuinneamh glan
ríthábhachtach do
shláinte agus folláine
ár dtíre agus na nglún
atá le teacht



Iarfheistiú Náisiúnta

Pobail

Bhí breis is 600 ball ag Líonra Pobail Fuinnimh Inmharthana an ÚFIÉ faoi dheireadh 2021. Tá na pobail seo ar fud na hÉireann ag tabhairt faoi ghníomhaithe ar son na aeráide ina gceantair trí bheith níos tíosaí ar fhuinneamh ina dtithe, ina ngnóthaí agus ina bhfoirgnimh phobail agus ag aistriú go fuinneamh in-athnuaite.

Pobal Fuinnimh Inmharthana Inis Eoghain i gceannas

Bhuaigh pobal Inis Eoghain, atá lonnaithe in Inis Eoghain, Contae Dhún na nGall Gradam Pobail Fuinnimh Inspioráideach an ÚFIÉ 2021.

Bunaithe i mí Eanáir 2019, tá Pobal Fuinnimh Inmharthana Inis Eoghain (CSS) mar thoradh ar chomhoibriú idir an príomh-chomhpháirtí Forbairt Inis Eoghain. Comhpháirtíocht, Comharchumann Inis Eoghain, Comhairle Contae Dhún na nGall, agus raon éagsúil de pháirtithe leasmhara ar fud phobal Inis Eoghain. Bunaíodh é le comhfhócas ar inbhuanaitheacht agus fíis chun tírdhreach fuinnimh an réigiúin a athrú.

Tá trasghearradh leathan den phobal fostaithe ag CSS Inis Eoghain chun Máistirphlean Fuinnimh don réigiún a phleanáil, a thacú agus a sheachadadh, a seoladh go hoifigiúil ar 8 Iúil, 2021.

Bhí baint ag an CSS freisin le roinnt tionscadal chun tacú le huasghráduithe fuinnimh trí úsáid a bhaint as deontais ÚFIÉ, lena n-áirítear an teach is faide ó thuaidh in Éirinn, a uasghrádaíodh ó rátáil G BER go rátáil A. Bhí go leor tionscnamh ann, lena n-áirítear caidéal teasa geoteirmeach a shuiteáil ag creis an phobail áitiúil a bhfuil coigilteas idir €2,500 agus €3,000 in aghaidh na bliana ag baint leis. Mar thoradh ar shuiteáil painéil ghréine PV ag feirm teaghlaigh áitiúil tá coigilteas fuinnimh suas le 50%.




Sa phictiúr thuas: Paul McGonigle, CSS Inis Eoghain (R) le baill d'fheirm mhuintir McCabe.

“ Tá trasghearradh leathan den phobal fostaithe ag CSS Inis Eoghain chun Máistirphlean Fuinnimh a phleanáil, a thacú agus a sheachadadh don réigiún. ”

Mar thoradh ar shuiteáil painéil ghréine PV ag feirm teaghlaigh áitiúil baineadh amach coigilteas fuinnimh de suas le

50%



Foirgneamh pobail á iarfheistiú ag Baile Thiobraid Árann



Cuireann Ionad Acmhainne Chnoc an Ráiléigh i dTiobraid Árann raon leathan de thacaíochtaí agus de sheirbhísí pobail ar fáil do gach aoisghrúpa, lena n-áirítear oiliúint, oideachas agus Seid na bhFear a réachtáil.

Ghlac foireann an ionaid páirt le déanaí sa chlár Pobail Fuinnimh Níos Fearr agus bhain siad leas as tacaíocht deontais ÚFIÉ le haghaidh uasghrádú fuinnimh ar an ionad acmhainní.

Áiríodh leis na hoibreacha fuinneoga agus doirse nua, cuas, agus insliú seachtrach, agus soilsiú uasghrádaithe. Ba é costas iomlán an tionscadail ná €140,000 agus fuair an t-ionad €77,500 mar mhaoiniú deontais, arbh ionann é sin agus breis is 50% den chostas deiridh.

Féadfaidh pobail leas a bhaint as an Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite (RESS) anois.

Le tabhairt isteach catagóir tiomnaithe Tosaíochta Pobail i gceantanna na Scéime Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite (RESS), tá bealach inlámhsithe ag pobail in Éirinn den chéad uair chun margaíocht a dhéanamh dá dtionscadail a fhaigheann tacaíocht ó Rialtas na hÉireann.

Tá an ÚFIÉ ceaptha mar chomhlacht forfheidhmithe do chuid de na gnéithe pobail den scéim RESS, lena n-áirítear an Creat Cumasaithe Pobail.

Tacóidh an Creat Cumasaithe Pobail le pobail a dtionscadail giniúna fuinnimh in-athnuaite féin a fhorbairt agus dul san iomaíocht sna ceantanna RESS trí thacaíocht a sholáthar trí acmhainní faisnéise, tacaíochtaí airgeadais, agus sainseirbhísí comhairleacha iontaoifa.

Seoladh na deontais tosaigh chun tacú le pobail lena dtionscadail RESS i mí na Samhna agus tugadh cuireadh do thionscadail phobail incháilithe ar éirigh leo sa chéad cheant leas a bhaint as na tacaíochtaí sin.

“ Ceapadh an ÚFIÉ mar chomhlacht forfheidhmithe do chuid d’eilimintí pobail na scéime RESS, lena n-áirítear an Creat Cumasaithe Pobail. ”

Iarfheistiú Náisiúnta

Cónaithe

Sheol an ÚFIÉ feachtas náisiúnta cumarsáide nua chun uasghrádú fuinnimh tí a chur chun cinn, ag ionchorprú cás-staidéir ar fhaighteoirí deontais agus sraith podchraoltaí tiomnaithe.

Éileamh ar dheontais fuinnimh tí a mhéadú

In 2021, sheol an ÚFIÉ a fheachtas ilbhliantúil uasghrádaithe fuinnimh tí chun tacú le Plean Gnímh don Aeráide de chuid an Rialtais chun 500,000 teach a uasghrádú go B2 agus 400,000 caidéal teasa a shuiteáil faoi 2030. Is é sprioc uileghabhálach an fheachtais ná gluaiseacht náisiúnta a chruthú a spreagann leathmhíllíúin úinéirí tí infheistiócht a dhéanamh in uasghrádú fuinnimh tí agus teach le rátáil B2 a bhaint amach. Is éard atá i gceist le teachtaireachtaí an fheachtais agus glao chun gnímh ná "Domhan nua sóláis a iniúchadh agus dul i dteannta leis na mílte teach in Éirinn atá ag baint leasa as uasghrádú fuinnimh tí le deontais rialtais ón ÚFIÉ." Cuardaigh Uasghráduithe Fuinnimh Baile an ÚFIÉ."

Agus ár straitéis feachtais á forbairt againn, bhaineamar leas as an mbanc taighde tomhaltóra reatha atá ag an ÚFIÉ agus as saineolas ár bhfoireann Eacnamaíocht Iompraíochta. Rinneamar taighde cáilíochtúil agus cainníochtúil réamhfheachtais chun bonn eolais a thabhairt do na teachtaireachtaí feachtais agus chun tomhais bhonnlíne a shocrú. Leis na léargas seo, úsáideadh an t-eolas dár straitéis feachtais chomhtháite agus ilchainéil fhadtéarmach, lena cuimsíodh teilifís, físeán ar éileamh, as baile, preas, raidió, digiteach, foc in aghaidh an chlic, PR, suíomh gréasáin, na meáin shóisialta, podchraoltaí, imeachtaí, rannpháirtíocht slabhra soláthair agus comhthaobhacht mhargaíochta.

Ar leathanach tuirlingthe gréasáin nua an fheachtais ar seai.ie, cuirtear cur chuige uile tí chun cinn maidir le huasghráduithe fuinnimh, an tábhacht a bhaineann le measúnú BER agus uirlisí idirghníomhacha chun na buntáistí a bhaineann le huasghrádú fuinnimh tí a chur chun cinn.

Soláthraíonn sé cur chuige trí chéim chun uasghrádú fuinnimh tí a phleanáil agus tábla comparáide bealaí deontais chun teachtaireachtaí deontais an ÚFIÉ a shimpliú.

Go dtí seo, ghin an feachtas clúdach suntasach sna meáin chumarsáide il-agallaimh náisiúnta agus réigiúnacha preasa, raidió, agus teilifíse a áirithiú, chomh maith le hiarratais chun tacú le clár cúrsaí reatha ar nós Prime Time agus Claire Byrne Live, agus iad seo ar fad a choinníonn an comhrá beo agus dírithe ar spriocanna an Rialtais laistigh den Plean Gnímh don Aeráid.



Uasghrádú chuig teach compordach agus te



Sa phictiúr thuas: Cormac Madden, BSL.

D'oibrigh Cormac Madden do BSL le blianta fada agus mar sin, tá eolas maith aige ar éifeachtúlacht fuinnimh agus na buntáistí a bhaineann leis. Bhí a fhios aige faoi chaidéil teasa i bhfad sular tháinig siad chun bheith ina gcóras teasa 'riachtanach' do thithe a bhí ag fáil deiridh le breoslaí iontaise. Bhí a fhios aige le himeacht ama, go bhféadfadh sé astaíochtaí carbóin a dtí a laghdú agus an teach a dhéanamh níos teo agus níos compordach chun cónaí ann.

Thosaigh Cormac agus a bhean chéile le hinsliú áiléir agus cúpla bliain ina dhiaidh sin, fuair siad insliú balla seachtrach freisin. In 2016, bhí sé ag iarraidh dul i ngleic le haon fhoincse caillteanais teasa a bhí fágtha chun an teach a thabhairt chuig caighdeán níos airde fós. Is éard a bhí i gceist leis seo ná doirse agus fuinneoga a athsholáthar agus caidéal teasa aer go huisce agus córas aerála a

shuiteáil. Mar bheart deiridh, shuiteáil siad PV gréine.

Thug Cormac conradh do Electric Ireland Superhomes, ar ghníomhaireacht fuinnimh í, chun suiteáil caidéil teasa agus PV gréine a bhainistiú. Chuir Superhomes bainisteoir tionscadail ar fáil, a rinne maoinseacht ar na hoibreacha ar fad agus a bhainistigh conraitheoirí tríú páirtí, rud a thug faoiseamh mór do Chormac.

Bhain Cormac leas as na deontais ábhartha ar fad ón ÚFIÉ a chabhraigh go mór le maoiniú an tionscadail.

Tá rátáil fuinnimh A3 bainte amach ag an teach anois, rud a fhágann go bhfuil sé an-éifeachtach agus an-taitneamhach chun cónaí ann. Ní chaithfidh Cormac ná a theaghlach smaoineamh ar an téamh mar go gcoimeádann sé teocht chompordach leanúnach.

BER A3

Tá rátáil fuinnimh A3 bainte amach ag an teach anois, rud a fhágann go bhfuil sé an-éifeachtach agus an-taitneamhach chun cónaí ann



Mionsraith de phodchraoltaí ar uasghráduithe fuinnimh tí

Bhí podchraoladh 180 Céim an ÚFIÉ ar siúl dá thríú séasúr in 2021. Chinn an fhoireann mionsraith de thrí eipeasóid a chruthú atá tiomnaithe d'uasghrádú fuinnimh tí, ag tacú leis an bhfeachtas comhthráthach.

Bhí raon ábhar sna heipeasóid. Chuireamar agallamh ar dhaoine ar shráideanna Bhaile Átha Cliath chun a dtuairimí a fháil, léirigh muid Cormac (ar an leathanach seo) a phléigh a theach go mionsonraithe, agus chualamar ó shaineolaithe sa deardh inti agus fuinneamh in-athnuaite faoi conas an leas is fearr a bhaint as d'uasghrádú. Bhí an-tóir ar na heipeasóidí seo, ag baint amach, ar an meán 1,000 éisteacht an duine.



Gnó, an Eanáil Phoiblí agus Iompar

Feithiclí Leictreacha

Ba bhliain ghnóthach í 2021 do dhíoltóirí feithiclí leictreacha (EV). In ainneoin srianta tosaigh COVID-19 le linn na chéad ráithe, díoladh, gearradh cáin agus cláraíodh 16,531 EV nua in 2021. Thacaigh an ÚFIÉ le ceannach 13,432 EV (feithiclí ceallraí leictreacha (BEV) agus feithiclí leictreacha hibrídeacha (PHEV)) in 2021 ar luach €63.19m. Cuireadh deireadh leis an deontas PHEV ag deireadh 2021.

OILIÚINT DO DHÍOLTÓIR EV

I margadh chomh gnóthach sin, chuir an ÚFIÉ tacaíochtaí agus oiliúint leanúnach ar fáil do dhíoltóirí EV i bhfoirm:

1. Modúl Acadamh Fuinnimh nua, a chlúdaíonn idirghníomhú an díoltóra le bogearraí an chórais deontas ceannaigh EV lena n-áirítear iarratas ar dheontas a chur isteach díreach suas go dtí iarratais ar íocaíocht deontais.
2. Seimineáir ghréasáin oiliúna an díoltóra. Déantar dhá cheann a óstáil in aghaidh na bliana roimh gach tréimhse díolacháin. Is í Eanáir go Meitheamh an chéad tréimhse díolacháin agus is é Iúil go Nollaig an dara tréimhse díolacháin. Míníonn na seimineáir gréasáin seo na próisis deontais agus aon nuashonrú a d'fhéadfadh bheith tagtha chun cinn.
3. Cuirtear fiseáin 'Conas' agus doiciméid phróiseála ar fáil ar ár suíomh gréasáin chun díoltóirí a threorú tríd ár gcóras agus próisis iarratais.



COSTAIS EVANNA A CHURI GCOMPARÁID

Sheol an ÚFIÉ a uirlis chomparáideora ar líne 'Costas Iomlán Úinéireachta' agus áireamhán costais turais ar seai.ie.

Ligeann sé seo d'úsáideoirí brabhsáil agus comparáid a dhéanamh ar raon iomlán na bhfeithiclí nua leictreacha, peitрил agus díosail in Éirinn.

Is féidir leo a fheiceáil cé mhéad is féidir leo a shábháil ó thaobh costais agus astaíochtaí trí suas le trí mhúnla éagsúla a roghnú agus leis an uirlis, tugtar miondealú agus comparáid iomlán dóibh ar na trí cinn. Nuair a bheidh an uirlis críochnaithe ag úsáideoir, tabharfar cuireadh dó nó di a dhíoltóireacht áitiúil EV a aimsiú.


Iarrann an t-áireamhán costas turais ar úsáideoirí ansin a míleáiste bliantúil measta a ionchur agus féachaint conas a chuirtear a gcostais peitрил nó díosail

i gcomparáid le EV. Arís, spreagtar úsáideoirí chun 'Díoltóir a aimsiú' ina dhiaidh sin.

DEARCADH AN DÍOLTÓRA

Mar chuid den phodchraoladh 180 Degrees, chuir an ÚFIÉ agallamh ar Michael Coghlan, Windsor Ireland, faoi na ceisteanna is coitianta a bhíonn ag custaiméirí agus iad ag ceannach EV. Dúirt sé go mbaineann an chéad cheist i gcónaí le raon agus go dtéann sé féin agus a chomhghleacaithe i ngleic leis sin trí fhiafraí díobh cad iad na riachtanais atá acu. Toisc "go dtiomáineann an chuid is mó de dhaoine 50-60km in aghaidh an lae. Ní cúis imní ar bith é do dhaoine fós mar is é an áisiúlacht atá ann, mar a thabharfaimid le fios dóibh, go bplugáinn tú do charr san oíche agus go n-éiríonn tú agus go mbíonn luchtú iomlán agat."

Tá Michael spreagtha ag an spéis mhéadaitheach sna EVanna agus deir sé go gcuideann próiseas simplí deontais an ÚFIÉ go mór leis an díoltóir agus leis an tomhaltóir araon. Dó, is é an constaic is mó fós an bonneagar luchtaithe toisc go bhféadfadh sé teorainn a chur leo siúd nach féidir leo luchtaithe baile a shuiteáil. Tá súil aige go dtiocfaidh níos mó soláthraithe ar bord agus go méadóidh siad líon na luchtairí poiblí ar fud na tíre.



Ná tiomáin chun díothaithe

Reáchtáil an ÚFIÉ feachtas náisiúnta fógraíochta chun glacadh feithiclí leictreacha (EVanna) a chur chun cinn, ag tosú go déanach i mí na Nollag 2020. Bhí sé seo ag tacú le spriocanna an Rialtais chun úsáid na bhfeithiclí leictreacha a mhéadú go suntasach faoi 2030. Ba é téama an fheachtais ná "Ná tiomáin chun díothaithe, tiomáin go leictreach."

Bhain an feachtas úsáid as cur chuige grinn, agus teanga ina bpluc againn, le carachtair dhineasáir chun a chur in iúl don lucht féachana go bhfuil carranna peitрил agus díosail ar an mbealach amach agus go bhfuil EVanna anseo le fanacht. Ba é an rún a bhí ann ná daoine a spreagadh gan a bheith fágtha ina ndiaidh (cosúil leis na dineasáir) agus páirt a ghlacadh sa ghluaiseacht mhéadaitheach de thiománaithe EV. Cuireadh na tairbhí iomadúla a bhaineann le EVanna (costais reatha níos ísle, an comhshaol, raon, deontais agus teicneolaíocht) in iúl trí cheithre fhorghníomhú preasa ar leith. Thacaigh fógraí raidió, digiteacha agus sóisialta leis an teachtaireacht seo le linn an fheachtais.

Ba é an príomhghlao chun gnímh don fheachtas cuairt a thabhairt ar www.driveelectric.ie chun tuilleadh eolais a fháil. Mhair sé ar feadh deich seachtaine isteach i mí an Mhárta 2021 agus mar thoradh air sin bhí níos mó ná 10,000 cuairt gréasáin.

10,000

cuairt ar www.drivingelectric.ie



Gnó, an Earnáil Phoiblí agus Iompar (ar lean)

Ag tacú le gnó na hÉireann

Tá an ÚFIÉ ag cabhrú le cuideachtaí agus eagraíochtaí Éireannacha a n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, a gcostais fuinnimh a laghdú go suntasach agus oibriú i dtreo dícharbónaithe.

Óstán hidreachumhachta

Bhuaigh The Falls Hotel & Spa Gradam Fuinnimh an ÚFIÉ 2021 as Fuinneamh In-athnuaite a Imlonnú go Nuálach, agus fógraíodh le déanaí é mar mhaoin neodrach ó thaobh carbóin de.

Is óstán teaghlaigh é an t-óstán in Inis Díomáin, Contae an Chláir, le 140 seomra codlata, naoi n-árasán, ionad spá agus fóillíochta le linn snámha.

Bhí a úinéirí, na McCarthys, ag iarraidh an t-óstán a dhéanamh níos inbhuanaithe agus tionchar comhshaoil a ngnó a laghdú ar an dtimpeallacht mórthimpeall orthu. Ritheann an Eidhneach agus na scairdeáin taobh leis an óstán agus mar sin rinne na McCarthys iniúchadh ar an bhféidearthacht úsáid a bhaint as fuinneamh na habhann chun cumhacht a thabhairt don óstán.

Shuiteáil siad tuirbín hidrileictreach 220kWh ar an abhainn. D'oibrigh siad i gcomhairle le Comhairle Contae an Chláir, le Bord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne agus leis an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta lena chinntiú go gcuirfí an tionscadal i gcrích chomh sábháilte agus ab fhéidir.

Bliain tar éis suiteáil na dtuirbíní, laghdaigh an t-óstán a n-ídiú fuinnimh le 812,000 kWh de leictreachas. Frithghníomhaíonn sé seo an t-astú de thart ar 550 tonna carbóin. Soláthraíonn sé suas le 70% de riachtanais fuinnimh bliantúla an óstáin anois. Sa gheimhreadh féadfaidh sé seo 100% a bhaint amach nuair a bhíonn an abhainn faoi lánsruth. Aistríodh é seo go coigilteas de thart ar 60% dá mbillí bliantúla leictreachais.

Bliain tar éis suiteáil na dtuirbíní, laghdaigh an t-óstán a n-ídiú fuinnimh le

812,000 kWh

leictreachas.

“ Bhí a úinéirí, McCarthys, ag iarraidh an t-óstán a dhéanamh níos inbhuanaithe agus tionchar comhshaoil a ngnó ar an dtimpeallacht mórthimpeall orthu a laghdú. ”

Ag Díriú ar neodracht carbóin faoi 2030

Bhuaigh Pfizer Caisleán na Gráinsí, Baile Átha Cliath, Gradam Fuinnimh an ÚFIÉ do Ghnóthais Mhóra - Bainistíocht Fuinnimh Eiseamláireach in 2021. Is é an Campas Biteicneolaíochta i gCaisleán na Gráinsí an chéad suíomh Pfizer a leag amach pleananna chun neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2030.

Ó tugadh isteach a gclár fuinnimh in 2012, tá sé tagtha chun cinn ó chóras faoi stiúir innealtóireachta go clár ar fud na heagraíochta. Baineadh amach ISO50001 in 2016 agus cé gur mhéadaigh líon na táirgeachta faoi dhó ó 2012, tháinig laghdú de 18% ar a n-astaíochtaí CO2.

I measc cuid de na bearta éifeachtúlachta fuinnimh a glacadh áirítear seaimpíní fuinnimh a cheapadh ar fud an ghnó, cruinnithe fuinnimh laethúla a óstáil, agus monatóireacht a dhéanamh ar 100 príomhtháscaire feidhmíochta fuinnimh.

Mar bhall gníomhach agus gafa de Líonra Fuinnimh Mórthionscail an ÚFIÉ, is eiseamláir den scoth é d'aon ghnó mór atá ag iarraidh dul i ngleic lena n-aschur fuinnimh féin, an raon éagsúil tionscadal agus tionscnamh atá bainte amach ag Pfizer Caisleán na Gráinsí, lena n-áirítear tiomantas ó cheannaireacht agus comhoibriú gníomhach i measc líon mór ball foirne, páirtithe leasmhara agus comhairleoirí torthaí a bhaint amach.



Sa phictiúr thuas: Stephen Callinan, Fónais Láithreáin agus Ceannaire Fuinnimh, Pfizer Caisleán na Gráinsí.

Tugann MSD Cheatharlach tús áite do dheardh atá tíosach ar fhuinneamh

Úsáideann an chuideachta chógaisíochta atá lonnaithe i gCeatharlach prionsabail dearaidh atá tíosach ar fhuinneamh ina saotharlann nuathógtha.

Is áis ard-toirte é MSD Cheatharlach chun vacsaíní daonna agus teiripí bitheolaíochta a líonadh agus a chríochnú go haiseipteach. Tá an áis deartha chun táirgí iolracha a láimhseáil agus tá sé in ann fiala agus steallairí araon a fhoirmiú agus a líonadh go haiseipteach.

Dearadh agus tógadh Foirgneamh nua na Saotharlainne QO mar áis neamhspleách de 2,311m2 chun foirgneamh táirgthe atá ann cheana féin a chomhlánú. I measc na spásanna feidhme tá saotharlann plean oscailte, limistéir tacaíochta saotharlainne, spásanna oifige agus seomra plandaí tiomnaithe.

Le tacaíocht ón ÚFIÉ, lean MSD an próiseas um Shármhaitheas i nDearadh Tíosach ar Fhuinneamh (EXEED) agus tá an foirgneamh deimhnithe anois ag EXEED. Tríd an gcaighdeán EXEED, spreagtar nuálaíocht i dtionscadail dearaidh chun cabhrú leis an infheistíocht a chosaint don todhchaí, trí fheidhmíocht fuinnimh a bharrfheabhsú, trí chostais oibriúcháin fuinnimh agus astaíochtaí carbóin a fheabhsú agus trí iomaíochas a fheabhsú.

Ó cuireadh an tionscadal i gcrích, tá feabhas de 27% tagtha ar fheidhmíocht fuinnimh MSD Cheatharlach agus laghdú de 22% ar chostais oibriúcháin fuinnimh tógála. Is é an chéad foirgneamh in Éirinn a bheith deimhnithe do LEED Gold agus EXEED Deimhnithe Deartha.



Sa phictiúr thuas: Foireann Fuinnimh Cheatharlach MSD ag fáil a ndeimhniú Deartha EXEED de chuid an ÚFIÉ.



Ag MSD Cheatharlach chonacthas

feabhas de 27%

ar fheidhmíocht fuinnimh agus laghdú 22% ar chostais oibriúcháin fuinnimh tógála.

Gnó, an Earnáil Phoiblí agus Iompar (ar lean)

Aistríonn feirm éanlaithe clóis go téamh in-athnuaite

Bainistíonn Martin Dempsey feirm a mhuintire i gContae Mhaigh Eo, áit a gcoinníonn sé muca agus éanlaithe chlóis. Is próiseas dian ar fhuinneamh í an tsaoráid táirgthe gríoscaín toisc go dteastaíonn téamh agus soisiú leanúnach uaithi. Is teas é thart ar 85% den fhuinneamh a úsáidtear ar ghnáthfheirm éanlaithe agus is ionann leictreachas agus 15%.

Bhí spéis i gcónaí ag Martin i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite agus bhí sé ar dhuine de na chéad daoine a chuir isteach ar Scéim Tacaíochta an ÚFIÉ um Teas In-athnuaite (SSRH), ar tionscnamh é atá maoinithe ag an rialtas atá deartha chun an fuinneamh a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite san earnáil teasa a mhéadú.

Cinneadh gurbh é coire bithmhaise an rogha ab fhearr do Martin agus b'ionann an costas suiteála thart ar €145,000. Úsáideann sé sliseanna adhmaid ina choire. De ghnáth bíonn sliseanna adhmaid níos saoire ná millíní adhmaid ar bhonn euro in aghaidh an kWh.

Mar chuid den SSRH, faigheann Martin íocaíocht bhliantúil (tarailf) de €23,778 ón ÚFIÉ. Cuidíonn sé seo le freastal ar na costais suiteála agus oibriúcháin a bhaineann le hathrú ó chóras teasa breosla iontaise chuig coire bithmhaise. Leanfaidh sé ag fáil íocaíochta ar feadh 15 bliana.

Bunaithe ar an tsábháil costais a bhaineann le sliseanna adhmaid a úsáid agus le híocaíochtaí taraife an ÚFIÉ, tógfaidh sé thart ar 6.1 bliain air aisíocaíocht a fháil ar na costais suiteála tosaigh.

D'aithin Martin go raibh aistriú go teas in-athnuaite ar cheann de na céimeanna is tábhachtaí a d'fhéadfadh sé a ghlacadh chun lorg carbóin a ghnó a laghdú. Bhainfeadh an t-athrú seo 136 tonna carbóin gach bliain. Déanann sé cur síos ar SSRH mar "scéim iontach, dea-scríofa, gan aon deis le haghaidh mí-úsáide. Tá sé oiriúnach don fheidhm, cinnte."

“ Scéim iontach, dea-scríofa, gan aon deis le haghaidh mí-úsáide. Tá sé oiriúnach don fheidhm, cinnte. ”

Ag obair leis an Earnáil Phoiblí

Bhí sé mar sprioc ag an earnáil phoiblí a héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú le 33% faoi 2020. Ní mór do chomhlachtaí earnála poiblí monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar a n-úsáid fuinnimh agus iad ag obair leis an ÚFIÉ chun a n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus a n-astaíochtaí carbóin a laghdú. Léiríonn torthaí 2020 feabhas comhchoiteann de 34% ar éifeachtúlacht fuinnimh atá bainte amach ag an earnáil phoiblí le 11 bhliain anuas, rud a sháraigh an sprioc a leagadh síos do 2020.

Iarrachtaí ón bPost ar bronnadh gradaim air

Bhuaigh An Post Gradam Fuinnimh an ÚFIÉ 2021 do Cheannaireacht san Earnáil Phoiblí - Feidhmíocht Fuinnimh Eiseamláireach. Bhí sé seo bunaithe ar a dtiomantas maidir le glan-astaíochtaí carbóin nialasach faoi 2030, agus laghdú 50% ar astaíochtaí carbóin faoi 2025.

Tá ceann de na flít is mó san Eoraip ag an bPost agus os cionn 210,000 cearnach méadar maoiné atá á mbainistiú. In 2018, cheannaigh siad a gcéad fheithiclí leictreacha (EVanna), ag cur tús le leictriú an fhlít iompair tráchtála éadrom. Tá os cionn 1,000 EV acu anois, lena n-áirítear na chéad trucaillí leictreacha 7.5 tonna in Éirinn. In 2020, rinne siad 843 EV a rolladh amach, shuiteáil siad teileamaitice chun monatóireacht a dhéanamh ar fheithiclí agus, in ainneoin Covid-19, lean siad leis an gclár oiliúna éicea-thiománaithe (32% de na tiománaithe oilte). Chuir na tionscadail seo feabhas ar éifeachtúlacht breosla an fhlít tráchtála éadrom ó 9.63L/100km go 9.15L/100km.

Uasghrádaíodh an soilsíú seachtrach go léir go soilse atá tíosach ar fhuinneamh agus déanfar soilsíú inmheánach a nuashonrú faoi dheireadh 2021. I gceithre oifig tá na rialuithe téimh uasghrádaithe acu agus tá ceithre chuire nua suiteáilte. Shábháil na tionscnaimh seo le chéile 484 tona de CO2 sa bhliain 2020.



Tá breis agus 1,000 EV ag an bPost anois, lena n-áirítear an chéad trucaill leictreach de

7.5 tonna

in Éirinn.



Gnó, an Earnáil Phoiblí agus Iompar (ar lean)

Marcanna den scoth do Scoil Chuimsitheach Chiaráin

Chuaigh an iar-bhunscoil seo ó Rátáil Fuinnimh Foirgneamh C3 go B2 (BER). D'fhonn é seo a bhaint amach, rinneadh uasghráduithe fairsinge ar an bhfabraic trí chlár Pathfinder Fuinnimh na Scoileanna 2020.

Roghnaíodh Scoil Chuimsitheach Chiaráin, Contae na Gaillimhe, trí chlár Pathfinder na hEarnála Poiblí. Rinneadh measúnú cuimsitheach ar an scoil chun oiriúnacht do bhearta uasghrádaithe a aithint. Ba ghá dóibh seo luach a chur ar fáil don scoil agus don fhoghlaim cláir araon.

Áiríodh le huasghráduithe fabraic:

- Inslíú balla seachtrach a chur i bhfeidhm ar bhallaí coincreít a bhfuil aghaidh chothrom orthu gan inslíú
- Inslíú breise a chur i bhfeidhm ar phainéil ascaill stua an chórais imbhalla
- Uasghráduithe ar inslíú dín agus soilse dín
- Fuinneoga nua
- Feabhsuithe ar dhoichte aer

Áiríodh le huasghráduithe meicniúla agus leictreacha suiteáil na nithe seo a leanas:

- Córas soilsihe LED le háitíocht agus rialú solas an lae
- Córas gréine PV 11 kWp
- Córas nua coire comhdhlúthaithe LPG ardéifeachtúlachta chun coire ola-bhreoslaithe neamhéifeachtach a athsholáthar
- Radaitheoirí, píobair agus córais rialaithe nua
- Luchtú EV

Meastar go dtiocfaidh coigilteas fuinnimh de 294,000 kWh agus 70 tona de choigilteas astaíochtaí CO₂ in aghaidh na bliana de bharr na mbeart seo. Deimhneofar na figiúirí tar éis bliana iomlán áitíochta.



Meastar go mbeidh na bearta sin mar chúis le

294,000 kWh

de choigiltis fuinnimh agus 70 tona de choigilteas astaíochtaí CO₂ in aghaidh na bliana.

“ Roghnaíodh Scoil Chuimsitheach Chiaráin, Contae na Gaillimhe, trí chlár Pathfinder na hEarnála Poiblí. Rinneadh measúnú cuimsitheach ar an scoil chun bearta uasghrádaithe oiriúnacha a aithint. ”



Taighde agus Léargais Bheartais

Taighde fuinnimh

Infheistíonn Clár Cistiúcháin Náisiúnta um Fhorbairt agus Taispeántas Taighde Fuinnimh an ÚFIE i dtionscadail nuálaíocha taighde fuinnimh a chuidíonn le haistriú na hÉireann chuig todhchaí fuinnimh ghlan agus shlán.

In 2021, bhronn an ÚFIE maoiniú ón Rialtas de luach de bheagnach €20 milliún ar 50 tionscadal nua, ag tacú le agus ag cur ar chumas raon leathan taighde fuinnimh in Éirinn. Tugann na tionscadail institiúidí acadúla, tionscail agus seachbhrabúis le chéile chun dul i ngleic le príomhréimsí inár n-iarrachtaí náisiúnta aistriú go sochaí ísealcharbóin.

COMHDHÁIL NÁISIÚNTA TAIGHDE AGUS BEARTAIS FUINNIMH 2021

Dhírigh Comhdháil Náisiúnta um Thaighde agus Beartas Fuinnimh 2021 ar an téama ‘Iompar a Dhícharbónú’. Tá sé mar aidhm ag an gcomhdháil bhliantúil seo plé a éascú ar ról an taighde agus an bheartais fuinnimh maidir le spriocanna fadtéarmacha fuinnimh glan na hÉireann a bhaint amach. Ghlac breis agus 560 duine páirt san imeacht ar líne, agus ghlac breis agus 30 saineolaí páirt i gcur i láthair agus i bplé painéil.



Ghlac os cionn

560

duine páirt san imeacht ar líne, agus ghlac breis agus 30 saineolaí páirt i gcur i láthair agus i bplé painéil.



DÉANANN TIONSCADAL TAIGHDE MAOINITE AG AN ÚFIE INIÚCHADH AR THACAÍOCHT ÁITIÚIL DO THIONSCADAIL FUINNIMH GAOITHE IN ÉIRINN

Bronnadh maoiniú ar AstonECO Management Ltd trí Ghlaó T&F an ÚFIE 2019 dá dtionscadal – ‘Tacaíocht áitiúil a thuilleamh do thionscadail fuinnimh gaoithe in Éirinn’. Mar thoradh ar an tionscadal seo, a críochnaíodh go luath in 2021, foilsíodh sraith doiciméad ina scrúdaítear próiseas rannpháirtíochta a rinne comharsana, forbróirí tionscadail agus údarais ábhartha chun tionscadail fuinnimh inbhuanaithe a fhaigheann tacaíocht áitiúil a chruthú.

Sa tionscadal, déantar dearchtaí na bpáirtithe go léir a mheas, lena n-áirítear innealtóirí, foirne dearaidh, baill den phobal, pleanálaithe, údarais áitiúla, foirne corparáideacha agus infheisteoirí. Bhí rannpháirtíocht nach beag i gceist i measc gach páirtí. Fuarthas ionchur luachmhar ó bhreis is 150 comharsan a chónaíonn gar do thuirbíní gaoithe atá ann cheana nó atá beartaithe i naoi gcontae in Éirinn, chomh maith le hionchur ó forbróirí, úinéirí tionscadail fuinnimh gaoithe, pobail, oifigigh rialtais agus an pobal taighde.

Tá sé i gceist go nglacfaidh pobail, forbróirí agus lucht déanta beartais aronn leis an treoir atá beartaithe a oiriúnú agus go ndéanfaidh sí é a chur in oiriúint dá n-uaimhianta. Áiríodh leis an tionscadal freisin cur chun feidhme an phróisis seo do roinnt cás-staidéir chun an próiseas a léiriú i ngníomh.

Tá sé mar aidhm ag torthaí an tionscadail taighde seo conair shoiléir a chruthú chun leas a bhaint as acmhainn fuinnimh gaoithe na hÉireann ar bhealach a thacaíonn le forbairt inbhuanaithe de go leor pobal in Éirinn. Tugann John Aston, a bhí i gceannas ar an tionscadal, faoi deara “Is mian le pobail a bheith páirteach sa réabhlóid fuinnimh, ní mar scairshealbhóirí ach mar rannpháirtithe chomhdhearaidh. Tá na pobail oscailte dó seo, ach beidh gá le hathrú mór meoin i measc ár bhforbróirí – ceann a mbeidh ceannaireacht ón Rialtas ag teastáil uaidh is dócha”.

Taighde agus Léargais Bheartais (ar lean)

Sonraí agus Léargais ag an ÚFIÉ: bonn eolais a thabhairt do bheartas fuinnimh náisiúnta

Ní mór do bheartas fuinnimh éifeachtach a bheith bunaithe ar an bhfianaise is fearr atá ar fáil.

Comhlíonann foireann Sonraí agus Léargais an ÚFIÉ sainordú dlíthiúil an ÚFIÉ chun staitisticí fuinnimh náisiúnta agus réamh-mheastacháin náisiúnta fuinnimh na hÉireann a tháirgeadh go bliantúil. Léiríonn aschuir ó na feidhmeanna seo dul chun cinn ar spriocanna a bhaineann le fuinneamh, ar astaíochtaí a bhaineann le fuinneamh agus ar bhealaí amach anseo chun córas fuinnimh na hÉireann a bhunathrú – agus é mar aidhm astuithe glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050.



Déanann ár bhfoireann eacnamaíocht iompraíochta imscrúdú ar an gcaoi a n-úsáideann tomhaltóirí fuinneamh agus a dhéanann cinntí ceannaigh chun athruithe intomhaiste a spreagadh ar iompraíocht fuinnimh teaghlaih agus gnó. Cuirimid anailís bheartais ar fáil chun tionchar bheartais an Rialtais a léiriú agus smaointe nua a fhorbairt le haghaidh comhairle a fháil ó lucht déanta beartas sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC), agus i bhfóiraim bheartais aeráide níos leithne.

Tugann obair an ÚFIÉ sa réimse seo eolas do Phleananna Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais, do Phleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (NECP), don Tascfhórsa Náisiúnta um Aisfheistiú Tithíochta, agus do thionscnaimh bheartais eile, i gcomhar leis an DECC.

I dteannta na comhairle a cuireadh ar fáil go díreach don Rialtas, áiríodh ar aschuir shuntasacha in 2021:

TUARASCÁIL FUINNIMH IN ÉIRINN 2021

Rinneadh nuashonrú in 2021 ar ár ngrianghráf bliantúil ina gcuirtear i láthair staidrimh chinntitheacha ar sholáthar agus úsáid fuinnimh in Éirinn agus mar fhorlíonadh le tuarascálacha compánacha ar fhuinneamh in-athnuaite agus ar astaíochtaí CO₂. Léiríonn na sonraí is déanaí gur tháinig an chuid is mó dár soláthar fuinnimh (os cionn 86%) fós ó bhreoslaí iontaise in 2020, in ainneoin gur tháinig fás os cionn 8% ar an soláthar ó fhoinsí in-athnuaite in 2020. Ba é an toradh a bhí ar bhearta sláinte poiblí chun dul i ngleic le COVID-19 ná laghdú de 4.3 milliún tona (11.5%) in 2020 ar astaíochtaí a bhain le fuinneamh. Mar sin féin, tá na comharthaí luatha ann go bhfuil siad seo tar éis méadú arís ó shin. Is é an teachtaireacht shoiléir nach mór dúinn méadú suntasach agus práinneach a chur ar ár n-iarrachtaí chun breoslaí iontaise a bhaint ónár gcóras fuinnimh.



AN STAIDÉAR NÁISIÚNTA TEASA

Rinneadh go leor den obair chun an Staidéar Náisiúnta Teasa a sheachadadh in 2021.

Ba é seo an staidéar taighde is mionsonraithe, lena n-áirítear anailís chainníochtúil agus samhaltú, ar an gcaoi a bhfaighimid agus a n-úsáidimid teas in Éirinn. Rinneadh roinnt conairí chuig astaíochtaí ó theas saor ó CO₂ a mhapaíl le sonraí mionsonraithe agus breithníodh anailís maidir leis na roghanna agus na roghanna teicneolaíochta a bhí ar fáil. Beidh an saothar ceannródaíoch seo, nuair a fhoilseofar é in 2022, mar bhonn eolais do bheartas teasa in Éirinn sna blianta amach romhainn.

AN CREAT NÁISIÚNTA UM SHAMHALTÚ FUINNIMH

Le 15 bliana anuas, tá a chumas forbartha ag an ÚFIÉ chun tionchar bheartas fuinnimh inbhuanaithe an Rialtais atá ann faoi láthair agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a shamhaltú. Gach bliain cuirimid na Réamh-Mheastacháin Fuinnimh Náisiúnta ar fáil a thugann eolas do réamh-mheastacháin náisiúnta na hÉireann maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa. In 2020, seachadadh tionscadail uasghrádaithe suntasacha ar ár gcreat samhaltaithe ionas go bhféadfaí léargais bheartais níos freagraí agus níos mionsonraithe a tháirgeadh do lucht déanta beartas in Éirinn. Is léargais níos tapúla agus níos doimhne iad seo, as a dtiocfaidh gníomhú luathaithe ar son na haeráide.

Taighde agus teicneolaíocht

Tacaíonn Roinn Taighde & Teicneolaíochta an ÚFIÉ le réitigh chun úsáid agus córas fuinnimh na hÉireann a dhíchárbónú.

Tá ról suntasach ag an roinn ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn thar lear ag an gCoimisiún Eorpach, an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh agus Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide.

Soláthraíonn an Roinn Taighde & Teicneolaíochta an t-eolas teicniúil ar a bhfuil cinntí tábhachtacha maidir le beartas fuinnimh bunaithe. Tugann sé eolas agus tacaíocht do thosaíochtaí taighde fuinnimh, tacaíonn sé le forbairt an mhargaidh laistigh den earnáil fuinnimh agus cuireann sé le sainionadaíocht agus faisnéis phoiblí ar fhuinneamh inbhuanaithe. Tá foireann na Roinne comhdhéanta go príomha de shaineolaithe anailíseacha agus teicniúla ó chúlraí innealtóireachta, eolaíochta nó teicniúla comhchosúla atá dírithe ar réitigh a fhorbairt ar an dúshlán a bhaineann le córas fuinnimh na hÉireann a dhíchárbónú.

Áirítear leis seo aonaid sna réimsí Taighde agus Nuálaíochta, Leictreachas In-athnuaite (Ar an gCladach & Amach ón gCósta), Teas Dícharbónaithe, Foirgnimh agus caighdeáin atá gar do Fhuinneamh Nialasach, agus Taighde Fuinnimh Idirnáisiúnta agus AE.

Áiríodh le roinnt de bhuaicphointí 2021:

MAOINIÚ

I rith 2021, d'éirigh le 50 tionscadal taighde eile faoi Chlár Náisiúnta Maoinithe de chuid an ÚFIÉ um Fhorbairt Taighde agus Taispeána Fuinnimh, rud a mhéadaigh an punann maoinithe ilbhliantúil go 150 tionscadal.

LEICTREACHAS IN-ATHNUAITE: LEICTREACHAS AGUS GAOTH

D'fhoilsigh an fhoireann leictreachais agus gaoithe tuarascáil ar Bhainistíocht Sócmhainní Feirme Gaoithe, ag tacú le tionscal gaoithe na hÉireann i dtreo ISO 55001. Cothaíonn sé seo cur chuige bainistíochta sócmhainne ar feadh shaolré na dtionscadal feirme gaoithe.

Chuir an fhoireann taighde fuinnimh gaoithe Éireannach chun cinn do pháirtithe leasmhara náisiúnta, spreag siad rannpháirtíocht níos mó trí líonra Taighde Fuinnimh Gaoithe na hÉireann agus thacaigh siad le comhoibriú idirnáisiúnta Éireannach trí thascanna gaoithe na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh.


LEICTREACHAS IN-ATHNUAITE: AMACH ÓN GCÓSTA

Lean an fhoireann amach ón gcósta ag tacú le saoráidí tástála LiR na hÉireann i UCC, Smart Bay i nGaillimh, agus iad ag leanúint ar aghaidh ag forbairt áiseanna tástála gar don mhargadh amach ó chósta Mhaigh Eo. In 2021, mhaoinigh an ÚFIÉ treoirhionscadail rochtana tionscail le haghaidh tástála láníochta ag baint úsáide as an áis LiR. D'éirigh le sé iarratas trasna teicneolaíochtaí tonnta, gaoithe, taoide agus gréine ar snámh.

Chuir an fhoireann amach ón gcósta forbairt taighde na hÉireann don ghaoth amach ón gcósta chun cinn trí rannpháirtíocht leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh, an Plean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh (amach ón gcósta) agus trí imeachtaí comhroinnte eolais a óstáil.

IDIRNÁISIÚNTA

Is í an fhoireann taighde agus teicneolaíochta ná ionadaí na hÉireann ar Horizon, clár maoinithe taighde na hEorpa, de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, an Plean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh agus an Bhraisle Teicneolaíochta d'fhoireann idirbheartaíochta an AE ar COP UNFCCC. Freastalaíodh ar COP26 i nGlaschú mar chuid d'fhoireann idirbheartaíochta an Bhraisle Teicneolaíochta.



Feidhmeanna tarmligthe

Tá freagracht tarmligthe ag an ÚFIÉ ón Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i réimsí na Scéime um Oibleagáid um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Faireachas Margaidh maidir le lipéadú fuinnimh agus éicidhearthóireacht.

Údarás um fhaireachas margaidh

Tacaíonn an ÚFIÉ leis an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ina cháil mar Údarás Faireachais Margaidh (MSA) do Threoir an AE maidir le hÉicidhearthóireacht, agus i rialacháin an AE maidir le lipéadú fuinnimh agus bonn. Ainmneofar an ÚFIÉ mar an tÚdarás um Faireachas Margaidh in 2022.

I rith 2021, rinne an ÚFIÉ iniúchadh ar 110 asraon miondíola chun measúnú a dhéanamh ar a gcomhlíontacht le Rialacháin an AE um Lipéadú Fuinnimh. Bhí 79% de na 24,572 táirge a ndearnadh cigireacht orthu comhlíontach, rud atá beagán níos ísle ná mar a bhí sna blianta roimhe seo. Ba é an phríomhchúis leis seo ná athscálú catagóirí áirithe táirgí ag an gCoimisiún Eorpach, ar cuireadh tús leis i mí an Mhárta 2021, rud a chuir roinnt mearbhaill i measc na miondíoltóirí.

Chuir an ÚFIÉ feabhas ar shaincheisteanna comhlíonta a tharla mar gheall ar an athscálú trí fheachtas faisnéise a eagrú do mhiondíoltóirí lena n-áirítear seimineár gréasáin, beochan físeáin, treoracha comhlíonta miondíoltóirí nuashonraithe, comhairle dhíreach 1:1 agus ábhair díolphointe. Táimid muiníneach go

dtiocfaidh na leibhéil chomhlíonta ar ais go dtí na leibhéil a chonacthas roimhe seo go luath amach anseo.

Rinne an ÚFIÉ iniúchadh freisin ar 85 suíomh gréasáin miondíoltóra agus 20 fógra chun comhlíonadh lipéadaithe a mheas. Cé go bhfuil líon na gcásanna neamhchomhlíonta fós ard, tá feabhas an-suntasach ar chomhlíonadh, go háirithe ar fud láithreáin ghréasáin na miondíoltóirí móra. Tagann feabhas trí rannpháirtíocht sa mhargadh agus leanann an ÚFIÉ ar aghaidh ag dul i dteagmháil le miondíoltóirí chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh, lena n-áirítear cruinnithe 1:1, seimineáir ghréasáin agus forbairt treoracha comhlíonta do mhiondíoltóirí.

Chlúdaigh ár ngníomhaíocht faireachais raon leathan táirgí, idir tháirgí tí agus tráchtála, lena n-áirítear téamh, téamh uisce, soilsiú, fearais, caidél uisce, agus mótar leictreacha.

Tar éis scagadh margaidh agus measúnú riosca, thugamar faoi mheasúnuithe comhlíonta mionsonraithe ar 70 táirge agus tástáladh 30 sa tsaotharlann, ag glacadh birt chun aghaidh a thabhairt ar roinnt neamhchomhlíonta.


D'fhorbraíomar treoir freisin, nuair ba ghá, chun tacú le déantóirí na rialacháin a chomhlíonadh.

Ghlacamar páirt i ngníomhaíochtaí comhpháirteacha den tionscadal ilbhliantúil AE EEPLIANT3 (2019-2023) a dhéanamh le MSAanna ó thíortha eile an AE. Trí na tionscadail seo roinnimid dea-chleachtais agus oibrímid le chéile i bhfeachtais chomhordaithe faireachais mhargaidh. Threoraíomar pacáiste oibre Uirlisí TF trína bhfuil súil againn intleacht shaorga, róbataic agus teicneolaíochtaí gréasánaithe gréasáin a ghairáil chun cabhrú linn dul i ngleic le fairsinge agus scála ár bhfeagrachtaí, ag feabhsú go suntasach éifeachtúlacht agus éifeachtacht ár gcuid oibre.

Rinne an ÚFIÉ cigireacht ar

110

asraon miondíola le measúnú a dhéanamh ar a gcomhlíonadh le Rialacháin an AE um Lipéadú Fuinnimh





Scéim Oibleagáide um Éifeachtúlacht Fuinnimh

Tá sé de dhualgas ar gach soláthraí mór fuinnimh coigilteas éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach faoin Scéim Oibleagáide um Éifeachtúlacht Fuinnimh (EEOS). Ní mór do na soláthraithe sin, ar a dtugtar páirtithe faoi oibleagáid, a gcuid coigilteas a sheachadadh ó gach earnáil deiridh a úsáideann fuinneamh. Déanann an ÚFIÉ an scéim a riaradh, le maoirsiú beartais ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Tá an ÚFIÉ freagrach, thar ceann an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, as monatóireacht agus tomhas de choigilteas a baineadh amach faoin EEOS. Áirítear coigilteas a sheachadtar faoin scéim i dtreo sprice gach páirtí faoi oibleagáid. Tuairiscítear iad seo, ar a seal ag Éirinn chuig an AÉ faoi Airteagal 7 den Treoir um Éifeachtúlacht Fuinnimh. Is é ról an ÚFIÉ ná a dheimhniú go gcomhlíonann an coigilteas ceanglais na Treorach.

In 2021, dhún an ÚFIÉ an chéad tréimhse den scéim, a bhí ar siúl ó 2014 go 2020. Sholáthair an scéim breis agus 5.1 TWh

“ In 2021, dhún an ÚFIÉ an chéad tréimhse den scéim, a bhí ar siúl ó 2014 go dtí 2020. Seachadadh an scéim os cionn 5.1 TWh choigilteas éifeachtúlachta fuinnimh sa tréimhse sin. ”

de choigilteas éifeachtúlachta fuinnimh sa tréimhse sin. Léiríonn an coigilteas seo fritháireamh in astaíochtaí CO₂ de timpeall 1.2 Mt agus coigilteas airgeadais athfhillteach de thart ar €250 milliún in aghaidh na bliana.

Tar éis athmhúnlú a dhéanamh ar an Treoir um Éifeachtúlacht Fuinnimh, chinn an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide go leanfaidh Éire ar aghaidh ag baint úsáide as Oibleagáidí Soláthraí Fuinnimh i gcomhar le bearta malartacha chun a sprioc ceangailteach 2030 Airteagal 7 a bhaint amach. In 2021 aistríodh an scéim go céim nua. Tá an scéim athbheithnithe ag teacht go dlúth leis an bPlean Gnímh don Aeráid agus le gealltanais an Chláir don Rialtas agus tá spriocanna níos mó leagtha síos aige do pháirtithe faoi oibleagáid. Cumasóidh na spriocanna seo iarfheistiú níos doimhne san earnáil intíre agus éascóidh siad tionscadail a mbeidh amanna aisíocaíochta níos faide acu sna hearnálacha tráchtála agus tionsclaíocha.

Le linn na hidirthréimhse, rinne feidhmiú na scéime in 2021 405 GWh de choigilteas deiridh fuinnimh a bhaint amach, arb ionann é agus fritháireamh astaíochtaí CO₂ de 100 kt.

Tá an scéim ina príomh-éascaitheoir ar choigilt fuinnimh ó úsáideoirí móra fuinnimh tionsclaíochta agus oibríonn páirtithe faoi oibleagáid le cuideachtaí móra líonra fuinnimh tionscail an ÚFIÉ. In 2021, le tacaíocht ó pháirtí faoi oibleagáid, bhain monaróir comhábhar cógaisíochta coigilteas de 1.4 GWh amach trí athsholáthar an chórais giniúna nítrigine toirt sheasta atá acu faoi láthair le córas athraitheach atá in ann scálú de réir éilimh an láithreáin.

Tá an ÚFIÉ ag obair leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar dheardh deiridh na scéime agus ar an dréachtú den chreat reachtaíochta atá mar bhonn agus thaca ag an scéim.

Buaicphointí 2021



Deontais ar fiú €14 milliún iad fógartha do thionscadail a leanann Caighdeán EXEED (Sármhaitheas i nDearadh Tíosach ar Fhuinneamh) an ÚF.



500 pobal anois mar chuid de ghréasán fuinnimh pobail an ÚFIÉ atá chun tosaigh in aistriú fuinnimh na hÉireann.



Sa Comhardú Sealadach Fuinnimh, 2020 aibhsíodh tionchar Covid-19 agus laghdú 9.2% ar an úsáid fhoriomlán fuinnimh in 2020.

EANÁIR

FEABHRA

MÁRTA


AIBREÁN

BEALTAINE

MEITHEAMH


Sa Tuarascáil Bhliantúil 2020 ar Fheidhmíocht na hEarnála Poiblí um Éifeachtúlacht Fuinnimh léiríodh gur bhain comhlachtaí poiblí €1.55 billiún amach i gcoigilteas fuinnimh idir 2009 agus 2019.

Maoiniú €10 milliún curtha ar fáil do thionscadail taighde agus nuálaíochta fuinnimh.



2,000 duine ag freastal ar an chéad Seó Fuinnimh fíorúil ÚFIÉ mar gheall ar shrianta Covid-19.

Chuaigh an ÚFIÉ i gcomhpháirtíocht le hÚdaráis Áitiúla chun maoiniú idirlinne a sholáthar le haghaidh uasghrádú fuinnimh pobail.





Chuir an ÚFIÉ tacaíocht deontais pobail ar fáil don fheirm gréine is mó i bPoblacht na hÉireann ag gléasra Eli Lilly i gCorcaigh.

I dTuarascáil Chomhairleach BER nua an ÚFIÉ tugtar

treochlár pearsantaithe d'úinéirí tí chun a mbaile a thabhairt suas go dtí rátáil fuinnimh B2 nó níos airde.



€57 milliún de mhaoiniú Rialtais do 83 tionscadal fuinnimh pobail agus baile fógartha ag an Aire Eamon Ryan TD



Cóisir Guzzler seolta mar leabhar scéalta um ghníomhú ar son na haeráide do dhaltai ó Naíonáin Shóisearacha go rang 2.

IÚIL

ÚNASA

MEÁN FÓMHAIR


DEIREADH FÓMHAIR


SAMHAIN

NOLLAIG

Ag Dámhachtainí Fuinnimh an ÚFIÉ 2021 déantar seaimpíní fuinnimh inbhuanaithe a cheiliúradh i searmanas ar líne.

Reáchtáil an ÚFIÉ feachtas Dúshlán Fuinnimh Baile ar feadh seachtaine ag taispeáint do thomhaltóirí conas a bheith níos tiosaí ar fhuinneamh sa bhaile.







Rialachas

Cuirimid fianaise láidir
ar fáil don Rialtas chun
bonn eolais a chur faoi
bheartas fuinnimh



Tuarascáil um Éifeachtúlacht Fuinnimh

Léiríonn feidhmíocht fuinnimh an ÚFIÉ don bhliain 2021 laghdú 10% ar an úsáid deiridh fuinnimh ó 2020. Bliain eile d'obair chumaisc a bhí anseo idir oifig agus baile de bharr na paindéime COVID-19.

Bhain ídiú fuinnimh arís le háitíocht níos lú sna hoifig; mar sin féin d'fhan ceanglas maidir le huaireanta teasa agus aeraithe eatramhacha a leathnú chun cloí leis na moltaí ar shláinte an phobail a bhain le COVID-19.

Ní dhearnadh iniúchadh iomlán ar an éifeacht a bhain lenár n-athlonnú go dtí ár n-oifig nua i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2019 toisc nach raibh bliain iomlán oibríochta againn fós in oifig 3 Phlás na Páirce. Déanfaidh an phleanáil reatha do shocrú oibre cumaisc de réir na Straitéise Náisiúnta um Chianobair foráil do shocrúithe níos foirmiúla. Socrófar leis seo caighdeán nua le haghaidh tomhaltais ón dara cuid de 2022 agus trí na blianta ina dhiaidh sin.

Arís eile, in 2021, b'ionann Trí Plás na Páirce agus timpeall 90% de thomhaltas foriomlán fuinnimh an ÚFIÉ ar fud ár gceithre oifig agus dhá fheithicil leictreacha cuideachta. Treisíonn sé seo an fhíríc go leanfaidh oifig Bhaile Átha Cliath de bheith ina príomhréimse fócais d'fheabhsúcháin maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú astaíochtaí.

Tá achoimre ar úsáid fuinnimh ar fud na gceithre oifig agus feithiclí cuideachta sa tábla thíos.

Úsáid Fuinnimh	2020	2021
ÍDIÚ DÍREACH LE HAGHAIDH OIFIGÍ AGUS DO CHARRANNA		
Leictreachas: Soilsíú, TFC, Cumhacht Oifige, Aeráil Téimh & Aeroiriúnú (HVAC) 2 x Feithiclí Leictreacha 3 x pointí luchtaithe EV (kWh TFC)	288,645	235,290
Gás nádúrtha le haghaidh téimh (kWh TFC)	204,470	206,799
Ola gháis mharcáilte le haghaidh téimh (kWh TFC)	0	0
GPL le haghaidh Téamh	3,154	4,664
Iomlán do Thomhaltas Díreach	496,269	446,753
ASTAÍOCHTAÍ CO₂ (kg)	136,305*	113,062

* Rinneamar failli an t-ábhar CO₂ den LPG a áireamh in aighneacht na bliana seo caite.

GNÍOMHARTHA UM ÉIFEACTÚLACHT FUINNIMH ATÁ BEARTAITHE DO 2022 - 2023

- Tá Foireann Glas á bunú chun an misean agus an plean chun astaíochtaí CO₂ an ÚFIÉ a ísliú a chur in iúl;
- Úsáidfidh an Fhoireann Ghlas uirlis 'Bearna chuig Sprioc' an ÚFIÉ chun ár Spriocanna um Ghníomhú ar son na hAeráide a phleanáil agus chun monatóireacht agus diagnóis a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcoinne Spriocanna 2030:
 - Sprioc laghdaithe 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa¹;
 - Feabhsú ar éifeachtúlacht fuinnimh go 50%.
 - Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid an ÚFIÉ a fhoirmiú ailínithe lenár n-uaimhian aeráide².
- Leanfaidh an ÚFIÉ de bheith rannpháirteach i gCóras Monatóireachta agus Tuairiscithe na hEarnála Poiblí (M&T) chun cur chun feidhme an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide a rianú;
- Tá sé beartaithe againn deimhniú foirmiúil a fháil ar ais go dtí Caighdeán Córas Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001:2018. Cuireadh moill air seo mar gheall ar chianoibriú agus laghdú ar úsáid thimpeallacht na hoifige;
- Cuirfidh an ÚFIÉ dea-chleachtas chun cinn i measc ár bhfórsa saothair agus cuirfidh sé fáilte roimh thionscnaimh feabhsúcháin ar dhramhaíl, fuinneamh, astaíochtaí, taisteal, soláthar agus digitiú;
- Leanfaimid de bheith i dteagmháil le bainistíocht saoráid ag Trí Plás na Páirce d'fhonn ár gcóras méadraithe agus rialú oibriúcháin ar úsáideoirí suntasacha fuinnimh a bharrfheabhsú.

¹ Nóta: I rith na mblianta tagartha 2016-2018, bhí an ÚFIÉ suite i lorg níos lú le líon foirne níos ísle.

² Tá sé seo i gcomhréir leis an Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide & um Fhorbairt Ísleacharbóin (Leasú), 2021.

Freagracht Chorporáideach Shóisialta ag ÚFIÉ

Déanann an ÚFIÉ Freagracht Shóisialta Chorporáideach, nó CSR, a chur chun cinn agus a chur chun feidhme go gníomhach ar leibhéal eagraíochtúil agus mar chuid den chomhrá lenár bpáirtithe leasmhara éagsúla.

Tá an ÚFIÉ paiseanta faoi dhaoine agus féachaimid le tionchar dearfach a thiomáint ar an tsochaí, ar fhostaithe, ar pháirtithe leasmhara agus ar an gcomhshaol.

In 2021 mar shochaí, thosaíomar ag dul isteach i gcaibidil nua sa phaindéim. Bhí roinnt gníomhaíochtaí, amhail ár rannpháirtíocht i bpobail, ar feitheamh fós mar gheall ar threoir sláinte poiblí. Thosaigh gníomhaíochtaí eile, mar shocrúcháin ollscoile agus intéirneachtaí, ag tosú arís ag teacht le dea-chleachtas. Leanamar ag díriú ar fholláine agus ar thacaíochtaí solúbtha don fhoireann a lean orthu ag obair go cianda den chuid is mó le linn na tréimhse athraithe agus éiginnteachta seo.

CAD ATÁ BAINTE AMACH AGAINN GO DTÍ SEO I NGACH CEANN DEN CHEITHRE CHOLÚIN



1 An Pobal

- Tiomsú airgid carthanachta (áiríodh le faighteoirí in 2021 Cumann, Naomh Uinseann de Pól, agus Focus Ireland).
- Tacóimid leis an gClub 30% in Éirinn, a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le híosmhéid 30% de Chomhardú Inscne a bhaint amach ag gach tábla cinnteoireachta sinsearach ar fud na hÉireann, lena n-áirítear Boird agus C-suite.

Tá ceithre cholún den CSR faoina bhfuil ár ngníomhartha leagtha amach againn.

1. **An Pobal:** Idirghníomhú le comhpháirtithe agus eagraíochtaí pobail
2. **An Comhshaol:** Acmhainní a laghdú, a athúsáid agus a athchúrsáil
3. **An Áit Mhargaidh:** Cinntí tráchtála freagracha le soláthraithe agus le custaiméirí
4. **An tIonad Oibre:** Tacú le fostaithe agus iad a mhealladh



2 An Comhshaol

Tá an inbhuanaitheacht i gcroílár gach rud a ndéanaimid san ÚFIÉ. Le linn na paindéime agus muid ag teacht amach as tréimhsí srianta, leanamar ar aghaidh le bearta lena n-áirítear:

- Tionscnamh um Thaisteal Níos Cliste san Ionad Oibre de chuid Ailse na hÉireann chun fostaithe a spreagadh siúl agus dul ar rothar
- Ceannach páipéar printéir athchúrsáilte, málaí tae inmhúirín, laghdú ar earraí plaisteacha a ceannaíodh (cupáin agus suaitheantais ainmneacha), agus taighde ar bheartais ghlasa na soláthraithe
- Deireadh a chur le cupáin uisce plaisteacha
- Leabharlann um roinnt leabhar na bhfostaithe
- Úsáid leanúnach a bhaint as cupáin caife inmhúirín, sceanra agus coimeádáin beir leat
- Scaradh leanúnach ar dhramhaíl oifige
- Oifig gan pháipéar a thabhairt isteach ar fud na heagraíochta
- Is foirgneamh rátáilte A3 BER é ár bpríomhoifig
- Tá dhá charr lánleictreacha ag an ÚFIÉ a úsáideann an fhoireann le haghaidh taistil ghnó



An Áit Mhargaidh

- Tá soláthar imeachtaí inbhuanaithe thar a bheith tábhachtach dár bpleanáil imeachtaí a bhfuil seicliosta de bhearta comhshaoil á n-úsáid againn anois ó ionaid ionchasacha. In 2021 tharla imeachtaí beagnach mar gheall ar threoir sláinte poiblí, agus tá nithe foghlamtha againn ó na heispéiris sin le haghaidh imeachtaí amach anseo.
- Ceannach trealamh TFC atá tíosach ar fhuinneamh, ag tabhairt cuntas ar chaighdeáin chomhshaoil, éifeachtúlachta fuinnimh agus fuaraithe.
- Rinneadh athbhreithniú ar chumarsáid le custaiméirí i go leor codanna den eagraíocht agus is próiseas leanúnach é chun seirbhís níos fearr a chinntiú. Áirítear leis seo athbhreithniú ar ár suíomh gréasáin, próiseas iarratais agus cairt chustaiméirí.



An tIonad Oibre

- Chun folláine ár bhfoirne a spreagadh agus tacú le linn na paindéime, tá roinnt tionscnamh socraithe againn, lena n-áirítear ranganna ióga, seimineáir ghréasáin ábhartha, agus maidineacha caife ar fud na heagraíochta.
- Cuirimid Clár Cúnaimh d'Fhostaithe ar fáil saor in aisce a sholáthraíonn comhairleoireacht rúnda, oiliúint tuismitheora agus gairm bheatha, saineolas gan teorainn, agus tairseach tacaíochta folláine ar líne dár bhfoireann dhíreach agus indíreach agus dá dteaghlaigh.
- Tá ár gCoiste um Chomhionannas, Cuimsiú agus Ilchineálacht seolta againn arís. Thug an chianobair léargas ar conas is féidir linn straitéis nua um Chomhionannas, Cuimsiú agus Éagsúlacht a ullmhú don todhchaí oibre tar éis na paindéime.
- Leanadh le gníomhaíocht Sláinte agus Sábháilteachta Fostaithe i dtimpeallacht chianoibre, lena n-áirítear measúnuithe eirgeanamáíochta agus cainteanna bosca uirlisí ar shaincheisteanna ábhartha.
- Cuirtear Scagthástáil Sláinte Fostaithe agus cúnaimh folláine ar fáil do gach fostaí.
- Tionscnamh atá faoi cheannas fostaithe an ÚFIÉ is ea an Grúpa Mná i bhFuinneamh a thacaíonn agus a spreagann rannpháirtíocht na mban san earnáil fuinnimh.
- Spreag na Dúshláin Chéimeanna um Thaisteal Níos Cliste san Ionad Oibre agus na Dúshláin Rothaíochta um Thaisteal Níos Cliste a bhí ar siúl i rith na bliana foirne le bheith gníomhach, ag cur soghluaisteachta inbhuanaithe chun cinn.
- Tá an Scéim um Iompar Poiblí um Rothaíocht chun na hOibre agus Coigilte Cánach ar fáil do chách – úsáideann fostaithe feithicil leictreach na cuideachta le haghaidh taistil a bhaineann le gnó, rud a laghdaíonn astaíochtaí agus a thacaíonn lena n-úsáidí.

Rialachas Corparáideach

Tá Ráiteas Rialachais foriomlán an ÚFIÉ agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird, mar a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016, leagtha amach sna Ráitis Airgeadais don bhliain 2021 a ghabhann leis seo.

SWIFT 3000 DEIMHNIÚ RIALACHAIS CHORPARÁIDIGH/ MEASÚNÚ SEACHTRACH

I mí Aibreáin 2011, ba é an ÚFIÉ an chéad eagraíocht san Eoraip, poiblí nó príobháideach, ar bronnadh deimhniú uirthi faoi chaighdeán SWIFT 3000 an Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI).

Is caighdeán é seo a bhain le Cód Cleachtais do mheasúnú Rialachais Chorporáidigh in Éirinn. Is é an cuspóir measúnú a dhéanamh ar chreataí rialachais chorporáidigh eagraíochtaí agus go sonrach, an leibhéal comhlíonta ag eagraíochtaí le cóid rialachais agus dea-chleachtais. Rinneadh athbhreithniú breise ar chomhlíonadh an ÚFIÉ le ceanglais SWIFT 3000 i mí na Nollag 2020 agus cuireadh an toradh faoi bhráid Bhord an ÚFIÉ in Eanáir 2021. Ag eascairt ón measúnú is déanaí seo, choinnigh an ÚFIÉ an deimhniú tábhachtach seo um rialachas corparáideach. Mar sin, leanann an ÚFIÉ ar aghaidh ag feidhmiú de réir caighdeán dea-chleachtais rialachais chorporáidigh.

Cuimsíonn próiseas deimhniúcháin SWIFT 3000 athbhreithniú seachtrach cuimsitheach ar struchtúir, próisis, nósanna imeachta agus ábhar Bhord an ÚFIÉ lena n-áirítear comhlíonadh reachtaíocht an ÚFIÉ, Creat Cód Rialachais an ÚFIÉ, Dearbhuithe Leasa ag comhaltaí Boird, agus feidhmiú Choistí Boird srl.

RIALACHAS

Cé gurb é an tAcht um Fhuinneamh Inbhuanaithe an phríomhfhoirse rialachais chorporáidigh don ÚFIÉ, ceanglaítear ar an ngníomhaireacht freisin cloí le raon forálacha reachtúla eile (Náisiúnta agus AE) agus ceanglais riaracháin. Dearbhaíonn an ÚFIÉ gur chomhlíon sé a oibleagáidí chun na ceanglais seo a chomhlíonadh. Tá na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais shonracha:

Riachtanais Ghinearálta Riaracháin agus Beartais

Ar an leibhéal náisiúnta, oibríonn an ÚFIÉ go dlúth leis na hoifigigh ábhartha sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus le hoifigigh ó Ranna Rialtais eile agus ó ghníomhaireachtaí stáit. Tá sé seo riachtanach i gcomhthéacs a chuspóirí a chur chun cinn agus a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais reachtúla, riaracháin agus

Aireachta / Rialtais. Ar an leibhéal áitiúil, oibríonn an ÚFIÉ go dlúth le gníomhaireachtaí stáit eile agus le raon leathan eagraíochtaí áitiúla agus ionadaithe poiblí chun beartas agus tionscnaimh fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt go réamhghníomhach. Tá sé seo mar bhonn agus mar thaca ag an gcuspóir straitéiseach náisiúnta foriomlán go mbeidh an ÚFIÉ lárnach chun geilleagar ísealcharbóin a thabhairt chun críche trí bhearta agus trí ghníomhaíochtaí atá dírithe ar an aistriú go geilleagar níos cliste agus todhchaí fuinnimh níos inbhuanaithe. Déantar an obair agus an idirghníomhaíocht seo de réir na dtreoracha beartais éagsúla a d'eisigh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

I mí Mheán Fómhair 2016, ghlac Bord an ÚFIÉ go foirmiúil leis an gCód Cleachtais athbhreithnithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú i Lúnasa 2016. Soláthraíonn an ÚFIÉ faisnéisí do chomhaltaí an Bhoird ar riachtanais an Chóid agus tá raon gníomhartha, nósanna imeachta agus tionscnamh curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Mar a luadh thuas, déantar meastóireacht freisin ar an ÚFIÉ ar a chomhlíonadh leis an gCód seo faoi phróiseas deimhniúcháin SWIFT 3000. Ina theannta sin, tá a Chreat Cód Rialachais iomlánaíoch féin ag an ÚFIÉ don eagraíocht, a chuimsíonn ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déanann Bord an ÚFIÉ athbhreithniú ar an gCreat um Chód Rialachais seo ar bhonn bliantúil agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚFIÉ www.seai.ie.

I bhfianaise an chúlra seo, deimhníonn an ÚFIÉ go bhfuiltear ag cloí leis na Codanna seo a leanas den Chód Cleachtais.

Cuid 1: Ról an Bhoird

CUID 1.2: CAIGHDEÁIN EITICIÚLA

Mar a dúradh thuas, tá Creat Cód Rialachais ar leith ceaptha

ag Bord an ÚFIÉ, i gcomhairle le bainistíochta sinsearach an ÚFIÉ. Leagtar amach anseo na struchtúir agus na nósanna imeachta cuí chun a chinntiú go bhfuil na socruithe rialachais agus cuntasachta láidir agus éifeachtach ar fud an Údaráis. Áirítear sa Chreat seo Cód Iompraíochta Gnó do chomhaltaí an Bhoird, an t-iompar atá riachtanach ag cruinnithe Boid. Ceanglaítear ar chomhaltaí Boid agus ar bhaill foirne ainmnithe freisin an reachtaíocht um Eitic in Oifigí Poiblí a chomhlíonadh ar bhonn bliantúil.

CUID 1.7: CÚRSAÍ ATÁ LE CINNEADH AG AN MBORD

Tá Sceideal Cúrsaí foirmeálta ceadaithe ag Bord an ÚFIÉ atá forchoimeáda go sonrach aige lena chinneadh, lena chinntiú go bhfuil treoir agus rialú an chomhlachta go daingean ina lámha. Tá sé seo leagtha amach i gCreat Cód Rialachais an ÚFIÉ.

CUID 1.11: COINBHLEACHT LEASA

Tá nósanna imeachta cuimsitheacha bunaithe ag Bord an ÚFIÉ chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann idir lucht bainistíochta agus chomhaltaí an Bhoird.

CUID 1.14: NOCHTADH FAOI CHOSAINT

D'fhaomh Bord an ÚFIÉ ag a chruinniú an 8 Nollaig 2021, Cairt Bheartais um Nochtadh Cosanta leasaithe (Sceithirí), ina gcuirtear san áireamh na ceanglais nua a eascraíonn as an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014. Déantar é seo a athbhreithniú ar bhonn bliantúil mar chuid den athbhreithniú ar Chód Rialachais an ÚFIÉ.

CUID 1.17: RÁITEAS STRAITÉISE

Le linn 2021, chaith Bord an ÚFIÉ go leor ama le Straitéis nua a fhorbairt don eagraíocht. Cheadaigh an Bord an straitéis agus cuireadh faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Sa Straitéis "Réabhlóid Fuinnimh na hÉireann a Sheachadadh" cumhdaítear an tréimhse ó 2022 go 2025 agus d'fhaomh an tAire go foirmiúil í i mí an Mheithimh 2022 í.

CUID 6: GNÓ AGUS TUAIRISCIÚ AIRGEADAIS

Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh bliantúil ar Ráitis Airgeadais an ÚFIÉ agus cuirtear faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide iad le Tuarascáil Bhliantúil an ÚFIÉ i gcomhréir leis an Acht um Fuinneamh Inbhuanaithe, 2002. Áirítear leis seo scrúdú ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach bliantúil (SIC).

Cuireann an Cathaoirleach na tuarascálacha seo isteach de réir na gceanglas atá leagtha amach in Alt 1.9 de na ceanglais Ghnó agus Airgeadais den Chód athbhreithnithe. Maidir leis seo, deimhníonn an ÚFIÉ go gcomhlíonann sé beartas an Rialtais maidir le luach saothair iomlán an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus luach saothair na mball foirne eile de réir na socruithe atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ina theannta sin, comhlíonann an ÚFIÉ na treoirlínte a chlúdaíonn íocaíocht táillí le

Cathaoirigh agus Stiúrthóirí/comhaltaí Chomhlachtaí Stáit, Tá sceideal táillí agus speansas an Bhoird do chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas Rialachais.

Rialachas Corparáideach (ar lean)

Cuid 7: Bainistíocht Riosca agus Rialuithe inmheánacha

CUID 7.1: BAINISTÍOCHT RIOSCA

Forbraíodh measúnú riosca cuimsitheach agus beartas bainistíochta san ÚFIÉ agus tá an creat bainistíochta riosca iomlán faofa ag an mBord. Tá sásraí cuí bunaithe ag Bord an ÚFIÉ agus ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca chun a chinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú go hiomlán agus go ndéanann sé monatóireacht agus athbhreithniú ar a éifeachtúlacht.

CODANNA 7.4: ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACTHÚAIGHT DE RIALÚ INMHEÁNACH

Coinníonn agus feidhmíonn an ÚFIÉ córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Déanann na hiniúcháirí inmheánacha seachfhoinsithe athbhreithniú ar an gcóras um rialuithe inmheánacha airgeadais ar bhonn bliantúil, agus bhí sé seo amhlaidh i leith 2021. Tá na ceanglais maidir leis an athbhreithniú seo, mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, curtha i bhfeidhm i leith 2021.

Tá an t-athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha agus an Ráiteas ar Rialú Inmheánach (SIC) gaolmhar le haghaidh 2021 faofa ag Coiste Iniúchta agus Riosca an ÚFIÉ agus ag an mBord. Deimhnítear an t-athbhreithniú sa litir bhliantúil ón gCathaoirleach chuig an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Ina theannta sin, tá ráiteas an Chathaoirligh ar rialuithe inmheánacha airgeadais san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil (féach leathanach 52).

CUID 7.7: INIÚCHADH INMHEÁNACH

Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh bunaithe go cuí ag an ÚFIÉ de réir na bprionsabail atá leagtha amach sa Chód Cleachtais agus tá Cairt fhoirmiúil aige, atá faofa ag an mBord.

CUID 7.12: AN COISTE INIÚCHTA & RIOSCA

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca bunaithe ag an ÚFIÉ le téarmaí sonracha tagartha, faofa ag an mBord, a ndéantar athbhreithniú orthu ar bhonn bliantúil.

Cuid 8: Máthair-Roinn agus ról Maoirseachta

CUID 8.4: COMHAONTUITHE MAOIRSEACHTA

Tá Creat foirmiúil Maoirseachta agus Feidhmíochta/Comhaontú Leibhéal Seirbhíse i bhfeidhm ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus ag an ÚFIÉ. Tar éis cainteanna idir DECC agus ÚFIÉ, leathnaíodh an Comhaontú reatha.

CUID 8.16: NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE SOLÁTHAR

Tá próiseas Soláthair Phoiblí iomchuí ag ÚFIÉ, a chomhlíonann na tairseacha luacha reatha chun rialacha an AE agus rialacha náisiúnta a chur i bhfeidhm. Nós imeachta caighdeánach sa phróiseas soláthair seo is ea tairiscint iomaíoch.

CUID 8.44: COMHLÍONADH CÁNACH

Deimhníonn an Cathaoirleach, sa litir ar leith a tugadh don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide gur chomhlíon ÚFIÉ a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach.

Treoirínte do Mheasúnú agus Bainistiú Tograí Caiteachais Chaipitil

Tá nósanna imeachta dea-bhunaithe agus láidre i bhfeidhm ag an ÚFIÉ don Mheasúnú agus Bainistiú ar thionscadail Chaiteachais Chaipitil a eascraíonn faoi na cláir Chaipitil (deontais).

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004

Tá an ÚFIÉ tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus tá an comhionannas ina thosaíocht bhunaithe san eagraíocht. Tá clár oibre comhionannais agus éagsúlachta forásach ag an ÚFIÉ agus feidhmíonn sé roinnt scéimeanna a thugann deiseanna don fhoireann freastal ar a riachtanais ghairme agus phearsanra lena n-áirítear saoire staidéir, cláir oideachais srl. Éascaíonn Próiseas Pleanála Feidhmíochta agus Fáis an ÚFIÉ forbairt ghairme agus phearsanta. Is mór ag an ÚFIÉ an éagsúlacht agus déanann sé a dhícheall a bheith ina fhostóir comhionannais ina spreagtar rannpháirtíocht an duine aonair, agus ina gcuirtear luach ar éagsúlachtaí.

Tá an ÚFIÉ tiomanta do thimpeallacht chothrom oibre/saoil a chothabháil agus a fhorbairt don fhoireann ar fad.

Iarscríbhinn 2020 a ghabhann leis an gCód Cleachtais um chun Comhlachtaí Stáit a Rialú maidir le Comhardú Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú.

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí 6 (55%) chomhaltaí baineanna agus 5 (45%) chomhalta fireann ag an mBord, agus bhí post amháin folamh.

Mar sin comhlíonann an Bord sprioc an Rialtais ionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne i mballraíocht na mBord Stáit.

Leanfar de na bearta seo a leanas a chur i bhfeidhm chun cothromaíocht inscne ar an mBord seo a chothabháil agus chun tacú leis:

Beidh dlúth-chomhordú agus comhar idir an ÚFIÉ agus an tAire Comshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir le ceapacháin Boird. Áireofar leis seo pléití ar fhad théarmaí an Bhoird a athrú. Is é an tAire a dhéanann ceapacháin boird, nuair a thagann siad chun cinn de réir an Achta um Fhuinneamh Inmharthana 2002, arna leasú leis an Acht Fuinnimh 2016. Cuirfear ceanglais Iarscríbhinn 2020 i bhfeidhm maidir le gach ceapachán Boird.

An tAcht um Shábháilteacht Ba é Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

Déanann an tAcht seo, a thagann in ionad fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas 1988, an dlí reatha a chomhdhlúthú agus a nuashonrú. Leanann an ÚFIÉ de bhearta cuí a ghlacadh chun cosaint a thabhairt do shábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí agus cuairteora agus feasacht a chur chun cinn laistigh dá oifigí chun forálacha an Achta seo a chomhlíonadh. Síneann sé seo chuig na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004.

Cairt Chustaiméirí

Tá Cairt Chustaiméirí foilsithe ag an ÚFIÉ, ina leagtar amach a thiomantas d'ardchaighdeán seirbhíse. Áirítear sa Chairt seo nós imeachta chun déileáil le gearáin, má thagann siad chun cinn. In 2021, fuarthas 77 gearán faoin gCairt seo. Tá sé seo ar fáil freisin ar www.seai.ie.

An tAcht Um Íoc Pras Cuntas 1997

Tagann an ÚFIÉ faoi shainchúram an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 a tháinig i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 a tháinig i bhfeidhm an 7 Lúnasa 2002.

Tá sé mar bheartas ag an ÚFIÉ a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm, áfach, chun a chinntiú go n-íoctar ús déanach, más gá.

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001

De réir na hAchtanna thuas, tugann Comhaltaí Bhord an ÚFIÉ Ráitis Leasanna chomhlánaithe don Rúnaí gach bliain i gcomhlíonadh fhorálacha na hAchtanna. Ina theannta sin, comhlíonann baill foirne an ÚFIÉ, a bhfuil poist ainmnithe acu, an dá Acht.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003

Is comhlacht forordaithe é an ÚFIÉ faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus cloíonn sé go hiomlán leis na ceanglais atá leagtha amach sna hAchtanna. Ba cheart iarratais ar fhaisnéis faoi na hAchtanna a sheoladh chuig an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, ÚFIÉ, 3 Plás na Páirce, Sráid Haiste, Baile Átha Cliath 2.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1998 agus 2004 / RGCS

Tá an ÚFIÉ cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Baineann cosaint sonraí le ceart bunúsach an duine chun príobháideachta agus chun smacht a fheidhmiú ar an gcaoi a n-úsáidtear a gcuid faisnéise pearsanta.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tagann an ÚFIÉ faoi shainchúram Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, a síníodh ina dhlí ar 14 Iúil 2003 chun creat reachtúil a sholáthar do sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.

Tuarascáil Riosca ÚFIÉ

CUR CHUIGE MAIDIR LE BAINISTÍOCHT RIOSCA

Cuireann an ÚFIÉ sárchleachtas i bhfeidhm, mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus ISO 31000, maidir le rioscaí a shainaithint, a mheasúnú agus a rialú lena chinntiú go laghdaítear iad go leibhéal atá inghlactha ag an mBord maidir lena chuspóirí a bhaint amach. Tacaíonn bainistíocht éifeachtach rioscaí agus saothrú deiseanna le forbairt agus le cur chun feidhme éifeachtach straitéis an ÚFIÉ.

Tá freagracht ar gach pearsanra ag an ÚFIÉ dul i ngleic le dea-chleachtas bhainistíochta riosca agus rannchuidiú le rioscaí, teagmhais riosca agus easnaimh rialaithe aitheanta/féideartha a shainaithint, a bhainistiú agus a thuairisciú.

CREAT UM BHAINISTIÚ RIOSCA

Glacann Creat Bainistíochta Riosca an ÚFIÉ cur chuige iomlánaíoch lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta sainithe, mar aon le cultúr bainistithe riosca atá cothaithe laistigh den eagraíocht.

Tá Bord an ÚFIÉ freagrach as an bhunsraith do bhainistiú riosca a bhunú ar fud na heagraíochta trína lamháltas maidir le riosca a chur in iúl go soiléir ("Inghlacthacht Riosca") ar bhonn leanúnach. San inghlacthacht riosca, leagtar amach an tuiscint ar chumas an ÚFIÉ riosca a ghlacadh, a chur in iúl agus a chainníochtú ar bhealach a bhfuil brí leis do cinntí laethúla. Tá Bainistíocht an ÚFIÉ freagrach as a chinntiú go n-oibríonn an ÚFIÉ ar bhealach atá ag teacht le hInghlacthacht Riosca an Bhoird.

Comhtháthaítear bainistíocht riosca ar fud gach leibhéal den eagraíocht, ionas go dtacaíonn gach leibhéal le leibhéal eile. Tá bainistíocht riosca á threorú ón mbarr agus bunaithe ar struchtúir agus ar fhreagrachtaí atá sainmhínithe go soiléir. Tá sé leabaithe i ngnáthghnáthaimh agus gníomhaíochtaí na heagraíochta, agus an fhoireann ar fad ar an eolas faoi ábharthacht an riosca chun a gcuid cuspóirí a bhaint amach.

PRÍOMH-RIOSCAÍ IN 2021 AGUS TAR ÉIS

Le linn 2021, cosúil le cinn eile, lean an ÚFIÉ ag oiriúnú do na dúshláin gan fasach a chruthaigh Covid-19. Cuireadh leis na dúshláin seo le slabhra soláthair srianta do theicneolaíochtaí agus seirbhísí fuinnimh agus práinn mhéadaithe le gníomhaíochtaí inbhuanaithe a mhéadú go náisiúnta chun tacú leis an tsochaí ina hiomláine bogadh níos forásaí a dhéanamh i dtreo todhchaí fuinnimh níos glaine d'Éirinn. Le linn 2021, d'oiriúnaigh an ÚFIÉ an Creat Bainistíochta Riosca chun dul i ngleic leis na dúshláin agus chun bonn eolais a chur faoi phríomhchinntí, lena cinntíodh gur thángthas ar chothromaíocht chúil idir baint amach cuspóirí agus bainistiú rioscaí. Príomhghné den Riosca

Is éard atá sa Chreat Bainistíochta ná cumarsáid agus teagmháil rialta lenár máthair-roinn rialtais, lenár gcustaiméirí, lenár bhfoireann, leis an slabhra soláthair agus leis an margadh.

In 2022, is rithábhachtach anois slándáil an tsoláthair agus na himpleachtaí costais a bhaineann le spleáchas na hÉireann ar allmhairí breosla iontaise. Tacaíonn sé seo leis an bpráinn a bhaineann lenár n-aistriú fuinnimh. Trí neamhspleáchas fuinnimh is féidir linn ár n-iontaoibh ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a bhaint, ár n-astaíochtaí carbóin a ísliú agus ár dtodhchaí a dhaingniú.

Tugtar achoimre sa tábla seo a leanas ar chuid de na príomhrioscaí a bhainistigh an ÚFIÉ le linn 2021 agus a leanfar dá mbainistiú go dtí 2022.


Réimse Riosca	Cur síos ar Riosca:	Maolú
Sóisialta/ Geopholaitiúil	<p>COVID-19</p> <p>I bhfianaise nádúr an Covid-19 agus go háirithe na dianghlasála a forchuireadh, cuireadh srian le rochtain chun oibreacha a dhéanamh ag tús 2021.</p>	<p>D'fhreagair an ÚFIÉ ar bhealach lúfar trí choigeartuithe cuí a chur chun feidhme ar ár gcláir thacaíochta, chun leanúnachas seirbhíse a chinntiú agus sinn ag obair go cianda agus chun caighdeáin chuí rialachais agus comhlíonta a choinneáil. Tháinig méadú mór ar an éileamh ar chlár thacaíochta deontais an ÚFIÉ idir lár agus deireadh 2021. Leanfaidh an ÚFIÉ ar aghaidh ag freagairt d'aon tionchar a eascraíonn ó Covid-19 le linn 2022.</p>
	<p>COGADH SAN ÚCRÁIN</p> <p>Tá tionchar ag an gcogadh san Úcráin, ar cuireadh tús leis in 2022, ar chostas breoslaí iontaise le haghaidh fuinnimh agus ar shlándáil an tsoláthair fuinnimh b'fhéidir.</p>	<p>Le linn 2022, tá an ÚFIÉ ag déanamh monatóireachta ar an tionchar atá ag staid na hÚcráine ar an earnáil fuinnimh agus ar an gcaoi a bhféadfadh an choinbhleacht seo dul i bhfeidhm ar Éirinn. Tá an ÚFIÉ ag comhoibriú le comhghleacaithe inár máthair-Roinn agus le gníomhaireachtaí stáit eile chun ár gcláir a oiriúnu nuair a d'fhéadfadh oiriúnuithe den sórt sin cabhrú le costais agus slándáil an tsoláthair a bhaineann leis an staid reatha fuinnimh a mhaolú.</p>
Eacnamaíoch	<p>SLABHRA SOLÁTHAIR</p> <p>Bhí roinnt fachtóirí i bhfeidhm a chuir leis na dúshlán slabhra soláthair a bhí ann le linn 2021 lena n-áirítear Paindéim Covid, Brexit, bac ar Chanáil Suez, soláthar saothair agus tacar scileanna, costais mhéadaithe agus infhaighteacht ábhar agus amanna ceannais.</p> <p>Leanann na dúshlán sin ar aghaidh isteach in 2022 agus is measa iad mar gheall ar an athrú atá tagtha ar chúrsaí san Úcráin..</p>	<p>Tá monatóireacht á déanamh ag an ÚFIÉ ar thionchar na ndúshlán sa slabhra soláthair chomh maith le bheith i dteagmháil leis an slabhra soláthair chun cur lenár dtuiscint ar dhálaí an mhargaidh agus conas freagairt do na dúshlán sin.</p> <p>Tá an ÚFIÉ ag comhoibriú le gníomhaireachtaí seachtracha chun forbairt scileanna a bhrú chun cinn in 2022.</p>
Seachadadh Straitéiseach	<p>EAGRAÍOCHT AR SCÁLA</p> <p>Tá an ÚFIÉ i gcoilár sholáthar Phlean Gnímh don Aeráid 2021 de chuid an Rialtais. Leagtar amach spriocanna uailmhianacha do 2030 sa Phlean. D'fhonn ár gcuspóirí agus ár n-uailmhianta straitéiseacha a bhaint amach, chun tacú leis an bPlean Gnímh don Aeráid, ní mór don ÚFIÉ an eagraíocht a mhéadú agus an t-éileamh ar thacaíochtaí agus iad a tharraingt anuas a mhéadú.</p>	<p>Tá an ÚFIÉ ag cur lenár n-oibríochtaí de réir scála chun dul i ngleic leis an dúshlán.</p> <p>Is príomhfhreagairtí don dúshlán seo iad an Clár Náisiúnta Iarfheistithe agus forbairt na Siopaí Ilfhreastail a forbraíodh le linn 2021 agus a seoladh go luath in 2022.</p>
	<p>EARCAÍOCHT</p> <p>Bhí an earcaíocht le linn 2021 dúshlánach mar gheall ar mhargadh fostaíochta buacach, cás a leanann ar aghaidh go dtí 2022.</p>	<p>Reáchtáil an ÚFIÉ roinnt feachtas dírithe earcaíochta le linn 2021 le haghaidh príomhróil agus sheol sé Feachtas Earcaíochta Náisiúnta in 2022.</p>
	<p>PRÓISEAS</p> <p>Chuir méadú ar líon na dtacaíochtaí a sholáthraíonn an ÚFIÉ mar aon le héileamh méadaitheach gach mí brú ar phróisis agus ar shreafaí oibre atá ann cheana féin.</p>	<p>Bhain an ÚFIÉ úsáid as a shamhail seachfhoinisithe do phríomhphróisis áirithe chun arduithe i leibhéil ghníomhaíochta a bhainistiú.</p> <p>In 2021, chuir an ÚFIÉ tús le próiseas chun Sprioc-Samhail Oibriúcháin a aithint a thugann aghaidh ar an mbealach is iomchuí ar na hathruithe is gá de réir mar a fhorbraíonn an eagraíocht chun a sainchúram méadaitheach agus marthanach a sheachadadh. Cuireadh tús le Tionscadal Claochlaithe ar leith in 2022, chun an Spriocshamhail Oibriúcháin nua a sheachadadh ar bhonn céimnithe.</p>
Airgeadas	<p>CAILLTEANAS AIRGEADAIS / RIOSCA CALAOISE</p> <p>I bhfianaise nádúr ghnó an ÚFIÉ, lena n-áirítear soláthar tacaíochtaí deontais, ní mór dó bainistiú leanúnach a dhéanamh ar an acmhainneacht le haghaidh cailteanas airgeadais nó calaoise.</p>	<p>Tá rialuithe agus seiceálacha láidre airgeadais agus eile curtha i bhfeidhm ag an ÚFIÉ chun calaois agus earráid a chosc agus a bhrath. Tá na rialuithe seo faoi réir athbhreithnithe bhliantúil maidir le hoiriúnacht agus éifeachtacht.</p>
Teicneolaíocht	<p>CIBEARSHLÁNDÁIL</p> <p>Riosca cibear-ionsaí as a dtiocfadh cur isteach ar leanúnachas gnó, lena n-áirítear líonraí, córais nó sonraí i mbaol.</p>	<p>Tá Córas Bainistíochta um Shlándáil Faisnéise (ISMS) ag an ÚFIÉ atá ailínithe le ISO27001 agus a chuimsíonn oiliúint rialta foirne agus tástáil treáite córais.</p>





Airgeadas

Soláthraíonn éifeachtúlacht
fuinnimh tairbhí intomhaiste
eacnamaíocha agus
fostaíochta



Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2021

Bunaíodh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) le héifeacht ón 1 Bealtaine 2002, de bhun an Achta um Fhuinneamh Inmharthana 2002 (arna leasú).

Tá feidhmeanna an Údaráis leagtha amach in Alt 6 den Acht 2002. Is iad príomhfheidhmeanna an ÚFIÉ mar atá forordaithe in Acht 2002 (arna leasú):

- táirgeadh, soláthar agus úsáid fuinnimh a chur chun cinn agus cuidiú leo, lena n-áirítear ó fhoinsí in-athnuaite, ar bhealaí atá inbhuanaithe agus éifeachtúil ó thaobh an chomhshaoil de;
- a chur chun cinn agus cabhrú le laghdú astuithe gáis cheaptha teasa agus truailléin aeir a bhaineann le húsáid fuinnimh;
- taighde agus forbairt teicneolaíochtaí a chur chun cinn agus cabhrú leo agus comhairle, faisnéis agus treoir a sholáthar maidir le hábhair a bhaineann le fuinneamh;
- gníomhaíochtaí a ordóidh an tAire amhlaidh a cheadú, a rialáil agus a rialú ó am go chéile.

Cloíonn an ÚFIÉ le dlíthe agus rialacháin ábhartha a rialaíonn a ghníomhaíochtaí agus leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 (arna leasú) ("an Cód").

Leagtar amach sa tuarascáil Rialachais seo struchtúir rialachais an ÚFIÉ agus sonraítear na príomhréimsí fócais a bheidh ag Bord an ÚFIÉ in 2021.

STRUCHTÚR AN BHOIRD

Tá struchtúr an Bhoird forordaithe le reacht. Is é an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, ("an tAire") a cheapann comhaltaí an Bhoird le toiliú an Aire Airgeadais, de réir an Achta um Fhuinneamh Inmharthana 2002, arna leasú leis an Acht Fuinnimh 2016. Ainmníonn an tAire comhalta amháin den Bhord (seachas an Príomhfheidhmeannach) mar Chathaoirleach ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana. Ceaptar comhaltaí Boird ar feadh tréimhsí suas le 5 bliana agus féadfar iad a athcheapadh suas go huastréimhse de 8 mbliana de réir larscribhinn 2020, ar Chomhardú Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú, den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Is comhalta ex officio den Bhord é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.

Tá an Bord cuntasach don Aire. Cuirtear cuspóirí agus tosaíochtaí an Aire in iúl don Bhord trí Phleananna Forbartha Náisiúnta, Pleananna Gnímh don Aeráid agus Comhaontú Seachadta Feidhmíochta chomh maith le Pleananna Seirbhíse bliantúla a cheapadh. Tá idirphlé rialta idir an Cathaoirleach, an POF, bainistíocht an ÚFIÉ agus an tAire agus a (h)oifigigh.

Tá struchtúr Coistí bunaithe ag an mBord chun cabhrú leis a fhreagrachtaí a chomhlíonadh.

Is iad bainistíocht, rialú agus stiúradh rialta an ÚFIÉ ó lá go lá freagracht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (POF) agus na foirne bainistíochta sinsearaí. Leanann an POF agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach an treo leathan straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord agus cinntíonn siad go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar nithe a bhaineann le hoibriú an ÚFIÉ, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le seachadadh a shainordaithe arna leagan síos ag an Aire. Feidhmíonn an POF mar cheangal díreach idir an Bord agus bainistíocht ÚFIÉ.

RÓL AN BHOIRD AGUS FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Tá ról leathan an Bhoird leagtha amach in Alt 10 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 agus sonraítear freagrachtaí níos sainiúla an Bhoird, ina n-aonair agus go corparáideach, i gCreat Rialachais an ÚFIÉ, atá faoia ar bhonn bliantúil ag an Bhoird agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚFIÉ (www.seai.ie).

Tá an Bord freagrach as straitéis agus beartais leathana a leagan síos don eagraíocht. Tá sé freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaigh agus as próisis agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil an córas éifeachtach. Comhlíonann sé na feidhmeanna seo go díreach agus trí fheidhmiú Coistí Boird ar leith de réir Téarmaí Tagartha ceadaithe. Is ar bhainistíocht feidhmiúcháin an ÚFIÉ atá an fhreagracht as beartas a chur i bhfeidhm.

Tá ábhair áirithe forchoimeáda go sonrach ag an mBord le cinneadh a dhéanamh faoin mBord agus áirítear ar na míreanna seasta a bhreithníonn an Bord:

- Ceanglais maidir le Córam agus Dearbhú Leasa
- Fíorú de Mhiontuairiscí de chruinnithe roimhe seo
- Nithe a thagann chun cinn agus Pointí Gnímh gaolmhara
- Tuarascáil an Chathaoirigh
- Tuarascáil CEO
- Tuarascálacha Airgeadais, Buiséid agus Caiteachais
- Forbairtí straitéise agus tuarascálacha feidhmíochta an ÚFIÉ
- Moltaí soláthair agus deontais a bhreithníú, de réir údarais cheadaithe tharmligthe
- Tuarascálacha an Fho-Choiste a bhreithníú
- Athbhreithniú Riosca Corparáideach / Bainistíocht Riosca
- Rialachas agus nithe forchoimeáda

Ceanglaítear le hAlt 24(2) den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 go gcoimeádfaidh an tÚdarás, i cibé foirm a cheadóidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gach cuntas is cuí agus is gnách ar airgead a fhaightear agus a chaitear. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar Bhord ÚFIÉ:

- Beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta atá réasúnta agus stuama a dhéanamh.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé i mbun gnó;
- a lua go leanadh caighdeán chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtadh agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil, a nochtann, le cruinneas réasúnta ag am ar bith, a staid airgeadais agus cuireann sé ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002.

Tá freagracht ar mBord as cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus na faisnéise airgeadais ar láithreán gréasáin an ÚFIÉ.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus an buiséad a cheadú. I mí Eanáir 2022 i leith 2021, rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht an SEAI faoi threoír an phlean bhliantúil agus an bhuiséid.

Tá an Bord freagrach as a chuid sócmhainní a chosaint, agus dá bhrí sin chun bearta réasúnta ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais SEAI léargas fíor agus ceart ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais SEAI amhail an 31 Nollaig 2021. Le linn 2021, thug an Bord agus Coiste Iniúchta agus Riosca an ÚFIÉ aird shonrach agus mhionsonraithe ar thionchar COVID-19 ar an eagraíocht agus díriodh go mór air seo i rith na bliana. Tugtar aghaidh air seo sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach.

ÉIFEACTÚLACHT AN BHOIRD

Tá an Bord freagrach as straitéis agus beartais leathana a leagan síos don eagraíocht. Tá sé freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaigh agus as próisis agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil an córas éifeachtach. Tá próiseas ionductaithe agus forbartha cuí agus cuimsitheach i bhfeidhm do chomhaltaí an Bhoird. Maidir le baill nua, nuair a cheaptar iad, tugtar faisnéisiú cuimsitheach dóibh ar an ngníomhaireacht agus a cuid oibríochtaí.

Leanann an ÚFIÉ dá stádas deimhniúcháin SWIFT 3000 a choinneáil, ar scrúdú agus meastóireacht neamhspleách é ag measúnóirí NSAI ar nósanna imeachta rialachais chorparáidigh an ÚFIÉ agus comhlíonadh leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Críochnaíodh an mheastóireacht NSAI is déanaí i Samhain/Nollaig 2020 agus cuireadh an toradh i láthair an Bhoird i mí Eanáir 2021. I mí Eanáir 2022, i gcomhthéacs athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht fhoriomlán an Bhoird, rinne an Bord athbhreithniú cuimsitheach ar a ghníomhaíochtaí, a oibríochtaí agus a thorthaí don bhliain 2021.

Bhí 12 chruinniú ag an mBord le linn 2021 agus reáchtáladh 11 acu sin ar bhonn cianda trí Microsoft Teams de bharr na Paindéime COVID-19. Maidir leis na nithe Boird seo don bhliain 2021, bhreithnigh an Bord an achoimre chuimsitheach ar ghníomhaíochtaí / cinntí ceannaireachta straitéiseacha, agus ar mhaoirseacht/rialachas agus ar a mhonatóireacht ar na córais agus rialuithe san ÚFIÉ. Ar an iomlán, léiríodh san anailís seo go ndearna an Bord gach iarracht a fhreagrachtaí a chomhlíonadh, ar bhealach cuí agus éifeachtach, de réir na gceanglas atá leagtha amach san Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 agus sa Chód Cleachtais athbhreithnithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Deimhnítear sa mheastóireacht/measúnú seachtrach a bhaineann leis an bpróiseas deimhnithe um Rialachas Corparáideach SWIFT 3000, comhlíonadh foriomlán an ÚFIÉ leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

SEAI Board



Dermot Byrne
Cathaoirleach

Ceaptha 1 Meán Fómhair 2020

Tá cúlra Dermot in innealtóireacht agus bainistíocht fóntais. Bhí sé ina POF ar EirGrid trína chéim thionscnaimh agus fáis, ó 2005 go 2012. Roimhe sin bhí sé ina Cheannaire ar Líonraí BSL. Ó d'éirigh sé as EirGrid, d'fhóin Dermot ar roinnt Bord lena n-áirítear Element Power (cuideachta forbartha gaoithe), agus VITA (gníomhaireacht forbartha Éireannach thar lear le fócas láidir ar phobail tuaithe agus gníomhaíocht aeráide san Afraic Thoir) a raibh sé ina chathaoirleach air. Tá Dermot ina Chomhalta d'Innealtóirí Éireann agus bhí sé ina uachtarán air in 2016/17. Thar ceann DCENR (DECC anois) bhí sé ina chathaoirleach ar shainghrúpa chun Straitéis Náisiúnta um Thaighde Fuinnimh a fhorbairt. Foilsíodh tuarascáil an ghrúpa - Energy Innovation Ireland - in 2016.



An Dr Peter Brennan

Arna cheapadh an 6 Bealtaine 2015, athcheaptha an 9 Bealtaine 2018

Tá Peter ina Stiúrthóir Bainistíochta ar EPS Consulting, comhairleacht taighde beartais phoiblí, agus ina Chathaoirleach ar Bid Services, an chuideachta chomhairleach tairisceana agus soláthair is mó in Éirinn. Tá suim ar leith agus saineolas aige ar athrú aeráide agus fuinneamh. Bhí sé ina chathaoirleach ar Ghrúpa Taighde ar Athrú Aeráide an IEA ó 2007 go 2015 agus bhí sé ina chomhairleoir do Chomhchoiste an Oireachtais ar Athrú Aeráide agus Fuinnimh. Thug sé léachtaí ar Chlár Máistreacht agus Teastais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ar Airgeadas Fuinnimh Inmharthana. Tá sé ina údar ar ríomhleabhar ar dheiseanna gnó sa gheilleagar glas. Bhí sé ina Stiúrthóir ar Ghnóthaí Eorpacha agus Forbairt Straitéise ag IBEC agus bhí sé ina Stiúrthóir ar Bhiúró Gnó na hÉireann a bhí lonnaithe sa Bhruiséil ó 1986 go 2001. Ina ghairm bheatha roimhe sin d'oibrigh sé sa Roinn Tionscail agus Fuinnimh agus Gnóthaí Eachtracha.



An Dr Lisa Ryan

Arna cheapadh an 6 Bealtaine 2015, athcheaptha an 9 Bealtaine 2018

Is ollamh in eacnamaíocht fuinnimh í Lisa i Scoil na hEacnamaíochta in Ollscoil Bhaile Átha Cliath agus tá sí i gceannas ar eacnamaíocht fuinnimh in Institiúid Fuinnimh Ollscoil Bhaile Átha Cliath le saineolas in éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite agus eacnamaíocht athrú aeráide. Ba í an eacnamaí sinsearach fuinnimh san Aonad um Éifeachtúlacht Fuinnimh ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) i bPáras go dtí samhradh 2013 áit a raibh sí i gceannas ar thionscadail a bhain le hairgeadas éifeachtúlachta fuinnimh, iompar, agus beartas tras-earnála. D'oibrigh sí roimhe seo mar chomhairleoir neamhspleách san eacnamaíocht fuinnimh agus comhshaoil d'eagraíochtaí rialtais idirnáisiúnta agus Éireannacha, chomh maith leis na hearnálacha príobháideacha agus poiblí. Tá PhD ag Lisa san eacnamaíocht comhshaoil ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.



Michael Wall

Arna cheapadh an 6 Bealtaine 2015, athcheaptha an 9 Bealtaine 2018, d'éirigh as ag deireadh téarma an 8 Bealtaine 2021

Tá Michael ina abhcóide le speisialtóireacht sa dlí pleanála, comhshaoil agus tógála. Is iarbhall de bhord an Bhoird Pleanála é agus d'oibrigh sé mar ailtire i gcleachtas príobháideach. Is Comhalta é d'Institiúid Ríoga na nAiltirí agus tá MBA aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá Michael ina chomhalta boird freisin den Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, ina Chathaoirleach ar Chumann Seirseach na hÉireann agus ina chomhalta boird de chuid Amharclann na Mainistreach agus Ceoldráma Náisiúnta na hÉireann.

**Kate Ruddock**

Ceaptha an 16 Feabhra 2017

Chaith Kate cuid mhór dá gairm bheatha san earnáil ENR ag obair le heagraíochtaí agus líonraí comhshaoil lena n-áirítear Cairde an Domhain, an comhrialtas Stop Climate Chaos, agus Líonra Comhshaoil na hÉireann. Tá taithí aici ar bheartais um fhuinneamh inbhuanaithe, tionscadail fuinnimh pobail agus oideachas comhshaoil agus molann sí d'Éirinn a sciar cothrom a imirt chun freagairt don ghéarchéim aeráide agus bhithéagsúlachta. Tá Céim bainte amach ag Kate san Eolaíocht Nádúrtha ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Máistreacht in Inbhuanaitheacht Chomhshaoil ó Ollscoil Dhún Éideann agus Teastas i bhFuinneamh In-athnuaite ó Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan.

**Andrew Ennis**

Ceaptha an 14 Iúil 2017

Tá Andrew ina Stiúrthóir ar Fhuinneamh In-athnuaite le Bartra Capital, a bhfuil gníomhaíochtaí infheistíochta aige i réimsí éagsúla i margadh bonneagair na hÉireann lena n-áirítear, tithíocht, cúram sláinte, maoin tráchtála agus fuinneamh in-athnuaite. Is Cuntasóir Cairte é agus tá B.Comm agus M.Acc aige ó Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. Tá os cionn 16 bliana de thaití airgeadais chorparáidigh ag Andrew i margadh bonneagair na hÉireann, le speisialtóireacht i bhfuinneamh agus i bhfuinneamh in-athnuaite. D'oibrigh Andrew roimhe seo d'Aonad NewERA Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a bunaíodh chun comhairle airgeadais chorparáidigh a sholáthar do Rialtas na hÉireann maidir le bainistiú agus diúscairt shócmhainní Stáit agus infheistíocht i bpríomhbhonneagar eacnamaíoch. D'oibrigh sé freisin le NCB Corporate Finance (anois mar chuid de Investec Ireland), le speisialtóireacht i gcumasc agus éadálacha bonneagair, luachálacha agus tiomsú airgid.

**Ann Markey**

Ceaptha an 14 Iúil 2017

Is Comhalta de Chuntasóirí Cairte Éireann í Ann agus is ceannaire gnó le taithí, cathaoirleach coiste agus stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin í. Tá taithí fairsing aici sa tionscal leictreachais agus bhí sí ina feidhmeannach sinsearach le BSL agus le Greencoat Capital, príomhchuideachta infheistíochta fuinnimh in-athnuaite. Cuimsíonn a taithí gnóthaí traidisiúnta leictreachais chomh maith le hinfheistiú i dteicneolaíocht ísealcharbóin agus i gcuideachtaí fuinnimh in-athnuaite. Tá sí ina stiúrthóir neamhspleách neamhfheidhmiúcháin ar Foresight Solar Fund Limited, cuideachta infheistíochta gréine PV atá liostaithe i Londain. Tá sí freisin ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Velocys plc, cuideachta teicneolaíochta breoslaí inbhuanaithe idirnáisiúnta atá liostaithe ag AIM agus a bhfuil ceanncheathrú aige sa RA. Tá sí ina ball de Choiste Iniúchta & Riosca an FSS. Bhí sí ina comhalta Boird ar Ghníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh go dtí Meitheamh 2021 agus bhí sí ina Cathaoirleach ar a Coiste Iniúchóireachta & Riosca.

**Léan Doody**

Ceaptha an 31 Deireadh Fómhair 2018

Tá Léan ina Stiúrthóir ar Chathracha Comhtháite agus ar Phleanáil Leader Europe, do Arup. Tá os cionn 20 bliain de thaití ghairmiúil aici sa tionscal lena n-áirítear obair le cliant éagsúla ó rialtais chathrach agus náisiúnta go forbróirí príobháideacha, agus ar thionscadail éagsúla ina bhfuil obair fairsing straitéise agus bheartais ar fheidhmiú teicneolaíochtaí cliste. Áirítear le hobair thionscadail le déanaí obair straitéise agus bheartais dhigitigh do rialtais na Danmhairge agus Shingearpór, d'Údarás Mhór Londain, do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, do Sydney, do Canberra agus do thionscadail mhóra mháistirphleanála i Maidrid, Singeapór agus Dubai. Sa réimse seo atá ag forbairt tá sí gníomhach ag obair le hinstiúidí taighde agus comhlachtaí tionscail chun caighdeán idirnáisiúnta agus clár oibre taighde a shocrú, lena n-áirítear an Institiúid um Chaighdeán na Breataine agus Ionad Ollscoil Cambridge um Bonneagar Cliste agus Foirgníocht. Is Léachtóir Sinsearach Oinigh í ag Coláiste na hOllscoile Londain sa Roinn Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Beartais Phoiblí agus scrúdaitheoir seachtrach ag an Royal College of Art i Londain.

SEAI Board (continued)



Joe O Carroll

Ceaptha an 28 Feabhra 2019

Tá os cionn 25 bliain de thaithí ag Joe sna hearnálacha Fuinnimh, Inbhuanaitheachta agus Teicneolaíochtaí Digiteacha. D'oibrigh sé in Éirinn, sa RA, sna Stáit Aontaithe, san Afraic agus sna Balcáin. Is Céimí san Eolaíocht Talmhaíochta ó UCED é, tá MBA (UCC) agus Diplóma i dTreoir Cuideachta (Institiúid na Stiúrthóirí) aige. Tá clár oiliúna feidhmiúcháin críochnaithe aige ag IMI Bhaile Átha Cliath agus ag Scoil Kennedy ag Harvard. Tar éis a ghnó fuinnimh in-athnuaite féin a bhunú, a mhéadú agus a dhíol idir 2008 agus 2017 bhí poist shinsearacha bhainistíochta aige lenar cúlúdháidh réimsí mar bhainistíocht ghinearálta, straitéis, tráchtálú, díolacháin & margáocht agus tiomsú airgid. Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é ar ghnó turasóireachta agus gnólacht comhairleoireachta bainistíochta a dhéanann sainfheidhmiú ar an earnáil cógaisíochta thionsclaíoch. Faoi láthair tá Joe ina Bhainisteoir Ginearálta ar shraith Mol Nuálaíochta i Réigiún an Mheán-Oirthir, lena n-áirítear MERITS - mol do Ghnólachtaí Nuathionscanta Teicneolaíochta, agus an Mol Nuálaíochta Eachaí ag Graí Náisiúnta na hÉireann. Tá poist bhoird aige le Treemetrics - gnó SaaS atá lonnaithe i gCorcaigh, Fairways agus FunDays - príomhoibreoir Turais Gailf na hEorpa, agus Fiontair Lochlann - gnó comhairliúcháin theicniúil san earnáil Cógaisíochta.



Justina Corcoran

Ceaptha an 07 Bealtaine 2020

Tá post Príomhoifigeach ag Justina faoi láthair, sa Rannóg um Oiriúnú Aeráide agus Rannpháirtíochta Saoránach na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Tá os cionn 20 bliain de thaithí ghairmiúil aici, san earnáil phoiblí, thar raon leathan agus éagsúil de Ranna. Mar iar-Cheann an Iníuchtá Inmheánaigh sa Roinn tuigean sí agus tá sí paiseanta faoi chur chun cinn agus a chinntiú go bhfuil córas láidir agus éifeachtach Rialachais agus Rialaithe Inmheánaigh ann agus go mbíonn sé faoi bhláth laistigh d'Eagraíocht. Le blianta beaga anuas, chríochnaigh Justina cáilíocht Cuntasáíochta Gairmiúla ACCA ag baint amach an chéad áit amach in Éirinn (2ú háit ar fud an domhain) ar an bpáipéar ar leibhéal gairmiúil Rialachais, Riosca agus Eitice agus an 1ú Áit in Éirinn (8ú háit ar fud an domhain) ar pháipéar leibhéal gairmiúil um Ard-Tuairisciú Corparáideach. Bhí ról cheannaireachta aici freisin maidir le Tionscail Náisiúnta ar nós an Chórais Náisiúnta Postchóid ("Éirchóid") agus le déanaí threoraigh sí an Roinn i dtreo comhlíonadh a bhaint amach le tabhairt isteach an GDPR mar Oifigeach Cosanta Sonraí.



Sharon O'Connor

Ceaptha an 01 Meán Fómhair 2020

Is Comhalta agus Stiúrthóir Cairte í Sharon ar Institiúid na Stiúrthóirí le breis agus cúig bliana is fiche de thaithí ceannaireachta sinsearach. Is Comhalta Cairte í den Institiúid um Fhorbairt Pearsanra, agus tá cáilíocht ghairmiúil aici sa Mhargáocht freisin. Chríochnaigh sí téarma 5 bliana le déanaí mar Chathaoirleach ar Údarás Oideachais TÉ, eagraíocht réigiúnach a fhostaíonn 44,000 le buiséad de £2bn. Bhí sí ina Príomhfheidhmeannach ar Chomhairle Cathrach Dhoire, agus tá suim mhór aici sa rialtas áitiúil agus tá sí ar Choimisiún na gCuntas d'Albain. D'fhóin sí freisin ar an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iníuchtíreacht. I mí Mheán Fómhair 2021, ceapadh í ina Stiúrthóir de Chuideachta Sealbhaíochta Iompair Thuaisceart Éireann. Cuimsítear ina hobair roimhe seo agus ina hobair reatha obair phríobháideach, phoiblí agus earnálacha pobail/deonacha mar úinéir gnó agus comhairleoir. Tá suim ar leith aici i bpleanáil pobail, in athbheochan agus i nuálaíocht san earnáil phoiblí.



William Walsh

POF

Tá William ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin san ÚFIÉ, tar éis dó post a bheith aige mar Phríomhoifigeach Oibríochtaí agus Príomhoifigeach Airgeadais araon. Chuaigh William isteach san ÚFIÉ 2013. Sular thosaigh sé leis an ÚFIÉ d'oibrigh sé don IFI áit a raibh roinnt ról aige lena n-áirítear Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Cúnta agus Stiúrthóir. Roimhe sin bhí poist bhainistíochta shinsearacha aige san earnáil phríobháideach. Is Cuntasóir Cairte é William, tá Baitsiléir Staidéar Gnó aige ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Diplóma Iarchéime i Straitéis, Nuálaíocht agus Athrú ó COBÁC.

ATHRUITHE AR BHALLRAÍOCHT AN BHOIRD

D'éirigh Ball Boird amháin, Michael Wall as a phost ag deireadh dá théarma an 8 Bealtaine 2021. Tháinig William Walsh chun bheith ina chomhalta ex officio den Bhord an 25 Márta 2021 faoi Alt 15(6) den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002, tar éis dó a bheith ceaptha ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an ÚFIÉ.

COISTÍ AN BHOIRD

I rith mhí na Bealtaine agus mhí an Mheithimh 2021, rinne Bord an ÚFIÉ athbhreithniú ar a struchtúr Coiste foriomlán. Bunaíodh na cúig Choiste seo a leanas. D'fhaomh Bord an ÚFIÉ ballraíocht reatha na gCoistí go léir an 30 Meitheamh 2021.

AN COISTE INIÚCHTA & RIOSCA

Tacaíonn an Coiste seo leis an mBord chun a fhreagrachtaí dlíthiúla agus cuntasaíochta a chomhlíonadh; déanann sé cumarsáid le hiniúcháirí seachtracha agus déanann sé meastóireacht agus maoirsiú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh; déanann sé athbhreithniú ar phleanáil airgeadais, ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, ar bhainistiú riosca agus próiseas measúnaithe, lena n-áirítear Clár Rioscaí an ÚFIÉ, agus déanann sé maoirsiú ar shocruithe buiséadaithe agus baincéireachta. Tá an Coiste neamhspleách ar bhainistiúcht airgeadais na heagraíochta agus cinníonn sé go ndéantar monatóireacht ghníomhach ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an Coiste chuig an mBord tar éis gach cruinnithe agus go foirmiúil, i scríbhinn ar bhonn bliantúil.

I rith 2021, bhí clár gníomhach oibre ag an gCoiste agus thug sé aghaidh ar raon leathan

saincheisteanna airgeadais, rialaithe inmheánaigh, bainistiúchta riosca agus rialachais.

Ar an iomlán, réachtáladh naoi (9) gcruinniú le linn na bliana agus rinneadh 8 gcinn díobh seo ar bhonn cianda. D'fheidhmigh an Coiste, dá bhrí sin, den chuid is mó ar an mbonn céanna le 2020 agus tá sé den tuairim arís nach raibh aon tionchar tromchúiseach aige ar éifeachtúlacht iomlán obair an Choiste i rith na bliana. Sna himthosca seo, lean an Coiste ar aghaidh ag tabhairt léargas neamhspleách oibiachtúil ar shaincheisteanna lasmuigh de na struchtúir bhainistiúchta ó lá go lá.

Baill

Ann Markey

Cathaoirleach
Ceaptha an 06 Feabhra 2019

Lisa Ryan

Ceaptha an 27 Iúil 2016

Michael Wall

Ceaptha an 27 Iúil 2016 agus d'éirigh sé as an 8 Bealtaine 2021

Martina Maher

Ball seachtrach
Ceaptha an 31 Iúil 2019

Sharon O'Connor

Ceaptha an 4 Samhain 2020

Joe O'Carroll

Ceaptha an 30 Meitheamh 2021

AN COISTE UM BAINISTIÚCHT FEIDHMÍOCHTA AGUS LUACH SAOTHAIR

Tá an Coiste seo freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha fostaíochta an Phríomhfheidhmeannaigh, laistigh de na treoirlínte arna mbunú ag an Rialtas. Tá sé freagrach freisin as athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh ar bhonn bliantúil i gcomhthéacs spriocanna agus cuspóirí comhaontaithe agus an Chomhaontaithe Leibhéal Seirbhíse idir an ÚFIÉ agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Ina

theannta sin, formheasann an Coiste forálacha Plean Gníomhaíochta an Údarais maidir le haon Chomhaontuithe Earnála Poiblí, nuair is infheidhme. Thionóil an Coiste dhá chruinniú le linn 2021.

Baill

Ceapadh iad go léir ar an gcéad dul síos an 4 Samhain 2020

Dermot Byrne

Cathaoirleach an Bhoird

Justina Corcoran

Sharon O'Connor

AN COISTE UM AN EARNÁIL GHNÓ AGUS PHOIBLÍ (COISTE SCÉIM TACAÍOCHTA DO THEAS IN-ATHNUAITE – SSRH ROIMHE SEO)

Tá an Coiste freagrach as maoirseacht agus monatóireacht chuí a chinntiú ar fhorbairtí /aschuir maidir le Clár Gnó agus Earnáil Phoiblí an ÚFIÉ agus freisin an Scéim Tacaíochta um Teas In-athnuaithe. Tá ról le himirt ag an gCoiste seo maidir le comhairle a thabhairt ar chúrsaí a bhaineann le maoiniú tionscail/gnó.

Baill

Ceapadh iad go léir ar an gcéad dul síos an 1 Bealtaine 2019

Andrew Ennis

Cathaoirleach

Ann Markey

Kate Ruddock

Joe O'Carroll

COMHLACHT NÁISIÚNTA SEACHADTA IARFHEISTITHE (NRDB), A BHÍODH MAR CHOISTE TASCFHÓRSA NÁISIÚNTA IARFHEISTITHE

Tá freagracht ar an gCoiste seo chun maoirsiú agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí, ar leibhéal straitéiseach, maidir le bunú agus feidhmiú an NRDB laistigh den ÚFIÉ. Áiríonn sé seo faomhadh ar Phlean Forfheidhmithe NRDB.

Tá sé freagrach freisin as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar aschuir ón NRDB i gcomhthéacs Phleananna Gnó bliantúla an ÚFIÉ.

Tofa

Ceaptha an 3 Meitheamh 2020, Dermot Byrne, ceaptha an 30 Meán Fómhair 2020

Peter Brennan

Cathaoirleach

Kate Ruddock

Léan Doody

Dermot Byrne

Cathaoirleach an Bhoird

Bhí Joe O'Carroll ina bhall den Choiste seo go dtí an 26 Iúil 2021.

AN COISTE UM THAIGHDE, BEARTAIS AGUS LÉARGAS

Is Coiste nua é seo a bhunaigh an Bord i mBealtaine 2021. Tá an Coiste freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chumarsáid straitéiseach agus ar bhearta chun tionchar an ÚFIÉ ar scaipeadh sonraí agus léargais ar fud an éiceachóras fuinnimh a fheabhsú. Déanann sé maoirseacht freisin ar sholáthar léargais agus comhairle straitéiseacha fuinnimh chuig an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus Ranna eile Rialtais agus seachadadh fheidhmeanna reachtúla an ÚFIÉ maidir le Staidreamh Fuinnimh, Samhaltú Fuinnimh, agus an Creat Náisiúnta um Shamhaltú Fuinnimh.

Tofa

Ceapadh iad go léir an 30 Meitheamh 2021

Lisa Ryan

Cathaoirleach

Peter Brennan

Andrew Ennis

Justina Corcoran

Freastalaíonn Cathaoirleach an Bhoird Dermot Byrne ar chruinnithe an Choiste seo.

Bord an ÚFIÉ (ar lean)

TINREAMH AR AN MBORD AGUS AR AN GCOISTE

Ó mhí an Mhárta 2020, nuair a thug an Rialtas srianta COVID 19 isteach, bunaithe ar chomhairle sláinte poiblí, tionóladh gach cruinniú de chuid Bhord agus Choiste an ÚFIÉ ar bhonn cianda (trí Microsoft Teams) cé is moite d'aon chruinniú amháin an 29 Meán Fómhair, 2021, a reáchtáladh duine le duine in 3PP de réir Threoirlínte Sláinte Poiblí agus Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta an ÚFIÉ ar an láthair chun comhlíonadh a chinntiú.

Comhalta an Bhoird	Bord 12 chruinniú	Coiste Iniúchta agus Riosca 9 gcruinniú (c)	Bainistíocht Feidhmíochta agus Coiste Luach Saothair 2 chruinniú	Comhlacht náisiúnta seachadta iarfheistithe 4 chruinniú	Coiste um Gnó agus Earnáil Phoiblí 5 chruinniú	An Coiste um Beartas Taighde agus Léargais 2 chruinniú	Táillí an Bhoird 2021 (€)
Dermot Byrne	12	N/B	2	4	N/B	1	11,970
Peter Brennan	11	N/B	N/B	4	N/B	1	7,695
Sharon O'Connor	12	9	2	N/B	N/B	N/B	7,695
Lisa Ryan	11	9	N/B	N/B	N/B	2	7,695
Michael Wall (a)	5	3	N/B	N/B	N/B	N/B	2,718
Kate Ruddock	9	N/B	N/B	3	4	N/B	7,695
Andrew Ennis	12	N/B	N/B	N/B	5	2	7,695
Ann Markey	12	9	N/B	N/B	4	N/B	7,695
Léan Doody	12	N/B	N/B	2	N/B	N/B	7,695
Joe O'Carroll	11	3	N/B	3	4	N/B	7,695
Justina Corcoran	11	N/B	2	N/B	N/B	2	-
William Walsh (b)	10	N/B	N/B	N/B	N/B	N/B	-
Iomlán							€76,248

- a) D'éirigh sé as an 8 Bealtaine 2021 ag deireadh an téarma.
 b) Chuaigh sé isteach sa Bhord i gCumas ex officio an 25 Márta 2021 tar éis ceapacháin mar Phríomhfheidhmeannach.
 c) Tá Ball Seachtach amháin ag an gCoiste seo.

Bhí beirt chomhaltaí Boidr Justina Corcoran agus William Walsh (POF) ann nach bhfuair táillí Boidr faoi phrionsabal Tuarastal Duine Amháin (OPOS).

Iócadh speansais dar luach €276 le comhaltaí Boidr in 2021.

CEANGLAIS TUAIRISCITHE UM AN CÓD CLEACHTAIS CHUN COMHLACHTAÍ STÁIT A RIALÚ

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil struchtúir agus córais i bhfeidhm ag an ÚFIÉ chun ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh. Leis an gCód, éilítear na nochtadh seo a leanas.

SOCHAIR GHEARRTHÉARMACHA NA BHFOSTAITHE

Déantar sochair gearrthéarmacha na fostaithe de bhreis ar € 60,000 a rangú sna bannaí seo a leanas:

Banna Sochair €	Líon na bhfostaithe an 31 Nollaig 2021	Líon na bhfostaithe an 31 Nollaig 2020
60,000 – 69,999	16	14
70,000 – 79,999	8	8
80,000 – 89,999	10	22
90,000 – 99,999	13	3
100,000 – 109,999	2	4
110,000 – 119,999	2	0
120,000 – 129,999	0	1
130,000 – 139,999	0	0
140,000 – 149,999	1	0

Chun críocha an nochtadh seo, áirítear le sochair fostaithe gearrthéarmacha maidir le seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, agus liúntais eile nuair is infheidhme ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra

COSTAIS CHOMHAIRLIÚCHÁIN

Sna costais chomhairliúcháin, áirítear costas comhairle sheachtraigh do bhainistíocht agus níl feidhmeanna "gnó mar is gnách" seachfhoinsithe san áireamh.

Mionsonraí	2021 €'000	2020 €'000
Comhairle Gairmiúil	625	567
Acmhainní Daonna	65	51
Feabhas Eagraíochtúil/Cláir	784	552
Forbairt Scéime	1,436	933
lomlán	2,910	2,103

	2021 €'000	2020 €'000
Costais chomhairliúcháin caipitlithe	–	–
Costais chomhairleoireachta gearrtha ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Coinnithe	2,910	2,103
lomlán	2,910	2,103

COSTAIS DLÍ AGUS SOCRUITHE

Tugann an tábla thíos miondealú ar na costais dlí a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe. Ní dhearnadh aon socraíocht le linn 2021 (2020: Nialas).

Mionsonraí	2021 €'000	2020 €'000
Comhairle Dlí	557	529
Táillí Dlí – Imeachtaí Dlí	31	38
lomlán	588	567

CAITEACHAS AR THAISTEAL AGUS COTHÚ

Áirítear leis an Ráiteas loncaim & Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coinnithe an caiteachas taistil agus cothabhála seo a leanas atá catagóirithe mar seo a leanas:

Mionsonraí	2021 €'000	2020 €'000
Intíre		
– Fostaí	19	32
Idirnáisiúnta		
– Fostaí	3	7
lomlán	22	39

CAITEACHAS OSPIDÉIL AGUS LEASA FOIRNE

Áirítear leis an Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coinnithe an caiteachas fáilteachais seo a leanas, níor tabhaíodh aon fháilteachas a bhain le cliaint.

Mionsonraí	2021 €'000	2020 €'000
Leas Foirne agus Fáilteachas	15	12

RÁITEAS MAIDIR LE COMHLÍONADH

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú, bhí an ÚFIÉ ag cloí go hiomlán leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021.

Sínithe thar ceann an Bhoird

Dermot Byrne

Dermot Byrne

Cathaoirleach

Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

RAON FEIDHME FREAGRACHTA

Thar ceann Bhord Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), admháim freagracht an Bhoird as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach

um rialú inmheánach á chothabháil agus á fheidhmiú. Leis an bhfreagracht seo, cuirtear san áireamh an ceanglas a bhaineann le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, (arna leasú). Maidir le 2021, bhreithnigh an Bord na tionchair a bhí ah COVID-19 a eascraíonn ó pheirspictíocht riosca, gnó agus rialuithe agus d'oibrigh sé go dlúth leis an POF, leis an bhfoireann bhainistíochta shinsearach agus leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca chun aghaidh a thabhairt ar gach saincheist a eascraíonn as an bpaindéim.

CUSPÓIR AN CHÓRAIS UM RIALÚ INMHEÁNACH

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras, mar sin, ach cinnteacht réasúnta seachas dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, faoin treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

CUMAS MAIDIR LE RIOSCA A LÁIMHSEÁIL

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (ARC) bunaithe ag an ÚFIÉ a bhfuil Téarmaí Tagartha sonraigh faofa ag an mBord. Bhí ceathrar comhaltaí Boird agus comhalta seachtrach amháin ar an gCoiste seo. Cuireadh an ARC ar an eolas faoi raon príomhcheisteanna le linn 2021. Sholáthair an lucht bainistíochta sinsearaí nuashonruithe rialta ar chúrsaí Airgeadais agus oibriúcháin, riosca, rialuithe inmheánacha agus iniúchtaí inmheánacha don ARC agus don Bhord le linn 2021. Áiríodh le nuashonruithe den sórt sin tionchar leanúnach na paindéime COVID-19 lena n-áirítear:

- Nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun cianobair fhoireann uile an Údaráis a éascú, lena n-áirítear a sláinte agus a sábháilteacht;
- Aon athrú oibriúcháin agus cumas TF a úsáidtear chun cleachtais oibre éifeachtacha a éascú;
- Tionchar ar bhuiséid agus ar chláir deontais;
- Tionchair agus rioscaí a bhaineann le nó a eascraíonn as gnó a dhéanamh le tríú páirtithe tábhachtacha;
- Rioscaí cibearshlándála, faisnéis curtha ar fáil don fhoireann chomh maith le hoiliúint éigeantach ríachtanach.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaigh curtha i mbun ag an ÚFIÉ, a bhfuil na hacmhainní leordhóthanacha aige agus a thugann faoi chláir oibre arna chomhaontú leis an ARC. Tá an clár oibre iniúchta inmheánach seachfhoinsithe do Mazars faoi láthair. Críochnaíodh Plean Iniúchta 2021. Tá iniúchadh inmheánach sásta go bhfuil córais an ÚFIÉ maidir le rialachas agus socruithe rialuithe ag feidhmiú go héifeachtach agus breithníodh na bearta breise arna nglacadh ag an ÚFIÉ sa timpeallacht chianoibre, rud a thugann ráthaíocht réasúnta maidir le leordhóthanacht agus oibriú rialuithe inmheánacha chun na rioscaí dúchasacha sin a bhfuil gníomhaíochtaí an ÚFIÉ nochtá dóibh a mhaolú agus/nó a bhainistiú agus cuspóirí an ÚFIÉ a bhaint amach.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an eagraíocht ina leagtar amach a fonn riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraítear ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Tá an beartas um bhainistíocht riosca eisithe don fhoireann go léir a bhfuiltear ag súil go mbeidís ag obair laistigh de pholasaí bainistíochta an ÚFIÉ chun bainistíocht a chur ar an airdeall maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laig rialaithe agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an ÚFIÉ chun monatóireacht a dhéanamh ar réimsí riosca calaoise féideartha agus tá beartais agus nósanna imeachta cuimsitheacha frith-chalaoise i bhfeidhm aige lena n-áirítear gníomhaíochtaí, clár iniúchta inmheánaigh agus maoirseacht agus rialú bainistíochta a bhrath agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Tá córais agus rialuithe i bhfeidhm ag an ÚFIÉ freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh théarmaí agus coinníollacha íocaíochtaí deontais. Sa chás go n-aithníonn an ÚFIÉ méideanna deontais/scéime atá inaísíochta dóibh má éiríonn sé as neamhrialtachtaí nó sáruithe ar théarmaí agus coinníollacha na ndeontas, saothraítear aísíocaíochtaí/ aísíocaíochtaí deontais ó na faighteoirí ábhartha. Nuair is gá, cuirtear cásanna in iúl do Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíochta.

CREAT RIOSCA AGUS RIALAITHE

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an SEAL, a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin a mhaolú, a mhéid agus is féidir.

Tá clár riosca i bhfeidhm, lena n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair an ÚFIÉ agus aithníodh na rioscaí sin, rinneadh meastóireacht orthu agus tugadh grád dóibh de réir a dtábhachta. Déanann an ARC agus an Bord an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn débhlíantúil.

Is mír sheasta í bainistíocht riosca ar Chláir ARC agus an Bhoird. Tá an

toradh na measúnuithe riosca chun an plean iniúchta inmheánaigh don bhliain a phleanáil agus chun acmhainní a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha. In 2021, nuashonraíodh an clár rioscaí i rith na bliana chun na rioscaí don ÚFIÉ a eascraíonn as an bpaindéim COVID-19 agus as fachtóirí eile a shainaithint agus a mhaolú. Ar an gclár riosca tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus chun freagracht as rialuithe a shannadh don fhoireann ar leith.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- Rinneadh doiciméadú de na nósanna imeachta maidir leis na príomhphróisis ghnó ar fad;
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach;
- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choimeádtar faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach agus ag an mBord;
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta agus na córais teicneolaíochta cumarsáide;
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint; agus

- Tá nósanna imeachta rialaithe ar mhaoiniú deontais chun rialú imleor ar cheadú deontas a chinntiú agus monatóireacht agus athbhreithniú ar dheonaithe lena chinntiú gur cuireadh maoiniú deontais i bhfeidhm don chuspóir a bhí beartaithe.

MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear na heaspaí rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus don Bhoird, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomh-rialuithe sin agus chun aon easnamh aitheanta a thuairisciú.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais; agus
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla maidir le feidhmíocht agus airgeadas lena léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

SOLÁTHAR

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an ÚFIÉ chun comhlíonadh na rialacha soláthair reatha a chinntiú agus treoirlínte agus gur chomhlíon an ÚFIÉ na nósanna imeachta sin i rith 2021.

ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACHTACHT


Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an ÚFIÉ chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta agus rialaithe um bainistíocht riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an ÚFIÉ ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, agus den Choiste Iniúchta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den ÚFIÉ atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2021 agus gur síníodh an t-athbhreithniú seo i mí an Mhárta 2022.

SAINCHEISTEANNA UM RIALÚ INMHEÁNACH

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach i ndáil le 2021 lena n-éilítear nochtadh sna ráitis airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird



Dermot Byrne

Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

28 Meitheamh 2022

Tuarascáil an Ard-Reachtair

Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

TUAIRIM AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

Tá ráitis airgeadais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann iniúchta agam don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha alt 24 d'Acht um Fuinneamh Inbhuanaithe 2002. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de:

- ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus ráiteas ar chúlchisítí ioncaim coimeádta
- an Ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach
- ráiteas maidir le staid airgeadais
- ráiteas maidir le sreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann amhail 31 Nollaig 2021 agus ar a ioncam agus a chaiteachas do 2021 de réir an Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102— *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

BUNÚS DON TUAIRIM


Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (ISAs) mar a d'fhógair Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúchta Uachtaraigh. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeán sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eitice eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor an fhianaise iniúchta a fuair mé agus tá sé cuí chun bunús do mo thuairim a sholáthar.

TUAIRISC AR FHAISNÉIS SEACHAS NA RÁITIS AIRGEADAIS, AGUS AR ÁBHAIR EILE

Chuir Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann faisnéis áirithe eile i láthair mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí a thuairisciú maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile a thuairiscim trí eisceacht, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis seo.



Seamus McCarthy

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2022

AGUISÍN LEIS AN TUARASCÁIL

Freagracht comhaltaí an Bhoird

Mar atá sonraithe sa ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- na ráitis bhliantúla airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 24 den Acht um Fuinneamh Inmharthana 2002
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cheart úsáid a bhaint as bhonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta, agus
- amhail rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a an ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 ráitis airgeadais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann a iniúchadh agus na torthaí a thuairisciú do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus atá iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina iomláine saor ó mhíríteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadtar míráiteas teacht as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é go bhféadtar a mheas go réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíoch na n-úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAanna, déanaim breithiúnas gairmiúil a fheidhmiú agus sceipteachas gairmiúil a choinneáil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- I rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais a aithint agus a mheasúnú cibé acu mar gheall ar chalaos nó earráid; dearaim agus déanaim na nósanna imeachta iniúchta atá freagrach do na rioscaí sin; agus fianaise iniúchta a fháil atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a sholáthar do mo thuairim. Tá an baol níos airde nach mbraithfí mífhaisnéis as calaois ná mar a bhraithfí mífhaisnéis as earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh thoilíúla, mífhaisnéis, nó maolú de rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna himthosca, ach ní chun tuairim a nochtadh maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáochta a úsáidtear agus réasúnacht meastachán cuntasáochta agus nochtadh gaolmhar.
- Tagaim i gcrích ar oiriúnacht úsáid bhonn gnóthais leantaigh cuntasáochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, maidir le cibé an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras mór a bheith aige ar chumas Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leanúnach.

Má thagaim gcrích go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, ní mór dom aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, má tá nochtadh den sórt sin neamhleor, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, féadfaidh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a bheith ina chúis d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun scor de leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar iomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear nochtadh, agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a thabharfaidh cur i láthair cothrom.

Cuirim in iúl dóibh siúd i gceannas rialachais, i measc nithe eile, raon feidhme agus uainiú an iniúchta agus torthaí iniúchta suntasacha, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithintim le linn m'iniúchta.

Tuairiscím freisin de réir eisceacht más rud é, dar liomsa,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- nach raibh na taifid chuntasáochta leordhóthanach ionas go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chléadaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, ná ní chuirim aon chonclúid dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is é an fhreagracht atá orm faoi na ISAanna ná an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair a léamh agus, atá é sin á dhéanamh againn, breithniú a dhéanamh cibé an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an míluaitear ar n-eolas a fuarthas san iniúchadh nó a mhalairt. Más rud é go bhfuil, bunaithe ar an obair a rinne mé, tagaim go dtí an tuairim go bhfuil míthuiscint ábhartha den eolas seo, ní mór dom an fíoras sin a thuairisciú.

Ag tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúinsí speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibriú. Tuairiscím má aithním ábhair ábhartha maidir leis an mbealach ina ndearnadh gnó poiblí.


Iarraim ar fhianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm i gcomhréir leis na cuspóirí atá beartaíte nó i gcás nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Ráiteas Ar Chúlchisítí Ioncaim Coimeádta

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2021

	NÓTAÍ	2021 €'000	2020 €'000
IONCAM			
Deontais Stáit	3	225,820	145,546
Rátáil Fuinnimh Foirgnimh	9	3,154	2,756
Ioncam Conartha AE	4	325	263
Ioncam Eile	5	175	132
Glanmhaoiniú larchurtha do Phinsin don bhliain	15(c)	2,461	2,347
Ranníocaíochtaí Pinsin Tarchurtha chuig DECC agus DPER	6.1	(404)	(322)
Ioncam Iomlán		231,531	150,722
CAITEACHAS			
Caiteachas Riaracháin	6	18,797	15,687
Caiteachas Cláir	7	209,236	133,501
Rátáil Fuinnimh Foirgnimh	9	2,796	2,422
Caiteachas Iomlán		230,829	151,610
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh leithreasaí		702	(888)
Gluaiseacht i méideanna atá dlite don DECC	8	(69)	(87)
Aistriú ón/(chuig an) gCuntas Caipitil	13	795	637
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain tar éis leithreasaí		1,428	(338)
Barrachas amhail an 1 Eanáir		2,017	2,355
Barrachas amhail an 31 Nollaig		3,445	2,017

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 21.



Dermot Byrne

Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na
hÉireann

28 Meitheamh 2022



William Walsh

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na
hÉireann


28 Meitheamh 2022

Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2021

	NÓTAÍ	2021 €'000	2020 €'000
RÁITEAS MAIDIR LEIS AN IONCAM CUIMSITHEACH			
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain tar éis Leithreasáí		1,428	(338)
(Cailteanas) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir		(149)	(647)
(Cailteanas) Achtúireach ag éirí as Athruithe ar Thoisimhdí atá mar bhonn le luach láithreach na n-oibleagáidí sochair scoir		(36)	(4,883)
(Cailteanas) Achtúireach sa Bhliain	15	(185)	(5,530)
Coigeartú ar Mhaoiniú Shochar Scoir larchurtha	15	185	5,530
Ioncam Cuimsitheach Iomlán don Bhliain		1,428	(338)


Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 21.



Dermot Byrne

Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

28 Meitheamh 2022



William Walsh

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann


28 Meitheamh 2022

Ráiteas ar an Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2021

	NÓTAÍ	2021 €'000	2020 €'000
SÓCMHAINNÍ			
Maoin, gléasra agus trealamh	10	3,218	4,013
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Airgead Tirim agus Cóibhéisí Airgid Thirim	14	6,525	4,980
Infhaighte & Réamhíocaíochtaí	11	1,729	1,255
		8,254	6,235
DLITEANAIS REATHA			
Iníoctha & Fabhruithe	12	(4,809)	(4,218)
Glan-Sócmhainní reatha		3,445	2,017
Oibleagáid Shochar Scoir	15 B	(50,414)	(47,768)
Sócmhainn Maoinithe Shochar Scoir larchurtha	15 B	50,414	47,768
Iomlán Glan-Shócmhainní		6,663	6,030
LENA N-IONADAÍTEAR			
Cuntas Caipitil	13	3,218	4,013
Cúlchistí Ioncaim a Choimeádtar		3,445	2,017
		6,663	6,030


Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 21.



Dermot Byrne

Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na
hÉireann

28 Meitheamh 2022



William Walsh

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na
hÉireann

28 Meitheamh 2022

Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2021

	NÓTAÍ	2021 €'000	2020 €'000
GLAN-SREAFÁÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN			
Barrachas loncaim thar Caiteachas		1,428	(338)
Aistriú chuig an gCuntas Caipitil	13	(795)	(637)
Ús Bainc Íoctha		83	69
Dímheas ar Shócmhainní Seasta	10	908	932
Laghdú/(Méadú) ar Chuntais infhaighte	11	(474)	806
(Laghdú)/Méadú ar Chuntais iníoctha	12	591	(404)
Glan-Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		1,741	428
SREAFÁÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA			
Íocaíochtaí chun Maoin, Plandaí & Trealamh a fháil	10	(113)	(295)
SREAFÁÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS			
Ús Bainc Íoctha		(83)	(69)
Méadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		1,545	64
Glanmhéadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		1,545	64
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail 1 Eanáir		4,980	4,916
Airgead tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim amhail 31 Nollaig (Nóta 14)		6,525	4,980

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tá na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú leagtha amach thíos. Cuireadh na beartais seo i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus ar feadh na mblianta roimhe sin.

(A) Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Clúdaíonn na ráitis airgeadais an bhliain ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021.

(B) Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe, ach amháin mar a shonraítear thíos. Ullmhaítear iad i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is Infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann" ("FRS 102"), arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus san fhormaid atá ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina bhfuil na ráitis airgeadais ainmnithe.

(C) Deontais Stáit

Léiríonn Deontais Stáit (Nóta 3) sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coinnithe an méid a fuarthas sa bhliain.

(D) Caiteachas Deontais

Aithnítear Ceangaltais Deontais mar chaiteachas sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coinnithe nuair a chomhlíontar na coinníollacha go léir a bhaineann leis an deontas nó le híocaíocht chéimnithe de. Laghdófar Gealltanais Deontais ar íocaíocht deontais nó ar dhul in éag don chomhaontú deontais.

Nochtar gach Ceangaltas Deontais oscailte i Nóta 16.

(E) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Sonraítear sócmhainní seasta ar chostas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas ar bhonn dronlíneach chun costas sócmhainní seasta a dhíscríobh thar a saolréanna úsáideacha measta mar seo a leanas:

Costais Feistis Foirgníochta	10%
Mótarfheithiclí	20%
Trealamh IT & Bogearraí	33.33%
Trealamh Oifige	33.33%
Clár Aigéin	33.33%

Luaitear talamh ag costas. Nuair a thugtar le fios go bhfuil méid in-aisghabhála sócmhainne níos lú ná a luach tugtha anonn, déantar athbhreithniú bearnaithe. Má tá an tsuim in-aisghabhála níos lú ná an tsuim ghlanluacha laghdaítear an tsócmhainn go dtí an méid in-aisghabhála a mbíonn cailteanas bearnaithe mar thoradh air.

Aithnítear cailteanais lagaithe láithreach sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais.

Déantar sócmhainní ar a bhfuil luach níos lú ná €1,000 a dhímheas go hiomlán sa bhliain éadála. Gearrtar dímheas bliana iomlán sa bhliain fála; ní ghearrtar aon dímheas sa bhliain diúscartha.

Is é an gnóthachan nó an cailteanas, arb é an difríocht idir na fáltais díolacháin agus suim ghlanluacha na sócmhainne, a eascraíonn as ítim sócmhainní inláimhsithe a dhiúscairt nó a scor, a aithnítear sa Ráiteas maidir le hioncam agus Caiteachas agus sa Ráiteas ar Chúlchistí loncaim Coimeádta.

Coinnítear gléasra agus trealamh atá dímheasta go hiomlán sna ráitis airgeadais go dtí nach bhfuil siad in úsáid a thuilleadh.

Cuirtear costais forbartha ar Chórais TF a bhaineann le clár shainiúla an ÚFIÉ mar speansas sa bhliain ina dtarlaíonn siad. Tá an beartas breithnithe ag an mbainistíocht agus creideann siad de bharr nádúr dinimiciúil agus athraitheach na gclár gur cuí na costais seo a ghearradh.

(F) Aoisliúntas

Fóráiltear le hAlt 17 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 do bhunú scéimeanna aoisliúntais ag an Údarás. Is scéim le sochar sainithe í an scéim chun críocha Acht na bPinsean, 1990.

Le costais phinsin, léirítear na sochair phinsin atá tuillte ag fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin na foirne a aisíoctar leis an Roinn de réir socrúithe maoinithe gníomhaireachta. Aithnítear méid atá combhionann leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil sé inghnóthaithe ón Roinn Comhshaoil,

Aeráide agus Cumarsáide agus fritháirithe ag deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh. Léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais na scéime sa sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta agus coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón DECC.

I ndlíteanais phinsin, léirítear luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil ón DECC i dtréimhsí amach anseo.

Tá an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ('Scéim Aonair') i bhfeidhm freisin ag an Údarás, ar scéim phinsin sochair shainithe í d'fhostaithe inphinsin sa seirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó dá éis. Íoctar ranníocaíochtaí na mball den Scéim Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Áirítear na dliteanais ghaolmhara maidir le híocaíochtaí pinsin sa todhchaí agus sócmhainn chomhfhreagrach i ráitis airgeadais an ÚFIÉ.

(G) Cuntas Caipitil

Léirítear sa Chuntas Caipitil luach ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

(H) Léasanna

Aithnítear Íocaíochtaí Léasa faoi léasanna oibriúcháin mar speansas thar an tréimhse a fhaigheann an ÚFIÉ leas as an áitreabh.

(I) An Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (EPBD)

Gintear ioncam EPBD ag an Údarás faoin scéim Rátála Fuinnimh Foirgnimh (BER) (IR Uimh. 243 de 2012 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh) 2012, ar déileáladh leo roimhe seo faoi IR Uimh. 666 de 2006 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh na gComhphobal Eorpach 2006 arna leasú). Faoin reachtaíocht ní mór d'úinéir foirgnimh Deimhniú BER agus Tuarascáil Chomhairleach a sholáthar do cheannaitheoirí nó do thionóntaí ionchasacha nuair a thógtar, a dhíoltar nó a ligtear ar cíos foirgneamh.

Tá táillí éagsúla iníochta maidir le BER lena n-áirítear táille ar chlárú measúnóra agus tobhach maidir le gach measúnú BER a chuirtear faoi bhráid an Údaráis sa tréimhse chun críoche Deimhniú BER a eisiúint. Déantar cuntas ar ioncam EPBD a ar bhonn fabhrúithe.

(J) Ioncam Conartha AE

Tagann ioncam conartha AE ó ghníomhaíochtaí san Éifeachtúlacht Fuinnimh agus in Fuinneamh In-athnuaite lena n-áirítear cur chun cinn teicneolaíochta, scaipeadh faisnéise, taighde agus comhordú imeachta agus bainistíocht. Aithnítear ioncam de réir théarmaí an chonartha agus tá sé bunaithe ar riachtanais ama agus feidhmíochta an chonartha. Tarchuirtear cistí chuig an DECC nuair a fhaightear iad, nó coinnítear iad laistigh den ÚFIÉ, bunaithe ar théarmaí an chonartha.

(K) Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhrúithe ag teacht le hamú na riachtanas feidhmíochta.

(L) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Shuntasacha

Maidir le costais phinsin, is iad na boinn tuisceana is bun leis na luachálacha achtúireacha dá gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh sa todhcháí, rátaí mortlaíochta agus rátaí treochta costas cúram sláinte), nuashonraítear iad gach bliain bunaithe ar dhálaí eacnamaíochta reatha agus i dtaca le haon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo dul i bhfeidhm ar na toimhdí trí:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta
- (ii) leibhéil chúitimh sa todhcháí, dálaí sa mhargadh saothair sa todhcháí
- (iii) an ráta boilscithe

2. Tionchar ag an bPaindéim COVID-19

Bhí an phaindéim COVID-19 fós ina dhúshláin don ÚFIÉ in 2021, cé gur lú é ná 2020.

Cé gur tháinig tréimhse glasála síos tógála mar thoradh ar shrianta sláinte poiblí a bhí i bhfeidhm i rith na bliana, sháraigh an leibhéal gníomhaíochta agus caiteachais in 2021 an leibhéal in 2020 ar fud fhorhóir na glár.

Lean foireann an ÚFIÉ ar aghaidh ag obair go cianda i rith na bliana, le próisis bhunaithe agus cumas TF i bhfeidhm chun tacú leis an timpeallacht oibre seo. Leanann an Bord agus an fhoireann bhainistíochta ag treoir a thabhairt don ÚFIÉ tríd an tírdhreach athraitheach agus ag cur lena scála agus a dhoimhneacht gníomhaíochtaí de réir straitéis an Rialtais agus spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Gnímh don Aeráid 2021.

Is comhlacht rialtais lánmhaoinithe é an ÚFIÉ. Faigheann an ÚFIÉ tacaíocht ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus ón Roinn Iompair.

3. Deontais Stáit

Faoi alt 22(1) den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 cuireann an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maoiniú ar fáil don Údarás chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Cuirtear an maoiniú ar fad ar fáil tríd an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) (Vóta 29) agus an Roinn Iompair (DoT) (Vóta 31). Le héifeacht ó 2021, cuireann an Roinn Iompair an maoiniú ar fad ar fáil maidir leis an gClár Feithiclí Leictreacha.

	Vóta	2021	2020
	Fo-cheannteideal	€'000	€'000
RIARACHÁN AN ÚFIÉ			
– Reatha	B3	16,098	12,385
– Caipiteal	B3	–	–
CLÁIR UM THAIGHDE FUINNIMH			
– Reatha	B4	11,536	11,437
– Caipiteal	B4	119,868	115,777
CLÁIR UM THAIGHDE FUINNIMH			
– Reatha	B5	872	708
– Caipiteal	B5	7,978	5,239
Maoiniú DECC Iomlán		156,352	145,546

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

	Vóta Fo-cheannteideal	2021 €'000	2020 €'000
ELECTRIC VEHICLES PROGRAMME			
– Reatha B3	B6	1,078	–
– Caipiteal B3	B6	68,390	–
Maoiniú Iomlán ón DoT		69,468	–
Deontais Stáit Iolmána		225,820	145,546

4. Ioncam Conartha AE

	2021 €'000	2020 €'000
OceanSET (b)	–	129
AFLOWT (b)	219	50
OPIN (b)	37	45
RD&D ERA Glan (b)	43	–
Odyssey Mure (a)	–	3
Eile (a)	26	36
	325	263

(a) Breathnaítear ar na tionscadail seo mar leithreasá i gcabhair agus mar sin tarchuirtear gach fáltas chuig DECC mar a fhaightear é.

(b) Tá na tionscadail seo sa bhreis ar chistí vótáilte agus mar sin coinnítear cistí a fhaightear laistigh d'ÚFIÉ.

5. Ioncam Eile

Cuimsítear in ioncam eile fáltas ó chúrsaí agus fáltas urraíochta.

	2021 €'000	2020 €'000
Ioncam eile	47	50
Ioncam cómhaoinithe RERD&D	128	82
	175	132

Faightear ioncam comh-mhaoinithe Taighde, Forbairt & Imscaradh Fuinnimh In-athnuaite ó ghníomhaireachtaí rialtais eile chun páirtmhaoiniú a dhéanamh ar dheontais taighde. Aithnítear ioncam ar aon dul le luach an deontais eisithe agus céatadán an chomh-mhaoinithe a chuirtear i leith gach dámhachtain taighde.

6. Caiteachas Riaracháin

Tá Caiteachas Riaracháin comhdhéanta de na míreanna seo a leanas:

	2021 €'000	2020 €'000	
Tuarastail & muirir ghaolmhara	6.1	8,654	7,056
Costais phinsin	15(a)	2,474	2,288
Earcaíocht, Oiliúint & Oideachas		340	248
Fógraíocht agus Cur Chun Cinn		390	219
Táillí Gairmiúla Ginearálta	6.2	380	90
Cíos, Rátaí agus Táillí Seirbhíse	6.3	2,862	2,866
Teicneolaíocht Faisnéise	6.4	2,084	1,486
Riarachán Ghinearálta	6.5	1,613	1,434
		18,797	15,687

6.1 Tuarastail agus Muirir Ghaolmhara

	2021 €'000	2020 €'000
Sochair ghearrthéarmacha na foirne	7,251	5,955
ÁSPC an fhostóra	763	609
Foireann Ghníomhaireachta/Conartha	564	420
Díolaíochtaí Chomhaltaí an Bhoird	18	72
	8,654	7,056

I gcásanna ina bhféadfaí obair bhall foirne ar leith a chur i leith cláir go díreach, aithníodh an costas mar chostas cláir.

Níor íocadh aon íocaíocht foirceanta sa bhliain (2020: €0).

Níor thabhaigh an ÚFIÉ aon íocaíocht ragoibre sa bhliain (2020: €0).

Chuir an tÚdarás €175,526 (2020: €166,793) i ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaithe dá mháthair-Roinn DECC in 2021 maidir le scéim aoisliúntais an ÚFIÉ. Déantar €228,622 (2020: €155,194) a chur ar ais freisin chuig an DPER maidir le baill den Scéim Aonair. Ní cheanglaítear ar an Údarás ranníocaíochtaí fostóra a dhéanamh faoi na scéimeanna.

Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (ASC)

Íocadh €218,544 (2020: Asbhaineadh €199,576) de ranníocaíocht bhreise aoisliúntais (ASC) ó tuarastail agus íocadh é leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i rith na bliana.

Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Ceapadh an POF reatha go foirmiúil i mí Eanáir 2021 tar éis dó a bheith ina Phríomhfheidhmeannach gníomhach in 2020 roimhe seo. B'ionann luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh in 2021 agus €146,190 (2020: €128,528) agus b'ionann na speansais agus €423 (2020: €691).

Ní théann teidlíocht pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim eiseamláireach na hearnála poiblí. Ní fholáíonn an Conradh fostaíochta scéim dámhachtana a bhaineann le feidhmíocht nó aon sochar comhchineáil/peircis.

Luach Saothair na Príomh-Bhainistíochta

Tá eolas maidir le luach iomlán na sochar fostaí do phríomhphearsana bainistíochta sonraithe thíos:

	2021 €'000	2020 €'000
Tuarastail	1,137,109	898,497

Ní théann teidlíochtaí pinsin na bainistíochta thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim eiseamláireach na hearnála poiblí nó scéim aonair na hearnála poiblí. Ní fholáítear sna Conarthaí Fostaíochta scéim luaíochta feidhmíochta nó aon sochar comhchineáil/peircis.

Táillí an Bhoird

Nochtar táillí an bhoird i Nóta 18.

Conradh Buan & Fadtéarmach

B'ionann meánlíon na bhfostaithe buana agus fadtéarmacha ar conradh don tréimhse agus 127 (2020: 95). B'ionann líon na bhfostaithe coibhése lánaimseartha ag deireadh na tréimhse agus 125.5 (2020: 93.1).

6.2 Táillí Sainchomhairleoireachta agus Gairmiúla Ginearálta

	2021 €'000	2020 €'000
Comhairle Straitéiseach	290	19
Táillí Rúnaí an Bhoird	90	71
	380	90

6.3 Cíos, Rátaí agus Táillí Seirbhíse

	2021 €'000	2020 €'000
Fóntais	2,074	1,988
Rátaí	206	–
Cíosa	582	878
	2,862	2,866

Tháinig rátaí don phríomhoifig ag Trí Plás na Páirce i bhfeidhm ó 2021 don chéad uair. Fuarthas creidmheasanna in 2021 maidir le costais laghdaithe solais agus teasa mar gheall ar chianoibriú, rud a d'fhág gur laghdaíodh táillí seirbhíse.

6.4 Teicneolaíocht Faisnéise

	2021 €'000	2020 €'000
Ceadúnais TF & Caiteachas	843	739
Ginearálta Cothabháil agus Tacaíocht TF	735	547
Forbairt chórais TF	506	200
	2,084	1,486

6.5 Riarachán Ginearálta

	2021 €'000	2020 €'000
Taisteal & Cothú - Foireann	2	3
Taisteal & Cothú - Bord	–	–
Dímheas	908	932
Táillí iniúchta – seachtrach	35	35
Táillí iniúchta - inmheánach	59	70
Árachas agus Dlí	374	142
Eile	235	252
	1,613	1,434

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

7. Caiteachas Cláir

Tá caiteachas cláir comhdhéanta de na míreanna seo a leanas:

		2021 €'000	2020 €'000
ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH			
Tithe Níos Teo agus Fuinnimh Níos Fearr	7.1	38,802	24,024
Teas Fuinnimh Níos Fearr & Folláine	7.2	3,346	2,236
Tithe Fuinnimh Níos Fearr	7.3	16,640	20,012
Gréine FV	7.4	10,229	8,060
Clár Píolótach um Athfheistiú Mór	7.5	1,244	8,327
Fuinneamh Pobail	7.6	24,314	17,564
Scéim Náisiúnta um Iarfheistiú Tí	7.7	11,030	2,189
Éifeachtúlacht Fuinnimh Scéim Oibleagáide	7.8	1,540	1,575
Clár um Thionscal & Gnó	7.9	5,213	4,444
Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí	7.10	15,761	9,967
Clár Scoileanna	7.11	125	371
Faireachais Margaidh	7.12	839	417
FUINNIMH IN-ATHNUAITE			
Taighde Fuinnimh In-athnuaite, Forbairt & Imscaradh	7.13	6,378	3,641
Fuinneamh amach ón gCósta	7.14	2,444	2,316
Scéim Tacaíochta um Teas In-athnuaite	7.15	582	749
NUÁLAÍOCHT & COMHTHÁTHÚ			
Anailís Beartais Straitéisigh	7.16	735	945
Staidrimh agus Samhaltú Fuinnimh	7.17	555	303
IOMPAR			
Feithiclí Leictreacha	7.18	69,459	26,361
		209,236	133,501

Áirítear gach costas riaracháin a bhaineann go díreach le caiteachas cláir sna costais chláir thuas

Rinneadh figiúirí comparáideacha áirithe a athrangú agus a chur i láthair arís ar an mbonn céanna leis na cinn don bhliain reatha.

7.1 Tithe Níos Teo agus Fuinnimh Níos Fearr

	2021 €'000	2020 €'000
Uasghráduithe Fuinnimh	34,824	21,175
Seirbhísí Teicniúla & Cigireachtaí	2,843	1,989
Seachadadh Oibriúcháin	355	240
Costais Oibriúcháin Eile	103	215
Forbairt Chórais TF & Cothabháil	677	403
Costais Taistil	-	2
	38,802	24,024

Tacaíonn an scéim Tithe Níos Teo le Fuinneamh Níos Fearr le huasghrádú a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh tithhe príobháideacha atá thíos le bochtaineacht bhreosla. In 2021, rinneadh 2,272 (2020: 1,524) uasghrádú faoin scéim um Fhuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo.

7.2 Teas & Folláine Fuinnimh Níos Fearr

	2021 €'000	2020 €'000
Uasghráduithe Fuinnimh	2,991	1,872
Seirbhísí Teicniúla & Iniúchtaí	302	240
Costais Oibriúcháin Eile	53	124
	3,346	2,236

Forbraíodh an Scéim Teasa agus Folláine mar scéim píolótach dírithe ar fheabhas a chur ar choinníollacha maireachtála na ndaoine leochaileacha a bhfuil riochtaí riospráide ainsealacha acu. In 2021, rinneadh 146 (2020: 91) uasghrádú agus íocadh iad faoin Scéim Teasa & Folláine.

7.3 Tithe Fuinnimh Níos Fearr

	2021 €'000	2020 €'000
Deontais a Eisíodh	13,869	17,080
Seirbhísí Teicniúla & Cigireachtaí	1,035	1,171
Seachadadh Oibriúcháin	1,430	1,357
Costais Oibriúcháin Eile	44	85
Costais TF	244	300
Fógraíocht	18	17
Costais Taistil	–	2
	16,640	20,012

Is clár náisiúnta iarfheistithe é an Clár Tithe le Fuinneamh Níos Fearr atá ar fáil do gach úinéir tí, tiarnaí talún san áireamh, gan tástáil acmhainne. Spreagann sé úinéirí tí a dtithe a dhéanamh níos tíosaí ar fhuinneamh. Baintear é seo amach trí dheontais a sholáthar do shraith beart ar féidir a roghnú ina n-aonar, nó i dteannta a chéile agus ar bonn céime chun iarfheistiú níos cuimsithí a bhaint amach le himeacht ama. In 2021, íocadh deontais ar 7,928 teach (2020: 12227).

Bhí tionchar ar chaiteachas in 2021 mar gheall ar dhianghlasáil a cuireadh i bhfeidhm mar fhreagra ar an bpaindéim COVID-19 agus athruithe ar cheanglais roinnt beart sa scéim.

7.4 Gréine PV

	2021 €'000	2020 €'000
Deontais a Eisíodh	9,428	7,355
Seirbhísí Teicniúla & Cigireachtaí	230	191
Seachadadh Oibriúcháin	451	369
Costais TF	120	145
	10,229	8,060

Soláthraíonn an Scéim PV Gréine tacaíocht chun córas fótavoltach gréine (PV) agus/nó córas stórála fuinnimh ceallraí (BESS) a cheannach agus a shuiteáil. Is íocaíocht aonuaire é seo le húnéirí tí bunaithe ar shuiteáil táirgí a chomhlíonann ceanglais na scéime. Tá méid an deontais íoctha bunaithe ar acmhainneacht na gcóras gréine PV agus BESS a suiteáladh.

7.5 Clár Píolótach um Athfheistiú Mór

	2021 €'000	2020 €'000
Deontais a Eisíodh	1,136	7,961
Seirbhísí Teicniúla & Iniúchtaí	70	98
Costais Oibriúcháin Eile	38	268
	1,244	8,327

Cruthaíodh an Clár Píolótach um Athfheistiú Mór chun na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le hiarfheistiú domhain a thuiscint. Chuir an fhoghlaim ó na tionscadail phíolótacha seo eolas ar fáil don chur chuige maidir le hiarfheistiú domhain ar mhórsála ar fhoirgnimh in Éirinn. Tá iomlán de 536 teach curtha i gcrích ag an scéim píolótach go dtí seo ó seoladh an clár in 2017. Tá an Clár Píolótach um Athfheistiú Mór dúnta d'íarratais nua.

7.6 Fuinneamh Pobail

	2021 €'000	2020 €'000
Deontais a Eisíodh	21,970	15,809
Seirbhísí Teicniúla & Cigireachtaí	96	104
Costais TF	243	146
Costais Oibriúcháin Eile	555	395
Tacaíocht Meantóireachta CSS	1,446	1,106
Costais Taistil	4	4
	24,314	17,564

Deontais Phobail: Pobail Fuinnimh Níos Fearr Tacaíonn clár deontais (BEC) le tionscadail ar leibhéal an phobail, a fhéachann go sonrach le comhpháirtíochtaí nuálacha agus ceannródaíocha a thástáil le haghaidh seachadadh idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach, an earnáil tí agus an earnáil neamhthí, eagraíochtaí tráchtála agus neamhbhrabúis lena n-áirítear tithe atá bocht ó thaobh fuinnimh de. Thacaigh na Pobail le hobair ar fud gach earnála de Shochaí na hÉireann lena n-áirítear talmhaíocht.

Líonra Pobail: Is éard atá i gceist le clár Líonra na bPobal um Fuinneamh Inbhuanaithe (SEC) cumas a thógáil i bpobail chun seachadadh tionscadal fuinnimh inbhuanaithe ar mhórsála a chumasú agus aistriú go pobail fuinnimh inbhuanaithe. Tá líonra náisiúnta SEC á fhorbairt le breis agus 618 (2020: 485) baill. Faigheann Líonra SEC tacaíocht ó phainéal de Mheantóirí Réigiúnacha agus Contae atá faighte agus á bhainistiú ag ÚFIÉ. Tugann an ÚFIÉ tacaíocht freisin do phobail maidir le Máistirphlean Fuinnimh áitiúil a fhorbairt atá mar bhunlíne d'úsáid fuinnimh sa phobal agus clár de thionscadail oiriúnacha fuinnimh inbhuanaithe ar féidir leis an bpobal a bhreithniú sa todhchaí.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

7.7 An Scéim Náisiúnta um Iarfheistiú Tí

	2021 €'000	2020 €'000
Deontais a Eisíodh	9,314	2,032
Seirbhísí Teicniúla & Cigireachtaí	30	5
Costais TF	337	32
Giniúint Éilimh	893	–
Costais Oibriúcháin Eile	283	75
Taighde Coimisiúnaithe	173	43
Costais Taistil	–	2
	11,030	2,189

Tá an scéim Náisiúnta um Iarfheistiú Tí (NHR) dírithe ar thacaíocht deontais chaipitil a fhostú agus a sholáthar do theaghligh phríobháideacha, do Chomhlachais Tithíochta cláraithe agus d'Údaráis Áitiúla ar mian leo a bheith rannpháirteach i seachadadh seirbhíse den chineál "Ionad Ilfhreastail" le haghaidh oibreacha uasghrádaithe fuinnimh. Rinneadh an scéim a reáchtáil ar bhonn piolótach in 2020 agus maoiníodh tionscadail bhreise in 2021. Áirítear ar na costais freisin tionscnaimh nuálaíochta maoinithe, taighde coimisiúnaithe agus gníomhaíochtaí um ghiniúint éilimh atá dírithe ar bhonn eolais a thabhairt don Straitéis Náisiúnta Iarfheistithe níos leithne agus í a chur chun cinn.

Thug an scéim bonn eolais d'fhorbairt na Scéime Nua Uasghrádaithe um Fhuinneamh Tí (a seoladh i mí Feabhra 2022) agus forbraíodh samhail seachadta den Siopa Ilfhreastail.

7.8 Scéim Oibleagáide um Éifeachtúlacht Fuinnimh

	2021 €'000	2020 €'000
Forbairt Clár & Córas	1,000	1,058
Seirbhísí Teicniúla & Cigireachtaí	260	301
Costais Oibriúcháin Eile	280	213
Costais Taistil	–	3
	1,540	1,575

Tacaíonn an Scéim um Oibleagáid um Éifeachtúlacht Fuinnimh (EEOs) le forbairt níos leithne na Scéime um Oibleagáid um Éifeachtúlacht Fuinnimh de bhun chur chun feidhme Airteagal 7 den Treoir um Éifeachtúlacht Fuinnimh, an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh. Tacaíonn sé freisin le forbairt leanúnach ar chórais faisnéise gnó na gclár náisiúnta iarfeistithe. In 2019 rinne Coimisiún an AE athmhúnlú ar an Treoir um Éifeachtúlacht Fuinnimh lena gcumhdófar an tréimhse ó 2021-2030. Is é an ÚFIÉ an riarthóir do bhainistiú creidmheasa fuinnimh don Scéim. Tar éis dó bheith trasuite, beidh gá le Scéim nua um Oibleagáid um Éifeachtúlacht Fuinnimh a fhorbairt agus a sheoladh don tréimhse ó 2022 go 2030 Tá freagracht tarmilgthe ag an ÚFIÉ ón Aire i réimsí sonracha d'oibríochtaí na Scéime.

7.9 Clár Tionscail agus Gnó

	2021 €'000	2020 €'000
EXEED	3,811	2,939
LIEN	484	443
Tacaíochtaí SME	153	388
Éifeachtúlacht Fuinnimh a chur chun cinn i nGnó	115	230
Costais Oibriúcháin ACA/Triple E	175	140
Costais TF	475	304
	5,213	4,444

Tacaíonn an clár seo le hiarrachtaí ar fud na n-earnálacha gnó go léir chun glacadh le héifeachtúlacht fuinnimh a bhrostú. Baintear é seo amach trí thacaíocht deontais caipitil, líonraí, oiliúint agus seirbhísí a chuireann bainistíocht struchtúrtha fuinnimh chun cinn de réir caighdeán den chéad scoth, agus margáí a fhorbairt le haghaidh comhairle agus seirbhísí éifeachtúlachta fuinnimh. Forbraíodh Acadamh Fuinnimh an ÚFIÉ chun cabhrú le gnóthaí éifeachtúlachta fuinnimh a mhéadú agus costais ghaolmhara a laghdú. In 2021, seoladh an Scéim Tacaíochta d'Iníochtaí Fuinnimh.

Is scéim deimhnihte sócmhainní é ÚFIÉ EXEED Certified a thugann aghaidh ar fhuinneamh saoil agus ar fheidhmíocht charbóin trí bhainistíocht Dearaidh Éifeachtúlachta Fuinnimh. Is féidir EXEED Deimhnihte a chur i bhfeidhm in aon ghnó laistigh de na hearnálacha tráchtála, tionsclaíochta agus poiblí. Tacaíonn EXEED le bainistíocht deartha atá tíosach ar fhuinneamh (EED) trí dheontais le haghaidh dúshláin dearaidh agus infheistíochtaí caipitil a éilíonn dreasacht infheistíochta.

7.10 Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí

	2021 €'000	2020 €'000
Deontais Chaipitil na hEarnála Poiblí	14,228	8,125
Seirbhísí Comhairleacha Cliaint	1,071	1,295
Costais TF	292	252
Costais Oibriúcháin Eile	169	287
Costais Taistil	1	8
	15,761	9,967

Cuireann an clár seo cleachtais struchtúrtha bainistíochta fuinnimh chun cinn agus seachadann sé comhairle dhíreach ar éifeachtúlacht fuinnimh, meantóireacht, oiliúint agus saintacaíochtaí teicniúla d'eagraíochtaí na hearnála poiblí. Cuimsítear ann struchtúr cuimsitheach do chomhlachtaí poiblí ídiú fuinnimh a thuairisciú agus a rianú. In 2021, leanadh le gníomhaíochtaí Pathfinder na hEarnála Poiblí chun cineálacha cur chuige a thástáil agus chun scála a thógáil le haghaidh gníomhaíochtaí domhain-iarfeistithe i bhfoirgnimh an rialtais láir, i scoileanna, san ardoideachas agus sláinte.

7.11 Schools Programme

	2021 €'000	2020 €'000
Clár Scoileanna	125	371
	125	371

Cuidíonn clár oideachais an ÚFIÉ le bonn eolais a thabhiart do dhearcaí, do chreidimh agus d'iompraíocht leanaí bunscoile agus meánscoile maidir le fuinneamh inbhuanaithe. Cuimsítear sa chlár meascán d'acmhainní teagaisc atá ailínithe leis an gcuraclam, ceardlanna idirghníomhacha do dhaltáí, comórtais mac léinn agus oiliúint múinteoirí chomh maith le foilseacháin ábhartha a chruthú.

7.12 Faireachas Margaidh

	2021 €'000	2020 €'000
Faireachas Margaidh	773	396
Costais TF	66	18
Costais Taistil	–	3
	839	417

Feidhmíonn an ÚFIÉ mar Ghníomhaire Bainistíochta agus déanann sé gníomhaíochtaí faireachais margaidh thar ceann an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Áirítear le Faireachas Margaidh Ceanglais Éicidhearthóireachta do Tháirgí a Bhaineann le Fuinneamh (Treoir an AE 2009/125/CE), Lipéadú agus Faisnéis Chaighdeánach Táirgí do Tháirgí a Bhaineann le Fuinneamh (Treoir AE 2010/30/AE) agus Lipéadú na mBonn maidir le hÉifeachtúlacht Breosla agus Paraiméadair Riachtanacha Eile (Rialachán CE 1222/2009).

7.13 Taighde, Forbairt & Imscaradh Fuinnimh In-athnuaite

	2021 €'000	2020 €'000
Deontais a Eísíodh	6,075	3,414
Costais Oibriúcháin Eile	228	144
Costais TF	5	30
Taighde Coimisiúnaithe	68	49
Costais Taistil	2	4
	6,378	3,641

Tacaíonn Clár Cistiúcháin Fuinnimh T&F Náisiúnta an ÚFIÉ le gníomhartha nuálacha agus spriocdhírthe a chuidíonn le seachadadh tosaíochtaí beartais lena n-áirítear iad siúd atá leagtha amach sa Phlean Gnímh don Aeráid, sa Chlár don Rialtas agus sa Chreat Aeráide agus Fuinnimh 2030. D'eisigh an ÚFIÉ glao nua T&F in 2021 as ar tháinig méadú ar luach na ndeontas a eísíodh.

Is iad cuspóirí uileghabhálacha Chlár Cistiúcháin Náisiúnta um Fhorbairt agus Taispeántas Taighde Fuinnimh (R&D) de chuid an ÚFIÉ ná dlús a chur le forbairt agus imscaradh táirgí a bhaineann le fuinneamh in Éirinn, bacainní teicniúla a shárú, cumas taighde na hÉireann a fhorbairt agus tacaíocht a sholáthar do lucht déanta beartais ag baint úsáide as torthaí ó tionscadail tacaíthe.

7.14 Offshore Energy

	2021 €'000	2020 €'000
Deontais a Eísíodh	311	470
Oibreacha Fochonartha	1,801	1,439
Costais Oibriúcháin Eile	332	406
Costais Taistil	–	1
	2,444	2,316

Tá an Clár Fuinnimh Amach ón gCósta á riar ag an ÚFIÉ chun cinneadh beartais an Rialtais a chur chun feidhme chun dlús a chur le forbairt Fuinneamh Amach ón gCósta agus Aigéin in Éirinn, mar atá leagtha amach sa Phlean Gnímh don Aeráid agus sa Phlean Forbartha um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta. Tacaíonn an clár le suíomhanna tástála comhordaithe agus taighde náisiúnta agus Eorpacha.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

7.15 Scéim Tacaíochta don Teas In-athnuaite

	2021 €'000	2020 €'000
Infheistíocht/ Cúnamh Oibriúcháin	204	12
Comhairle Theicniúil	75	205
Seachadadh Oibriúcháin	221	249
Costais Oibriúcháin Eile	62	203
Costais TF	20	80
	582	749

Tacaíonn an Scéim Tacaíochta do Theas In-athnuaite (SSRH) le hathrú córais téimh breosla iontaise go teicneolaíochtaí incháilithe fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear coire bithmhaise, caidéal teasa agus córais téimh bhithbhreosla (díleá anaeróbach). Cuireann an scéim dhá chineál sásra tacaíochta ar fáil - íocaíocht taraife mar chúnamh oibriúcháin do bhithmhais agus córais téimh anaeróbach agus íocaíocht deontais mar chúnamh infheistíochta do chórais teaschaidéil. Osclaíodh an scéim in 2019 d'arratais tar éis an phróisis fógartha agus faofa maidir le cúnamh Stáit.

7.16 Anailís Beartais Straitéisigh

	2021 €'000	2020 €'000
Oibriú Cláir Taighde	302	272
Coimisiúnaithe Costais TF	371	514
TF-Costs	62	159
	735	945

Sa chlár seo, cuirtear ar fáil comhairle agus faisnéis neamhspleách ar shaincheisteanna teicniúla, airgeadais agus sóisialta a bhaineann le forbairt agus úsáid fuinnimh inbhuanaithe. Déanann an ÚFIÉ an chomhairle seo a shaincheapadh chun eolas a thabhairt d'fhorbairt beartais fuinnimh inbhuanaithe in Éirinn.

7.17 Staidrimh Fuinnimh agus Samhaltú

	2021 €'000	2020 €'000
Taighde Coimisiúnaithe	185	143
Costais Oibriúcháin Eile	245	48
Costais TF	125	107
Costais Taistil	–	5
	555	303

Comhlíonann an clár seo freagracht an ÚFIÉ as staidrimh chuimsitheacha náisiúnta agus earnála a fhorbairt, a chothabháil agus a fhoilsiú maidir le táirgeadh, claochlú agus úsáid deiridh fuinnimh. Áiríonn sé seo freisin staidéir mhionsonraithe samhaltaithe agus anailís bheartais chun bonn fianaise neamhspleách a sholáthar chun tacú le ceapadh beartais náisiúnta, agus rannpháirtíocht i raon de ghníomhaíochtaí pléite agus measúnaithe beartais náisiúnta agus idirnáisiúnta.

7.18 Feithiclí Leictreacha

	2021 €'000	2020 €'000
Deontais a Eísíodh	68,142	25,666
Seachadadh Oibriúcháin	684	352
Costais Eile	81	95
Fógraíocht	372	74
Forbairt & Cothabháil TF	180	174
	69,459	26,361

Tá an clár seo ag tacú le húsáid teicneolaíochta feithiclí leictreacha agus bonneagar luchtaithe i gcóras iompair na hÉireann agus cuirtear cúnamh deontais ar fáil chun feithiclí leictreacha agus luchtairí tí a cheannach. Deonaíodh 13,432 (2020: 4,843) feithicil leictreach agus 8,379 (2020: 3,523) luchtú tí faoin gclár seo in 2021.

8. Leithreasáí

	2021 €'000	2020 €'000
Ioncam Conartha	20	39
AE Aisíocaíochtaí	17	44
Deontas Eile	32	4
	69	87

Seoltar cistí neamh-Stáitchiste a fhaigheann an ÚFIÉ ar ais chuig an DECC. Toisc go n-aithnítear cistí den sórt sin mar ioncam, aithnítear dliteanas comhfhreagrach don DECC freisin. Áirítear na fáiltais seo mar Leithreasáí-i-gCabhair ar an Vóta.

Sonraítear sa nóta thuas an t-aistriú sa mhéid atá dlite don DECC le linn 2021.

Fabhraítear ioncam ó Chonradh AE (Nóta 4) ar bhonn bliantúil agus féadann sé luainiú ó bhliain go bliain bunaithe ar dhul chun cinn nuashonraithe an chonartha.

9. Rátáil Fuinnimh Foirgnimh

	2021 €'000	2020 €'000
Seachadadh Oibriúcháin	873	751
Forbairt Cláir	221	157
Dearbhú Cáilíochta	797	899
Tacaíocht & Cothabháil TF	344	473
Forbairt Chórais TF	561	139
Costais Taistil	–	3
	2,796	2,422

Tá an ÚFIÉ ainmnithe mar an tÚdarás Eisiúna le freagracht as measúnóirí BER a chlárú, uirlisí TF agus córais measúnaithe a sholáthar, measúnuithe BER a logáil ar an gclár náisiúnta agus as bainistiú agus cur chun cinn foriomlán na scéime.

B'ionann ioncam na scéime BER don bhliain agus €3,153,795 (2020: €2,755,595) a raibh barrachas de €357,814 mar thoradh air (2020: €333,798).

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

10. Maoin, gléasra agus trealamh

	TF Trealamh & Bogearraí €'000	Clár Aigéin €'000	Trealamh Oifige €'000	Feistiú Foirgnimh €'000	Mótarfheith hiclí €'000	Talamh & Foirgnimh €'000	Iomlán €'000
COSTAS:							
Iarmhéid an 1 Eanáir 2021	1,478	1,738	498	4,211	59	120	8,104
Diúscairtí	(4)	(870)	–	–	–	–	(874)
Breiseanna	121	–	–	–	–	–	121
Iarmhéid an 31 Nollaig 2021	1,595	868	498	4,211	59	120	7,351
DÍMHEAS:							
Iarmhéid an 1 Eanáir 2021	(1,125)	(1,724)	(335)	(871)	(36)	–	(4,091)
Diúscairtí	4	862	–	–	–	–	866
Muirear don bhliain reatha	(316)	–	(163)	(417)	(12)	–	(908)
Iarmhéid an 31 Nollaig 2021	(1,437)	(862)	(498)	(1,288)	(48)	–	(4,133)
Glanluach Leabhair amhair 31 Nollaig 2021	158	6	–	2,923	11	120	3,218
Glanluach Leabhair amhair 31 Nollaig 2020	353	14	163	3,340	23	120	4,013

11. Infhaighte & Réamhíocaíochtaí

	2021 €'000	2020 €'000
Ioncam cómhaoinithe RERD&D	146	197
Infhaighte EPBD	292	260
Réamhíocaíochtaí	1,129	688
Infhaighte Eile	162	110
	1,729	1,255

12. Iníoctha & Fabhruithe

	2021 €'000	2020 €'000
Creidiúnaithe Trádála	325	519
Fabhruithe	948	757
CBL & RCT	1,516	1,247
PSWT	692	529
ÍMAT / ÁSPC	265	203
Iníoctha Eile	210	224
Ioncam larchurtha	853	739
	4,809	4,218

13. Cuntas Caipitil

	2021 €'000	2020 €'000
larmhéid tosaigh	4,013	4,650
AISTRÍÚ (CHUIG)/Ó RÁITEAS MAIDIR LE HIONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM A CHOIMEÁDTAR:		
Méid arna chaipitliú ina leith sócmhainní ceannaithe	121	295
Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairt	(8)	–
Amúchadh de réir dímheas sócmhainní	(908)	(932)
	(795)	(637)
larmhéid ag deireadh na bliana	3,218	4,013

14. Airgead Tirim agus Cóibhéisí Airgid Thirim

	2021 €'000	2020 €'000
Cuntas Banc Reatha	10	10
Cuntas Coigiltis	3,055	2,325
Cuntas EPBD	2,666	1,833
	5,731	4,168
Cuntas Chistí AE	794	812
	6,525	4,980

Is é an Cuntas EPBD an cuntas banc ainmnithe don chlár Rátála Fuinnimh Foirgneamh (féach Nóta 9).

Tá an ÚFIÉ ina chomhpháirt nó ina cheannaire ar roinnt tionscadal atá maoinithe ag an AE. I gcásanna ina ngníomhaíonn an ÚFIÉ mar cheannaire tionscadail, faigheann sé na cistí agus tugann sé ar airleacan iad do ghníomhaireachtaí eile. Baineann gach ciste a choinnítear i gcuntas Chistí an AE leis na tionscadail AE seo.

15. Costais Sochar Scoir

Feidhmíonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) scéimeanna aoisliúntais sochair shainithe neamh-mhaoinithe don fhoireann. Tá na torthaí atá leagtha amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais phinsin maidir le baill foirne atá i mbun seirbhíse agus iarfhoireann de chuid an ÚFIÉ amhail an 31 Nollaig 2021. Rinne achtúire neamhspleách cáilithe an luacháil seo chun críocha an chaighdeáin chuntasaíochta, Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 102 (FRS 102).

A. Anailís ar Chostais Sochar Scoir a Ghearrtar ar Chaiteachas

	2021 €'000	2020 €'000
Costais Seirbhíse Reatha	2,628	2,192
Ús ar dhliteanais na scéime pinsin	250	418
Asbhaintí Aoisliúntais Foirne (Nóta 6.1)	(404)	(322)
Costas Pinsin sa tréimhse	2,474	2,288

B. Anailís ar an ngluaiseacht i nDliteanas i rith na bliana

	2021 €'000	2020 €'000
Dlitéanas scéime amhail an 1 Eanáir	47,768	39,891
Costas seirbhíse reatha	2,628	2,192
Costais úis	250	418
(Gnóthachán) / cailteanas achtúireach	185	5,530
Sochair a íocadh sa bhliain	(417)	(263)
Dlitéanas Scéime amhail an 31 Nollaig	50,414	47,768

C. Maoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean

Aithníonn ÚFIÉ na suimeanna seo mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas neamhchistithe iarchurtha le haghaidh pinsean bunaithe ar shraith toimhdí atá tuairiscithe thíos agus ar roinnt teagmhas san am atá caite. Níl aon fhianaise ag ÚFIÉ nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ar aghaidh ag íoc cibé méideanna i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

Glan-Mhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean don Bhliain	2021 €'000	2020 €'000
Maoiniú in-aisghabhála i ndáil le costais phinsin na bliana reatha	2,878	2,610
Deontas Stáit a cuireadh i bhfeidhm chun pinsin a íoc	(417)	(263)
	2,461	2,347

B'ionann an tsócmhainn maoinithe iarchurtha le haghaidh pinsean amhail an 31 Nollaig 2021 agus €50,414,000 (2020: €47,768,000).

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

D. Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas ó thaithí

Gnóthachain Taithí/ (Cailteanas) ar dhliteanas scéime	2021 €'000	2020 €'000	2019 €'000
Méid (€)	(149)	(647)	553
Céatadán de luach láithreach de dhliteanas na scéime	0.3%	1.3%	1.4%
Méid iomlán aitheanta sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach	(185)	(5,530)	(6,193)
Céatadán de luach láithreach de dhliteanas na scéime	0.4%	11.6%	15.5%

Is ionann an cailteanas achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus €23,586,000 (2020: €23,401,000).

E. Tuairisc Ghinearálta ar na Scéimeanna

Is socrú pinsin shainithe tuarastail deiridh í an ÚFIÉ scéim phinsin ina sainítear sochair agus ranníocaíochtaí trí thagairt do rialacháin reatha na scéime "eiseamláirí" earnála poiblí. Soláthraíonn an scéim do ranníocóirí ÁSPC Aicme D pinsean (arb ionann é agus 1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéilí agus pinsean do leanaí. scéim pinsean (dhá chéadú in Do ranníocóirí ÁSPC Aicme A soláthraítear leis an aghaidh na bliana seirbhíse) suas go dtí tairseach de 3 1/3 oiread uasráta bliantúil an phinsin ranníocaigh stáit, aisce nó cnapshuim (trí ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéilí agus leanaí. Is í an ghnáthaois scoir 65ú breithlá an chomhalta, agus tá comhaltaí roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60. Is gnách go méadaíonn pinsin atá á n-íoc (agus iarchur) ar aon dul le boilsciú ginearálta i dtuarastal earnála poiblí.

Is é Scéim Pinsean na Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair) an scéim pinsean sochair shainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó dá éis de réir Acht na bPinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Sa scéim, soláthraítear cnapshuim pinsin agus scoir bunaithe ar luach saothair inphinsin meán-gairme, agus pinsin céile agus leanaí. Is é 66 bliain an aois pinsin íosta (ag ardú de réir athruithe ar aois an phinsin Stáit). Áirítear áis luathscoir a laghdaítear go hachtúireach ó aois 55. Méadú ar íocaíochtaí pinsin i gcomhréir leis an innéacs praghsanna do thomhaltóirí.

Tá an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS102 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach a dhéantar an 20 Eanáir 2022 ag achtúire neamhspleách cáilithe, á gcur san áireamh ceanglais an FRS chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanas na scéime amhail an 31 Nollaig 2021.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí airgeadais a úsáideadh:

	Amhail 31/12/21	Amhail 31/12/20	Amhail 31/12/19
Ráta lascaine	1.30%	0.50%	1.00%
Ráta an mhéadaithe i dtuarastail	3.50%	2.70%	2.80%
Ráta an mhéadaithe i bpinsin	2.20%	1.40%	1.50%
Boilsciú	2.20%	1.40%	1.50%

Is iad seo a leanas na Táblaí Básmaireachta a úsáidtear:

Gníomhach & larchurtha	Roimh- Scor	Tar éis- Scor
Fir	73.0% de ILT15	58.0% de ILT15
Mná	77.0% de ILT15	62.0% de ILT15

Bunaithe ar na táblaí seo, is é seo a leanas an t-ionchas saoil ag aois 65 d'fhir agus do mhná:

	Pinsinéir reatha (in 2021) ag aois 65	Pinsinéir todhchaí (in 2041) ag 65 bliain d'aois
Fir	21.9 bliain	24.3 bliain
Mná	24.2 bliain	26.3 bliain

16. Ceangaltais Deontais agus aisíocaíochtaí deontais

(i) Ceangaltais Deontais

Meastar gurb ionann na híocaíochtaí uasta amach anseo is dócha a eascróidh as gealltanais a tugadh isteach faoi scéimeanna tacaíochta éagsúla agus €123.591m (2020: €91.59m)).

	Tiomanta Amhail 1 Ean 2021 €'000	Tiomanta Le linn na tréimhse €'000	Díthiomanta €'000	Íocaíochtaí €'000	Tiomanta Amhail 31 Nollaig 2021 €'000
ÉIFEACHTÚLACH FUINNIMH					
Tithe Fuinnimh Níos Fearn	12,345	20,873	(7,831)	(13,861)	11,526
Gréine FV	4,054	17,183	(2,754)	(9,435)	9,048
Iarfheistiú Mór	5,874	–	(2,893)	(1,204)	1,777
EXEED	3,942	3,263	(1,788)	(3,373)	2,044
Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí	3,736	15,616	(88)	(14,228)	5,036
Fuinneamh Pobail	21,954	35,656	(18,525)	(21,896)	17,189
An Scéim Náisiúnta um Iarfheistiú Tí	32	22,078	(32)	(9,393)	12,685
FUINNIMH IN-ATHNUAITE					
Taighde, Forbairt & Imscaradh Fuinnimh In-athnuaite	11,442	12,753	(1)	(5,067)	19,127
Fuinneamh amach ón gCósta	1,285	51	(331)	(311)	694
Scéim Tacaíochta don Teas In-athnuaite	18,617	11,945	–	(219)	30,343
IOMPAR					
Feithiclé Leictreacha	8,309	82,854	(8,738)	(68,303)	14,122
	91,590	222,272	(42,981)	(147,290)	123,591

Rinneadh roinnt clár a athghrúpáil chun freagairt don struchtúr laistigh den nóta Caiteachais Cláir (Nóta 7).

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

17. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh leis an POF agus leis an mBord, lena n-áirítear táillí agus speansais chomhaltaí an Bhoird agus luach saothair iomlán an Phríomhfheidhmeannaigh agus €222,438 (2020: €201,467). Féach ar Nóta 3 chun miondealú a fháil ar an luach saothair agus ar na sochair a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta, féach nóta 6.1 agus nóta 18 le do thoil.

Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir Alt 18 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 agus de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo le linn na bliana. De réir Bheartas Coinbhleachta Leasa an ÚFIÉ, ghabh seisear comhaltaí an Bhoird leithscéal ó chinntí an Bhoird, maidir le tograí deontais éagsúla ÚFIÉ, chun aon coinbhleacht leasa ionchasach nó braite a sheachaint.

18. Táillí agus Costais Chomhaltaí an Bhoird

Íocann an ÚFIÉ táillí agus speansais lena chomhaltaí Boird de réir rialachán agus ciorclán na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Chuir an ÚFIÉ cinneadh an Rialtais i mí an Mhárta 2010 i bhfeidhm maidir le táillí do chomhaltaí Comhlachtaí Stáit. Déantar táillí chomhaltaí an Bhoird a shlánú go dtí an €000 is gaire. Íocadh speansais chomhaltaí an Bhoird de €276 in 2021 (2020: €0).

Board Fees	2021 €'000	2020 €'000
Julie O'Neill	–	3
Michael Wall	3	8
Lisa Ryan	8	8
Peter Brennan	8	8
Joe O'Carroll	8	8
Kate Ruddock	8	8
Justina Corcoran	–	–
Andrew Ennis	7	7
Ann Markey	7	7
Lean Doody	8	8
Dermot Byrne	12	4
Sharon O'Connor	7	3
Iomlán	76	72

19. Léasanna Oibriúcháin – Áitreabh

I rith 2019 d'aistrigh an ÚFIÉ a bpríomhoifig go 3 Plás na Páirce, Sráid Haiste, Baile Átha Cliath 2. Tá léas sínithe ag an ÚFIÉ ar feadh 25 bliana, le héifeacht ón 14 Bealtaine 2018. Déanfar an cíos a athbhreithniú gach cúig bliana, agus beidh an chéad athbhreithniú cúig bliana ó dháta tosaithe an léasa an 14 Bealtaine 2023. Tá fo-oifig ag an údarás freisin i gCorcaigh, i nDún Dealgan agus i Sligeach.

Seo a leanas na híocaíochtaí léasa neamhíosta amach anseo faoi léasanna oibriúcháin do gach ceann de na tréimhsí liostaithe:

	2021 €'000	2020 €'000
LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN		
Laistigh de bhliain amháin	2,006	1,999
Ildir 2 agus 5 bliana	7,971	7,974
Níos mó ná 5 bliana	30,379	32,355
Iomlán	40,356	42,329

Aithnítear íocaíochtaí léasa faoi léasanna oibriúcháin mar speansas thar an tréimhse a fhaigheann an ÚFIÉ leas as an áitreabh.

B'ionann íocaíocht léasa oibriúcháin a aithníodh mar speansas in 2021 agus € 1,952,448 (2020: €1,942,970).

20. Figiúirí comparáideacha

Roinneadh roinnt figiúirí comparáideacha áirithe don bhliain a athghrúpáil agus a chur i láthair arís ar an mbonn céanna leis na cinn don bhliain reatha.

21. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh na Bord na ráitis airgeadais an 30 Márta 2022.



Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Trí Plás na Páirce,
Sráid Haiste Uachtarach,
Baile Átha Cliath 2
Éire D02 FX65

e info@seai.ie
w www.seai.ie
t +353 1 808 2100

 |  |  |  @seai_ie



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland